

Tuarascáil Bhliantúil 2004



An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise, Trade and Employment

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

"Oibriú ar son an Rialtais agus ar son an phobail d'fhonn fostaíocht
den scoth agus iomaíochas na hÉireann a fhorbairt go cothrom"

Tuarascáil Bhliantúil 2004

CLÁR

Tuarascáil Bhliantúil 2004

Brollach leis an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta	5	Infheistíocht Choigríche Dhíreach	23
Réamhrá an Ard-Rúnaí	6	GFT Éireann	23
Leagan Amach na hEagraíochta	7	Cothromaíocht Réigiúnach a Chothú	23
Ár Misean	8	Fiontraíocht Éireann	23
Ár Luachanna	8	GFT Éireann	24
Struchtúr na Roinne	8	Cúnaimh Stáit	24
Galláin ár Straitéise	8	Thuaidh/Theas	25
Ár bPríomhspríocanna	9	Scéimeanna Gnó Spriocdhírthe	26
Anailís Timpeallachta	10	Iasachtaí Beaga Forleathnaithe Gnó	26
Achoimre ar ár Mór-Ghníomhartha i 2004	11	Mná i nGnó	26
		Gradam Fiontar na Mac Léinn	26
FIONTAR, NUÁLAÍOCHT & FÁS	15	Polasaí Fiontar agus an Geilleagar Eolais a Thógáil	26
Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht	16	Grúpa Straitéise Fiontraíochta	26
Cláir Fhiontraíocht Éireann & Fhondúireacht Eolaíochta Éireann	16	Straitéis Riomhghnó	27
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	16	Ról Fhorbairt na Sionainne sa Todhchaí	27
Fiontraíocht Éireann	16	Comhchomhairle le Tionscail	27
GFT Éireann	16	Iomaíochas Náisiúnta	27
Cláir Feasachta Fionnachtana Eolaíochta & Innealtóireachta	16	Moltaí na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais a Chur i bhFeidhm	27
Clubanna Fionnachtana Eolaíochta Bunscoile	17	Trádáil Idirnáisiúnta agus Tuilleamh Eachtrach	28
STAR	17	Ceadúnú Allmhairithe/Onnmhairithe	28
Sraith Teilifíse Scope	17	Cothú ar Onnmhairiú Earraí agus Seirbhísí/Éagsúlú ar Chinn Scribe Onnmhairithe	28
Stáisiún Taiscéalaíochta	17	Árachas Creidmheasa Onnmhairithe agus Aisghabháil Fiacha	29
Fóram Polasaí Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta	17	Athbhreithniú ar Pholasaí Trádála	29
Cion T&F ar son Geilleagar Eolas-Bhunaithe	18	Tionscnaimh Chomhshaoil	29
Plean Náisiúnta Gníomhaíochta T&F mar fhreagra ar Chlár Oibre Líospóin	18	Straitéis Forbartha Inbhuanaithe	29
Comhordú agus Rialú ar ETN	18	Athrú Aeráide	29
Creidmheas Cánach T&F	19	Inbhuaine Iomaíoch	30
Ionad Soghluaiste & Tairseach Éireannach do Thaighdeoirí	19	Saincheisteanna Dramhaíola	30
Ballraíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa	19	Freagracht Shóisialta Chorporáideach	30
Gníomhaíocht TFT Éireannach i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa	20	Inbhuaine Rannach	30
Nearú ar an gCreatlach Dhlíthiúil do Mhaoín Intleachtúil	20	ARDCHAIGHDEÁIN OIBRE & FOGHLAIM	31
Bille na bPaitinní (Leasú)	20	Oiliúint & Fostaíocht	32
Leasú ar an gCeart Foilseáin	20	Maoiniú	32
Aontú ar Acht Pháras as Coinbhinsiún Berne	20	Oideachas Fadsaoil	32
Gníomhaireachtaí Póilíneachta Tionsclaíochta & Fiontar	21	Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna don Todhchaí	32
Fiontair Dhúchasacha	21	Skillnets	33
Forfás	21	Oiliúint In-Chomhlachta	33
Fiontraíocht Éireann	21	Printiseacht	33
Forbairt na Sionainne	22	Cláir Fostaíochta	34
Boird Fiontar Contae	22	Deiseanna do Dhaoine faoi Mhíchumas	34

Imirce	35	Leasa Tomhaltóirí & Iomaíocht a Chothú	42
Ceartha agus Teidlíochtaí Fostaíochta	35	Rialú	42
Reachtaíocht Chearta Fostaíochta	35	Athbhreithniú ar Reachtaíocht Tomhaltóirí	42
Athbhreithniú ar an Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971	35	Grúpa Straitéise Tomhaltóirí	42
Athbhreithniú ar an Acht um Shaoire Cúramóirí 2001	35	Teach Imréitigh don Ghréasán Seachbhreithiúnach Eorpach (EEJ-Net)	43
Athráiteas ar na hAchtanna um Dhíhostú Éagórach 1977 – 1993	35	Tairseach Cosanta Tomhaltóirí	43
Faisnéis agus Comhlíonadh Ceartha Fostaíochta	35	Forfheidhmiú ar Chomhlíonadh – Tomhaltóir	43
An tAonad Faisnéise Ceartha Fostaíochta	35	Pionóis as ucht Reachtaíocht Tomhaltóirí a shárú	43
An tAonad Cigireachta Oibreachais	36	Forfheidhmiú ar Chomhlíonadh – Iomaíocht	43
An tAonad Ionchúisimh agus Forfheidhmithe	36	Údarás Iomaíochta	43
Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta	36	Srianta neamhthuillte ar iomaíocht a bhaint	43
Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde	36	Amicus Curiae i F. Hoffman – La Roche Ltd v Empagran S.A.	43
An Bille um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2004	36	Athchóiriú Árachais	44
Sainghrúpa ar Bhulaíocht sa Láthair Oibre	36	Bord Measunachta Díobhála Pearsanta (PIAB)	44
Dréacht-rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair (Foirgníocht)	37	ARDCHAIGHDEÁIN, LUACH & FEABHAS LEANÚNACH	47
Ionstraimí Reachtúla	37	Ardchaighdeán Seirbhíse Custaiméara	48
Athbhreithniú ar Fhorais Chearta Fostaíochta	37	Cairt Chustaiméara, Plean Gníomhaíochta agus Leibhéil Seirbhíse na Roinne	48
Caidreamh Tionsclaíoch	37	Cairt Chustaiméara	48
Creatlach Reachtúil CT	37	Plean Gníomhaíochta	48
Forais Réitigh Díospóide	38	Taighde Cúraim Chustaiméara	48
Comhpháirtíocht Shóisialta	38	Ina theannta sin, tionscnaimh eile sa réimse TFC, ina measc:	48
Íosphá Náisiúnta	38	Cairt Chustaiméara an Aonaid TF	48
Coiste Creatlaí Náisiúnta ar Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil	38	Grúpa Stiúrtha TFC	48
Fóram um Láthair Oibre na Tódhchái	38	Córas Athnuachana Íocaíochta ar Líne	48
FEABHAS A CHUR AR FHEIDHMIÚ MARGAÍ AGUS AR RIALÚ	39	BASIS	49
Dlí Cuideachtaí	40	Iarratais ar Cheadanna Oibre	49
Oibriú Dlí Cuideachtaí	40	Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta	49
Athbhreithniú ar Dhlí Cuideachtaí	40	Binse Achomhairc Fostaíochta	49
Comhlíonadh ar Dhlí Cuideachtaí	40	Bainistíocht agus Nuachóiriú	49
Fiosrúcháin faoi alt 8 d'Acht na gCuideachtaí 1990	40	Bainistíocht Athraithe	49
Srúduithe faoi alt 19 d'Acht na gCuideachtaí 1990	40	Creat Oibre um Bhainistíocht Faisnéise	50
Ionchúisimh faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2003	40	Bainistíocht Acmhainní Daonna	50
Caihdéáin Iniúchta agus Cuntasáíochta	41	<i>Sustaining Progress</i>	50
Bord Eatramhach an IAASA (Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasáíochta na hÉireann)	41	Comhpháirtíocht	50
Reachtaíocht Seirbhíse Airgeadais	41	Suirbhé ar Thuiscintí agus ar Dhearcadh na Foirne	50
Aonad Dlí Cuideachtaí (Seirbhíse Airgeadais) a bhunú / Bille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 a dhréachtú	41	Comhionannas	51
		50 Cuideachta is fearr 2004	51
		Dílárú	51
		Luach ar Airgead agus Cuntasacht	52

Bainistíocht & Rialú Airgeadais agus Bainistíocht Riosca	52	Straitéis Fostaíochta Eorpach	60
Bainistíocht Airgeadais	52	Cistí Struchtúracha	63
Iniúchadh Inmheánach	52	Ciste Sóisialta na hEorpa	63
Toradh Airgeadais	52	Clár Oibriúcháin um Fhorbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna	63
Bainistíocht Riosca	52	Tionscnamh Pobail EQUAL	63
Plean Straitéiseach um Théarnamh Anachaine	52	Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa	63
OSCAILTEACHT AGUS TRÉDHEARCACHT	52	Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla	63
Tuarascáil Mullarkey	52	Tionscnaimh Fiontar	63
Suíomh Gréasáin	53	Clár Ilbhliantúil Fiontar agus Fiontraíochta (MAPEE)	63
Athbhreithnithe Caiteachais	53	Cairt Eorpach do Mhionfiontair	64
Gréasán Oifige Coigríche Fhiontraíocht Éireann	53	Teistphainéal Eorpach Gnó	64
Clár Maoine GFT Éireann	53	Fionraíocht Tarailfe	64
Athbhreithniú Tras-Rannach ar Thacaí Stáit do Dhaoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach	53	Treoracha & Rialú	64
Athbhreithniú Caiteachais ar Eolaíocht & Teicneolaíocht	54	Rialú níos Fearr	64
Saoráil Faisnéise	54	Idirbheartaíocht/Trasuíomh ar Bhearta AE	64
AN TAONTAS EORPACH	55	Dlí Cuideachtaí	64
Uachtaránacht 2004	56	Sláinte agus Sábháilteacht	66
Iomaíochas	56	Caighdeán	67
Comhairle Iomaíochais an AE	56	Cearta Fostaíochta & Caidreamh Tionsclaíoch	69
Cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí atá freagrach as Iomaíochas	56	Ionstraimí Reachtúla	69
Comhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí	57	Tionscnaimh Chomhshaoil an AE	70
Saincheisteanna Trádála Uachtaránachta	58	Rialachán molta ceimicí an AE (REACH)	70
Dlí Tomhaltóirí agus Cuideachtaí	58	Rialachán Glantaigh	70
Lá Eorpach an Tomhaltóra	58	Treoir Chreatlaí um Éicea-Dhearadh ar Tháirgí Úsáidte Fuinnimh (EuP)	70
Freagracht Shóisialta Chorporáideach	58	Dul i bhFeidhm ar Fhorbairtí Idirnáisiúnta	70
Comhdhálacha/Idirbheartaíocht Eile	58	Eagraíocht Oibreachais Idirnáisiúnta	70
Clár Oibre Liospóin	59	Comhairle na hEorpa	71
Clár Oibre Polasaí Taighde	59	Trádáil Idirnáisiúnta agus Margadh Inmheánach an AE	71
Siompóisiam Bhaile Átha Cliath ar Bhuntaighde	59	Comhbheartas Tráchtála an AE	71
Tátail na Comhairle Iomaíochais ar Bhuntaighde Márta 2004	59	Margadh Inmheánach an AE	71
Forbairt ar Pholasaí Spáis an AE	59	Cur i bhFeidhm ar an Straitéis Margaidh Inmheánaigh	71
Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht	60	Dréacht-Threoir um Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach	72
Rannpháirtíocht sa Séú Clár Creatlaí	60	Clár Solvit ar bhaint na gconstaicí sa Mhargadh Singil	72
Rannpháirtíocht mhéadaithe in Éirinn i dtaighde FP6	60	Taix (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Eolais)	72
Seoladh ar an bpróiseas comhchomhairle náisiúnta do FP7	60		

BROLLACH LEIS AN AIRE FIONTAR, TRÁDÁLA & FOSTAÍOCHTA

Bliain rathúil a bhí i 2004 do gheilleagar na hÉireann. Lean an geilleagar domhanda ag teacht chuige féin i gcaitheamh na bliana, agus sa bhaile, lean an treocht rathúil a bhí ann le blianta beaga anuas ar aghaidh le fás leanúnach san OTI a measadh a bheith ag 5.3%. Ag leibhéal náisiúnta, chonaiceamar treocht aníos i rátaí fostaíochta, a léiríonn an feabhas i gcoinníollacha eacnamaíochta a bhí i réim le blianta beaga anuas. Lean an mheasarthacht a bhí sa ráta boillsithe le linn 2003 isteach i 2004, le hlinnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí ag 2.2 faoin gcéad ar an meán don bhliain mar aonad iomlán. Ina theannta sin, ábhar misnigh a bhí san fhianaise go bhfuil infheisteoirí ón gcoigríoch ag féachaint go dearfach i gcónaí ar an tír seo mar go bhfacthas teacht aniar in infheistíocht choigríche dhíreach sna réimsí rialaithe agus cánach atá fabhrach do ghnó. Mar Roinn Rialtais a bhfuil ról lárnach aici i bpolasaí eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann, bhí tionchar dearfach nach beag againn ar an rath leanúnach a bhí orainn go náisiúnta le linn 2004, mar a léirítear sa tuarascáil seo.

Is tábhachtach dúinn cur leis seo, agus muid ag dul chun cinn, chun a chinntiú go n-éireoidh le hÉirinn agus í ag iarraidh tacú le sochaí eolas-bhunaithe a chruthú. Teastaíonn ó mo Roinn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo agus é i gceist againn a dheimhniú go gcuirimid leis an bhfás atá ag tarlú faoi láthair chun sinn a stiúradh ar bhealach a chinnteoidh go mbeidh rath orainn go leanúnach sna blianta amach romhainn.

Chonacthas forbairtí suntasacha áirithe i 2004 agus, cé go bhfuil tábhacht leo go gearrthéarmach agus go meántéarmach, feicfear an toradh is mó orthu thar tréimhse níos faide. I gcaitheamh 2004, rinneadh forbairt ar threo nua dár gclár oibre polasaí fiontar le foilsíú thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta, "Ahead of the Curve". Áiríonn an tuarascáil seo na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an earnáil fiontar in Éirinn sa deich mbliana atá romhainn agus na céimeanna is gá a thógáil chun iomaíochas níos fearr a bhaint amach. Rinne an Rialtas faomhadh ar an bPlean Gníomhaíochta agus táthar á leanúint go gníomhach. Is plean é ar chuir mise tús lena fhorbairt chun moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta a chur i ngníomh lena chinntiú go gcuirimid ár láidreachtaí in oiriúint agus go ndéanaimid forbairt orthu ionas go mbeidh rath orainn sa gheilleagar domhanda.

Forbairt shuntasach eile a rinne mo Roinn le linn 2004 ná creatlach a chruthú chun méadú a dhéanamh ar thaighde agus forbairt (T&F) agus chun iomaíochas a threisiú. San áireamh anseo tá tabhairt isteach ar Chreidmheas Cánach

T&F 20% chun infheistíocht a spreagadh agus chun deimhin a dhéanamh de go n-aithnítear Éire mar gheilleagar atá chun tosaigh sna réimsí taighde agus nuálaíochta. Ina theannta sin, cuideoidh forbairt Phlean Gníomhaíochta T&F na hÉireann (Building Ireland's Knowledge Economy) 2010 agus bunú na struchtúr nua chun cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta a ghriósú, ceapachán an Ard-Chomhairleora Eolaíochta san áireamh, go mór lena chinntiú go leanfaidh iomaíochas na hÉireann ar aghaidh sna blianta amach romhainn.

Cuireadh críoch le hAthbhreithniú ar na Comhlachtaí Cearta Fostaíochta in Aibreán 2004. Rinneadh méid áirithe moltaí, atá dírithe ar fheabhas a chur ar fheidhmiú na gcomhlachtaí cearta fostaíochta ag leibhéal oibríochtaí agus straitéiseach. Mar thoradh ar na moltaí seo, tháinig an Rialtas ar réiteach maidir le clár gníomhaíochta, ar mholadh uaimse, a chuideoidh le simpliú agus nuachóiriú a dhéanamh ar ghnáthaimh agus a thabharfaidh trédhearcacht níos fearr agus cumas rochtana éasca do gach duine a bhaineann leas as seirbhísí na gcomhlachtaí cearta fostaíochta.

Thosaigh an Roinn ar leasú uailmhianach ar an reachtaíocht tomhaltóirí atá ann faoi láthair le linn 2004. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcorpas iomlán de dhlíthe tomhaltóirí, atá i gceist a chomhdhlúthú i gcnuasach dlíthe nua-aimseartha, achomair agus sothuigthe, ag teacht go mór le corpus dlí tomhaltóirí an AE atá ag dul i méid i gcónaí. Tabharfaidh sé seo cinnteacht i bhfad níos mó do thomhaltóirí faoina gcearta, a ndualgais agus na rudaí a bhfuil siad ina dteideal, agus déanfaidh sé laghdú suntasach ar na deacrachtaí atá ann faoi láthair do lucht gnó, do thomhaltóirí agus d'údarais feidhmithe. Cuirfear an tionscnamh i bhfeidhm sna blianta atá romhainn agus cloíonn sé leis na prionsabail ar rialú níos fearr, agus leis an bhfócas láidir atá agamsa ar an tomhaltóir.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo cur síos ar na gníomhaíochtaí líonmhara agus éagsúla ag an Roinn le linn 2004 agus leagann sé amach go pointe áirithe obair leanúnach na Roinne thar tréimhse ama níos fadtéarmaí. Leis sin agus leis an Ráiteas Straitéise a foilsíodh le déanaí, a chluadaíonn an tréimhse 2005-2007, is léir go bhfuil mo Roinn ag cur go suntasach leis an rathúnas náisiúnta.



Micheál Martin

RÉAMHRÁ AN ARD-RÚNAÍ

Tá Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do 2004 bunaithe ar ghníomhaíochtaí leagtha amach de réir na gcúig ghallán leagtha síos inár Ráiteas Straitéise 2003 – 2005: Fiontar, Nuálaíocht & Fás; Ardchaighdeáin Oibre & Foghlaim; Feabhas a chur ar Fheidhmiú Margái & ar Rialú; Ardchaighdeáin, Luach & Feabhsú Leanúnach; agus an tAontas Eorpach. Ó ceapadh an tAire Micheál Martin TD mar cheann ar an Roinn seo i Meán Fómhair 2004, rinneadh forbairt ar Ráiteas Straitéise nua don Roinn don tréimhse 2005 – 2007, agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais é. Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil seo críoch, dá bhrí sin, leis an bpróiseas tuairiscithe maidir leis na spriocanna agus na cuspóirí leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2003 – 2005 agus léiríonn sé an dul chun cinn nach beag a rinneadh le linn 2004 maidir le baint amach na spriocanna agus na gcuspóirí sin.

Bhí dúshlán ar leith ann don Roinn i 2004. Gné lárnach dár gcuid gnó sa chéad sé mhí den bhliain ab ea Uachtaránacht na hÉireann ar an AE rud a d'éiligh leibhéal ard dúthrachta agus comhoibrithe ó gach cuid den Roinn. Chonacthas freisin, le linn ár nUachtaránachta, deich mBallstát nua ag teacht isteach san Aontas Eorpach i mBealtaine 2004, rud a thug dúshlán agus deiseanna eile dá gcuid féin dúinn. Cuireann sé áthas orm a rá go raibh baint an-mhór ag ionchur fiúntach na Roinne seo san Uachtaránacht leis an rath a bhí air sa tréimhse sin agus tá sé ráite go forleathan gur éirigh thar barr leis.

Rinne an Roinn iarracht i gcónaí a chinntiú go gcuirimid seirbhís den chéad scoth ar fáil dár gcustaiméirí. I measc na gníomhaíochtaí le linn 2004 a rinneadh chun a chinntiú gur chomhlíonamar an gealltanas seo bhí críochnú an athbhreithnithe ó bhonn ar Chomhlachtaí Cearta Fostaíochta agus an comhaontú ar chlár gníomhaíochta chun cabhrú le go mbeadh fáil éasca ag gach duine a úsáideann iad ar sheirbhísí na gcomhlachtaí sin. Lean an obair ar aghaidh freisin ar fhorbairt ar chórais chun íocaíochtaí Dócmhainneachta agus Iomarcaíochta a thapú. Tugann bunú PIAB (An Bord Measúnachta Diobhála Pearsanta) cumas níos tapúla agus níos éifeachtaí, freisin, chun cúiteamh a íoc, rud a fhágann nach gá dul chun dlí i gcásanna nach bhfuil ceisteanna dlíthiúla mar chnámh spairne iontu agus laghdaíonn sé seo na costais a ghabhann le cúiteamh a dhéanamh le daoine atá ag fulaingt de bharr tionóisce.

Mar chuid den iarracht leanúnach ag an Roinn feabhas a chur agus cothú a dhéanamh ar na caighdeáin chearta is airde, ar theidliochtaí agus ar choinníollacha sa láthair oibre, bunaíodh sainghrúpa i 2004 chun éifeacht na

mbearta reatha a mheas maidir le cosc ar bhulaíocht sa láthair oibre; feabhsúcháin ar ghnáthaimh a aithint; agus conas dul i ngleic leis an méid a chuireann bulaíocht sa láthair oibre le minicíocht struis ag obair. Foilsíodh tuarascáil agus moltaí an Ghrúpa le déanaí. Tá comhchomhairle leis na Páirtithe Sóisialta curtha sa tsiúl ag an Aire agus d'iarr sé breathnuithe an phobail sula gcuireann sé aighneacht faoi bhráid an Rialtais.

Forbairt an-tábhachtach inár gclár díláraithe a tháinig chun cinn i 2004 ab ea roghnú ar shuíomh le háireamh i mbaile Cheatharlaigh ar a dtógfar ár n-oifigí úra.

Gné ar leith dár gcuid oibre i 2004 ab ea an obair ar 300 post a dhílárú go Ceatharlach, fad a choinníomar an leanúnachas gnó is fearr i gcónaí laistigh de na Rannóga gnó a bhí ag aistriú agus ag cinntiú go gcoinneofaí ardleibhéal seirbhíse custaiméara. Dúshlán ar leith a bheadh anseo dár bhfoireann oibre in a lán réimsí den Roinn sna blianta atá romhainn.


Le linn 2004 áiríodh an Roinn, don dara bliain as a chéile, ar cheann den 50 fostaitheoir is fearr sa chomórtas “Best Companies to Work For in Ireland” atá mar chuid de thionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a beartaíodh chun aird a tharraingt ar na hionaid oibre forásacha mórthimpeall na hEorpa. Táim thar a bheith bródúil as an ngaisce seo, go háirithe toisc go raibh sé bunaithe ar dhearcadh na foirne sa Roinn ar réimse leathan saincheisteanna, foireann a ndearnadh suirbhé orthu ar bhonn anaithnid.

Beidh dúshlán eile romhainn sa Roinn i 2005 agus muid ag tabhairt faoi chomhlíonadh na ngealltanas atá inár Ráiteas Straitéise nua fad a dhéanaimid cothú agus cur leis na spriocanna a baineadh amach i 2003. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa Roinn as ucht a gcomhoibriú agus a ndian-obair chun a chinntiú go sroicfí na spriocanna seo agus táim cinnte, lena dtacaíocht agus a ndúthracht gan staonadh, go sáróimid na dúshláin nua seo agus muid ag dul chun cinn.



M. Martin

LEAGAN AMACH NA HEAGRAÍOCHTA



Bord Bainistíochta na Roinne

Ar cúl (clé go deas) Seamus O'Morain, Margo Monaghan, Brian Whitney, Ronald Long, John Walsh, Martin Shanagher

Chun tosaigh (clé go deas) Dermot Mulligan, Sean Gorman (Ard-Rúnaí), Clare Dunne, Ned Costello

ÁR MISEAN

Obair ar son an Rialtais agus an phobail d'fhonn iomaíochas na hÉireann agus fostaíocht den scoth a fhorbairt go cothrom

Tá páirt thábhachtach ag an Roinn i gclár oibre iomaíochais eacnamaíoch na tíre. Tá ár bpolasaithe dírithe ar scileanna an lucht oibre a fheabhsú, deiseanna inbhuanaithe fostaíochta a sholáthar, timpeallacht a chruthú ina mbeidh rath ar an bhfiontraíocht, an infheistíocht i dTaighde & Forbairt a chur chun cinn, coinníollacha ar an láthair oibre a fheabhsú, agus cuimsitheacht shóisialta a fheabhsú.

Ár Luachanna

Tá ár gcur chuige san idirghníomhaíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara – An Rialtas agus an tOireachtas, baill den phobal, eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile agus ár bhfoireann inmheánach – bunaithe ar ár gcroíluchanna¹:

- Cothroime agus Urraim
- Oscailteacht agus Trédhearacht
- Solúbthacht agus Freagrúlacht
- Comhpháirtíocht agus Comhchomhairle
- Freagracht
- Inspreagadh agus Feidhmíocht
- Seirbhís
- Gairmiúlacht

Struchtúr na Roinne

Seo a leanas seacht rannóg na Roinne, agus iad ailínithe le cúig ghallán ár Ráitis Straitéise 2003-2005:

Fiontar agus Gníomhaireachtaí

- Iomaíochas agus Gnóthaí Idirnáisiúnta
- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachtúil
- Forbairt ar an bhFórsa Oibre
- Cearta Fostaíochta & Caidreamh Tionsclaíoch
- Dlí Cuideachtaí, Iomaíocht agus Polasaí Tomhaltóirí
- Seirbhísí Corparáideacha agus Polasaí Eacnamaíoch

Galláin ár Straitéise

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo bunaithe ar ghníomhaíochtaí atá ailínithe leis an gcúig ghallán atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2003-2005. Is iad sin:

Gallán a hAon Fiontar, Nuálaíocht, Fás, lena n-áirítear tionscnaimh a bhaineann le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, Maoin Intleachtúil, taighde, polasaí fiontraíochta, polasaí tionsclaíoch agus iomaíochas;

Gallán a Dó Ardchaighdeáin Oibre & Foghlaim, lena n-áirítear soláthar ar thacaí fostaíochta, ar cheadanna oibre agus inimirce, agus ar chearta & teidlíochtaí fostaíochta;

Gallán a Trí Feabhas a Chur ar Fheidhmiú Margaí agus ar Rialú, lena n-áirítear ról na Roinne sa chlár athchóirithe árachais, iomaíocht, tomhaltóirí, agus Cuideachtaí agus Dlí Cuideachtaí;

Gallán a Ceathair Ardchaighdeáin, Luach agus Feabhsú Leanúnach, a bhaineann go príomha le seirbhísí inmheánacha agus seachtracha tacaíochta a sholáthar, lena n-áirítear straitéis agus pleanáil, bainistíocht athraithe, bainistíocht acmhainní daonna, córais faisnéise, seirbhísí ar ardchaighdeán do chustaiméirí, agus bainistíocht & rialú airgeadais;

Gallán a Cúig An tAontas Eorpach, agus Uachtaránacht na hÉireann air i 2004, méadú an AE, leasú bunreachtúil agus institiúideach an AE, treoracha, trádáil idirnáisiúnta, agus na saincheistanna as an gcéad cheithre ghallán a bhaineann go díreach leis an Aontas Eorpach.

¹ Féach Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne 2005-2007

Ár bPríomhspríocanna

Tá roinnt spríocanna ard-leibhéal rangaithe faoi gach ceann de ghalláin ár Ráitis Straitéise 2003-2005, agus iad mar bhonn d'obair na Roinne don tréimhse sin. Is iad seo leanas na príomhspríocanna:

Gallán a hAon Fiontar, Nuálaíocht, Fás

- Tabharfar tús áite don infheistíocht in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht agus d'fhorbairt sochaí eolais.
- Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar pholasaithe tionsclaíocha agus ar idirghabháil, i gcomhthéacs na n-athruithe sa timpeallacht iomaíoch, forbairtí maidir le heacnamaíocht an oileáin uile agus an gá atá le cothromaíocht réigiúnach. Cuirfimid athruithe i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Ceapfar polasaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad chun an timpeallacht iomaíoch a fheabhsú d'fhonn gnólachtaí iomaíocha a bhunú agus a fhorbairt, agus infheistíocht choigríche dhíreach & forbairt inbhunaithe a choinneáil.

Gallán a Dó Ardchaighdeán Oibre & Foghlaim

- Cinnteoidimid go bhfreagraíonn polasaí an mhargaidh fostaíochta do na hathruithe sna riachtanais scileanna agus tabharfar tús áite don infheistíocht a sholáthraíonn poist níos fearr, oideachas fadsaoil do chách agus a chuirfidh feabhas ar chuimsitheacht shóisialta.
- Cuirfear feabhas ar chaighdeán fostaíochta trí chearta agus teidlíochtaí fostaíochta a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm, trí shíocháin thionsclaíoch a chur chun cinn agus díospóidí a réiteach go héifeachtach.

Gallán a Trí

Feabhas a Chur ar Fheidhmiú Margái agus ar Rialú

- Feidhmeoidimid go comhaontaithe chun an rialú is cothroime a chinntiú, agus ionas go gcuirfear é i bhfeidhm go héifeachtach; d'fhonn tráchtáil a spreagadh agus iomaíochas, muinín gnó agus leas na saoránach a chinntiú.
- Déanfar iomaíocht a chur chun cinn i ngach earnáil agus cinnteofar go mbainfear an leas is mó as oibriú cóir, éifeachtach an mhargaidh.

Gallán a Ceathair Ardchaighdeán, Luach agus Feabhsú Leanúnach

- Cinnteoidimid go mbeidh luach airgid le fáil as na hacmhainní a chuirtear faoinár gcúram. Méadóimid ár scileanna agus ár gcumais chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhís ár gcustaiméirí agus na bpáirtithe leasmhara ag gach leibhéal.

Gallán a Cúig

An tAontas Eorpach

- Oibreoidimid go réamhghníomhach laistigh den Aontas Eorpach agus laistigh de na struchtúir institiúideacha intíre:
 - Chun ár spríocanna straitéiseacha a bhaint amach, is é sin go mbeadh an Eoraip ar an ngeilleagar is iomaíche ar domhan, le poist agus comhtháthú sóisialta níos fearr, agus
 - Chun timpeallacht trádála agus infheistíochta níos liobráláí a chruthú.

ANAILÍS TIMPEALLACHTA

D'fhoilsigh an Roinn Ráiteas Straitéise le gairid don tréimhse 2005-2007. Faoi réir ag na treoirlínte a d'eisigh Roinn an Taoisigh, déanann an Ráiteas Straitéise nua mionchur síos ar an straitéis don tréimhse sin. Leagan sé amach na coinníollacha bunúsacha, agus na príonsabail atá laistiar dár bpríomhspricanna, dár gcuspoirí agus dár ngníomhaíochtaí straitéiseacha.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo bunaithe ar Ráiteas Straitéise na Roinne 2003-2005, agus tugann sí tuairisc ar obair na Roinne chun na spriocanna sin a bhaint amach agus na gníomhartha straitéiseacha atá leagtha mach sa cháipéis sin a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin tá an Tuarascáil Bhliantúil seo faoi réir ag na gníomhaíochtaí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2003-2005, agus faoi thionchar ag na coinníollacha eacnamaíocha a bhí i réim le linn 2004.

Bhí an geilleagar domhanda fós ag teacht chuige féin i 2004. Lean rátaí fás OTI ag méadú i gcónaí, ó 3.7% i 2003 go tuairim is 5.3% i 2004; táthar ag súil go leanfaidh fás OTI ag an ráta níos airde seo go ceann trí bliana eile. Bhí an margadh fostaíochta ag fás go tréan chomh maith. Lean an fás fostaíochta i rith na bliana, le méadú 3.6% ar 2003, ionas go raibh ráta iomlán fostaíochta sa cheathrú ráithe 2004 ag 66.7%, sin méadú go 1,894,100. Is féidir comparáid fhabhrach a dhéanamh idir seo agus ráta an AE25 i 2004, 63.2%. Mhéadaigh páirtíocht na mban sa bhfórsa oibre chomh maith le linn 2004, mar a tharla le blianta beaga anuas. Bhí fostaíocht na mban ag ráta 57.2% i 2004, i gcomparáid le meánráta an AE25, 55.7%. Mhéadaigh fostaíocht dhaoine níos aosta (aoisghrúpa 55-64) chomh maith, agus tá sé ag 48.8% faoi láthair, i gcomparáid leis an meánráta AE25, 40.35%. Thit difhostaíocht tuairim is 300 i rith na bliana, go dtí an ceathrú ráithe 2004, go 85,600, nó 4.3%, i gcomparáid leis an ráta AE25, 9%. Cé go raibh mionardú sa difhostaíocht fhadtéarmach ó 1.4% go 1.5% sa cheathrú ráithe 2004, tá an difhostaíocht fhadtéarmach an-íseal de réir na gcaighdeán stairiúil agus idirnáisiúnta.

Bhí tionchar ag ballraíocht a ghlac deich mballstát nua san Aontas Eorpach ar an 1 Bealtaine 2004 ar obair intire na Roinne agus ar a cuid oibre san AE. Tá deiseanna tábhachtacha cruthaithe ag an AE méadaithe d'Éirinn, ina measc sin tá teacht ar líon méadaithe oibríthe agus teacht níos éasca ar mhargáí idirnáisiúnta. Soláthraíonn sé dúshlán thábhachtacha don todhchá, go háirithe maidir le

feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú agus a fheabhsú. Chomh maith leis sin, tá dúshlán tábhachtach i ndán don Roinn mar gheall ar na deacrachtaí loighisticiúla agus riaracháin atá ann dár gcuid oibre san AE. Tá sé seo fíor go háirithe maidir leis an gCoimisiún, leis an gComhairle agus leis an bParlaimint toisc an méadú i líon na mballstát, go háirithe ó thaobh chumas na hÉireann dul i bhfeidhm ar fhorbairtí ginearálta an AE in Aontas Eorpach méadaithe.

Tar éis droch-bhliain onnmhairithe i 2003, mar ar thit méid na n-onnmhairí 0.8%, tháinig feabhas ar an scéal i 2004 agus d'fhás méid na n-onnmhairí 5.6%.

I 2004 d'fhan an ráta boilscithe ag ráta measartha, measarthacht a thosaigh i 2003, le meán 2.2% ag Innéacs Praghasanna do Thomhaltóirí don bhliain iomlán.

I dtuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta "Ahead of the Curve", a foilsíodh i 2004, fuarthas amach go raibh bagairtí go leor ann do gheilleagar na hÉireann in ainneoin a nirt, agus gur ghá dul i ngleic leo. Tá bonn íseal costais á ofráil ag geilleagair atá ag forbairt agus is dlúthchuid iad sin anois den iomaíocht dhomhanda do mhargáí agus d'infheistíocht soghluaiste, fad is atá méadú mór tagtha ar bhonn costais na hÉireann. Tá aithris á dhéanamh ag tíortha atá san iomaíocht linn ar réimeas íseal cánach corparáidí na hÉireann. Cuirfidh teorannacha nua ar Chúnamh Stáit ón AE srian ar chumas na hÉireann tacaíocht a thabhairt d'fhiontair úra. Leag an Grúpa Straitéise Fiontraíochta deiseanna fiontar nua meántéarmacha amach don gheilleagar. Is féidir an fhís atá ag an nGrúpa do gheilleagar fás-dhírthe, ag díriú ar mhargáí nua agus ar tháirgí bunaithe ar an teicneolaíocht, a bhaint amach trí mheán cur chuige nua i leith forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí. Is fada ó aithníodh i bpolasaithe eacnamaíocha na hÉireann go gcaithfidh gnólachtaí dúchasacha a bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta.

Lean an Roinn uirthi ag tacú le forbairt ar Fhiontair Bheaga agus Mheánacha na hÉireann i rith 2004 trínár nGníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann agus Boird Fiontar Cathrach agus Contae ina measc. Dhírigh Fiontraíocht Éireann go háirithe ar onnmhairiú a mhéadú, nuálaíocht agus T&F a dhaingniú, agus naisc níos láidre a fhorbairt leis an ngeilleagar domhanda, agus bhí dea-thorthaí air sin le linn 2004. Tá an leibhéal FDI (Infheistíocht Choigríche Dhíreach) in Éirinn ar cheann de

na leibhéal is airde ar domhan. Tá dea-thoradh chomh maith ar an bhfócas níos mó atá á chur ag Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann (GFT Éireann) ar chaighdeán na bpost, agus tá tuarastal níos mó ná €37,000 sa bhliain á íoc in aghaidh an phoist i gcás níos mó ná leath na bpost nua. Lean GFT Éireann leis ag mealladh Infheistíocht Choigríche Dhíreach go hÉirinn agus gnóthaidh fostaíocht ardluacha dá bharr; dhírigh cuid mhaith d'obair GFT Éireann i 2004 ar infheistíocht a ghnóthú in oibríochtaí straitéiseacha infheisteora i réimsí gníomhaíochta Ceanncheathrú (HQ), T&F agus i bhfeidhmeanna ardleibhéal gnó eile.

Diríodh i gcónaí i 2004 ar an sprioc a d'aontaigh Comhairle Eorpach Liospóin i 2000, go mbeadh an Eoraip "ar an ngeilleagar is fuinniúla, is iomaíche agus is eolas-bhunaithe ar domhan, le tuilleadh fostaíochta agus poist níos fearr agus le comhtháthú sóisialta níos mó". Le linn 2004, lean an Roinn lena hiarracht an Margadh Inmheánach a chur i gcrích, chun tionscnaimh a chur ar bun d'fhonn sprioc idirmheánach fostaíochta 67% a bhaint amach faoi 2005 agus 70% faoi Chlár Oibre Liospóin 2010, agus chun an sciar den OTI a chaitear ar T&F a mhéadú.

Cuireadh creatlach ar fáil chun taighde agus forbairt a mhéadú agus chun cur le hiomaíochas ar fud an rialtais le Creidmheas Cánach T&F 20% a cuireadh i bhfeidhm i 2004, le foilsiú Phlean Gníomhaíochta T&F na hÉireann agus le bunú struchtúir nua chun an plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, agus cuideoidh siad sinn linn ár sprioc a bhaint amach – 2.5% den OTI a infheistiú i T&F faoi 2010.

Bhí timpeallacht dhearfadh caidrimh thionsclaíoch fós ann i 2004, cailleadh níos lú laethanta ná riamh agus cuireadh níos lú díospóidí sa tsiúl ná mar a tharla ó tosaíodh ar staitisticí a thiomsú i 1923.

Bhí ról tábhachtach ag creatlach reachtúil Cearta Fostaíochta agus Caidrimh Thionsclaíoch i gcothú na cobhsaíochta sa mhargadh fostaíochta le linn 2004. Aithnítear agus glactar go forleathan leis na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann le daingne fostaíochta, le caidreamh comhaontaithe fostaíochta i dtéarmaí caidreamh comhoibrítheach ar an láthair oibre, le solúbthacht inmheánach níos mó, le glacadh le hathruithe

teicneolaíocha, le forbairt carnach ar scileanna agus le níos mó dreasachtaí le go ndéanfaí infheistiú in acmhainní daonna. Bíonn ionchur ag reachtaíocht agus ag polasaí Cearta Fostaíochta agus Caidrimh Thionsclaíoch maidir le gach ceann de na cúinsí seo, mar go mbíonn fostaíthe a bhaineann taitneamh as coinníollacha maithe oibre níos táirgiúla agus bíonn siad toilteanach glacadh le hathruithe. Cuireadh an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 leis an tsraith reachtaíochta sa réimse seo i 2004. Is é príomhchuspóir an Achta ná feabhas a chur ar na gnáthaimh atá ann cheana féin chun díospóidí a réiteach sa chás nach bhfuil socruithe i bhfeidhm don chaibidlíocht chómhargála (collective bargaining).

Bhí rath chomh maith ar idirbheartaíocht na dtéarmaí pá agus saincheisteanna a bhaineann leis an láthair oibre a tharla i mí Meithimh 2004, mar atá leagtha amach i gCuid a Dó de *Sustaining Progress*, agus chuir sé creatlach ar bun don chobhsaíocht leanúnach sa chaidreamh thionsclaíoch.

Le foilsiú an Pháipéir Bháin "Rialú níos Fearr" ag Roinn an Taoisigh leagadh amach gormchló do reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach sa todhchaí. Tá rialú níos fearr rithábachtach don iomaíochas náisiúnta, go háirithe a riachtanas, a chomhréireacht agus a chomhsheasmhacht a chinntiú. Cloifidh tionscnaimh reatha na Roinne agus tionscnaimh na todhchaí go dlúth leis na prionsabail atá leagtha amach sa Pháipéar Bán. Chuir an Roinn tionscadail shuntasacha reachtúla chun cinn i rith na bliana. I measc na dtionscadal sin rinneadh breis oibre ar Acht Cuideachtaí nua a bhunú, ar thionscadal Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair, agus ar ár rannpháirtíocht sa tionscadal piolótach RIA (Anailís Éifeachta Rialaitheach).

Déanann an Roinn a dícheall láthair oibre ar ardchaighdeán a sholáthar dár n-oifigigh uile. Áiríodh muid don tríú bliain as a chéile ar cheann den '50 comhlacht is fearr in Éirinn chun feidhmiú ann mar fhostaí". Bunaíodh torthaí an ghradaim ar shuirbhé i measc fhostaithe na Roinne agus ar shuirbhé ar chultúr agus ar pholasaithe AD na Roinne, rud a dhearbhaíonn an rath atá orainn maidir lenár gcumais agus lenár scileanna a fhorbairt, agus cuireann sé an Roinn go daingean i measc na bhfostóirí is fearr sa tseirbhís phoiblí.

ACHOIMRE AR ÁR MÓR-GHNIOMHARTHA I 2004

Bliain rathúil ab ea 2004 don Roinn. Cuireadh an-chuid de na mórspriocanna agus de na gníomhaíochtaí straitéiseacha chun cinn nó i gcrích go hiomlán. Déanann an Tuarascáil Bhliantúil seo cur síos ar na gníomhaíochtaí ar tugadh fóthu agus ar thorthaí obair na Roinne i rith na bliana, agus, nuair is cuí, tugann sé sonraí breise maidir le cuid de na príomhthorthaí a baineadh amach i 2005 a leanann ar aghaidh ó obair a rinneadh le linn 2004.

Tá cur síos thíos ar chuid de na mór-ghníomhartha is suntasaí a baineadh amach i 2004.

Gallán a hAon Fiontar, Nuálaíocht, Fás

Chuir an **Grúpa Straitéise Fiontraíochta** a thuarascáil agus a chuid moltaí faoi bhráid an Tánaiste i mí Iúil. Diríonn na moltaí sa tuarascáil ar shaineolas seanbhunaithe na hÉireann sa déantúsaíocht a nascadh le cumas cuimsitheach i ndíolachán & margáíocht agus i dtaighde & forbairt. Cuireadh Coiste Ardleibhéil ar bun, faoi chathaoirleacht na Roinne seo, nuair a seoladh an tuarascáil, d'fhonn feidhmiú mholtaí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta a chur chun cinn. Thuairiscigh an Coiste don Rialtas go luath i 2005 ar na modhanna ab fhéarr chun moltaí polasaí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta a chur i bhfeidhm agus d'fhógair an tAire Plean Gníomhaíochta le gairid chun an próiseas seo a sheachadadh.

Cuireadh creatlacha ar bun i 2004 chun taighde agus forbairt a mhéadú agus iomaíochas a bhreisiú ar fud an rialtais. Ina measc bhí cur i bhfeidhm ar Chreidmheas Cánach T&F 20%, Plean Gníomhaíochta T&F 2010 na hÉireann a fhorbairt (Building Ireland's Knowledge Economy) agus cuireadh struchtúir nua ar bun chun cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta a chothú (Príomhchomhairleoir Eolaíochta, Coistí Idir-rannacha agus Caibinéid T&F) chomh maith le sprioc infheistíochta 2.5% den OTI i T&F a bhaint amach faoi 2010.

Ritheadh reachtaíocht a cheadaigh an **creidmheas cánach T&F** ar 1 Eanáir 2004, agus ceadaíonn sé do chomhlachtaí faoiseamh cánach 20% a éileamh ar a n-infheistíocht charnaithe ar T&F. Ní bhaineann sé seo le taighde bunúsach agus feidhmeach amháin, ach le forbairt thrialach chomh

maith, gníomhaíocht atá thar a bheith tábhachtach do chuideachtaí Éireannacha, agus ba chóir go gcabhródh sé go mór chun an méid taighde agus forbartha a dhéanann cuideachtaí in Éirinn a mhéadú.

Foilsíodh **straitéis nua Ríomhghnó náisiúnta** ar an 30 Nollaig 2004. Is í aidhm na straitéise seo ná Fiontair Bheaga agus Mheánacha agus mionfhiontair atá lasmuigh de na hearnálacha a bhaineann le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a spreagadh agus cabhrú leo TFC a úsáid ar bhealach a uasmhéadóidh a mbunáiste iomaíoch. Tá sraith de mholtaí sa straitéis faoin obair a dhéanfaidh an Roinn, i gcomhar leis na gníomhaireachta forbartha fiontraíochta, chun na constaicí seo a shárú.

Ar an 6 Meán Fómhair 2004, **aistríodh freagracht as Baile na Sionainne ó Fhorbairt na Sionainne go Comhairle Contae an Chláir**, cuspóir a bhí ag an Roinn agus ag an Rialtas le fada. Leis an aistriú freagrachta is féidir le Comhairle Contae an Chláir an baile a riaradh agus is féidir leis an mbaile leas a bhaint as seirbhísí an údaráis áitiúil, m.sh. scéimeanna maoinithe, mar a dhéanann gach baile eile sa tír.

Gallán a Dó Ardchaighdeáin Oibre & Foghlaim

Tar éis na hoibre a rinne an **Tascfhórsa chun Bulaíocht ar an Láthair Oibre a chosc**, bunaíodh sainghrúpa i 2004 chun: measúnú a dhéanamh ar éifeacht na mbearta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le bulaíocht a chosc ar an láthair oibre, feabhsúcháin i ngnáthaimh a aithint, agus bealaí a fháil chun iarmhairtí na bulaíochta ar an láthair oibre a réiteach, an brú a eascraíonn as an mbulaíocht sin san áireamh.

Cuireadh athbhreithniú i gcrích i mí Aibreáin 2004 ar Comhlachtaí Cearta Fostaíochta, a thionscain an Roinn mar chuid den Chlár Rialtais. De réir na tuarascála bhí an córas ró-chasta agus ró-dhlíthiúil, agus rinneadh roinnt moltaí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí cearta fostaíochta a fheabhsú ar leibhéal oibriúcháin agus ar leibhéal straitéiseach. Mar fhreagra ar mholtaí an ghrúpa athbhreithnithe tá clár gníomhaíochtaí aontaithe ag an Rialtas, a éascóidh simpliú agus nuachóiriú na ngnáthamh agus a chuirfidh níos mó trédhearcachta agus éascaíochta rochtana ar fáil d'úsáideoirí uile na seirbhísí ó na comhlachtaí Cearta Fostaíochta.

Rinne an Roinn dul chun cinn sa bhreis i 2004 ar an Scéim nua **Fóirdheontais Pá (WSS)**, atá dírithe ar chabhrú le daoine faoi mhíchumas fostaíocht a fháil. D'éirigh leis an iarracht breis maoinithe a fháil chun WSS nua a thabhairt isteach ar bhonn piolótach trí bliana faoin bpróiseas meastacháin do 2005.

Rinne an Roinn dul chun cinn sa bhreis i 2004 ar an Scéim nua **Tacaíochta Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (FTESS)**, atá dírithe ar chabhrú le daoine faoi mhíchumas fostaíocht a fháil. D'éirigh leis an iarracht breis maoinithe a fháil chun FTESS nua a thabhairt isteach ar bhonn piolótach trí bliana faoin bpróiseas meastacháin do 2005.

Bhí dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag an Roinn – agus ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta – chun na moltaí atá leagtha amach i dTuarascáil an Tascfhórsa ar Oideachas Fadsaoil a bhaint amach, a dhíríonn ar an rochtain ar oiliúint a chothú agus a fheabhsú, ar fhorbairt scileanna nua, ar cháilíochta aitheanta a fháil agus ar bhaint amach cáilíochtaí ardleibhéil. Chomh maith leis sin cuireadh €15m ar fáil sna Meastacháin i 2005 chun leathnú suntasach a dhéanamh ar ghníomhaíocht FÁS maidir le tionscnaimh oiliúna in-chomhlachta.

Gallán a Trí Feabhas a Chur ar Fheidhmiú Margáí agus ar Rialú

Bunaíodh an **Bord Measúnachta Díobhála Pearsanta (PIAB)** chun measúnacht neamhspleách a sholáthar maidir le cúiteamh ar dhíobháil phearsanta. Déanann PIAB modh níos tapúla a thairiscint chun cúiteamh a lorg do dhaoine a fhulaingíonn i dtimpistí agus ciorraíonn sé chomh maith na costais dlí a bhain roimhe seo le cúiteamh dá leithéid a lorg.

Gallán a Ceathair Ardchaighdeáin, Luach agus Feabhsú Leanúnach

Liostáladh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar cheann den 50 eagraíocht is fearr in Éirinn feidhmiú ann mar fhostaí i 2004. Is cuid de thionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh é an comórtas “Na Comhlachtaí is Fearr in Éirinn a bheith ag Obair leo” chun aird a tharraingt ar na láithreacha oibre is forásaí ar fud na hEorpa, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Leis an tionscnamh seo is i aidhm an Choimisiúin caighdeán na láithreacha oibre ar fud na hEorpa a ardú trí iomaíocht shláintiúil a spreagadh i measc eagraíochtaí agus iad ag súil le bheith i measc na láithreacha oibre is fearr ina dtír féin agus san Eoraip.

D'fhoilsigh an Roinn a céad **Chairt Chustaiméirí** le linn 2004. Fógraíonn an chairt tiomantas na Roinne seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí faoi réir dhá phrionsabal déag na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) agus tógann sé ar an dul chun cinn a rinneadh faoin tionscnamh QCS go dtí seo.

Gallán a Cúig An tAontas Eorpach

Bhí **Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach** ina fhócas lárnach d'obair na Roinne i 2004. Bhí baint dhíreach ag an Roinn le hobair thrí cinn de naoi fhoirmíocht Chomhairle na nAirí, is iad sin an Chomhairle Iomaíochais; An Chomhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí; agus an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus Caidrimh Sheachtracha, maidir le gnóthaí trádála.

CUID A HAON
Fiontar, Nuálaíocht & Fás

SPRIOC 1: Tabharfar tús áite don infheistíocht in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht agus d'fhorbairt sochaí eolais

EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT & NUÁLAÍOCHT

Clár Fhiontraíocht Éireann & Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Tá páirt lárnach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) i sprioc na hÉireann a bheith ina geilleagar domhanda eolasbhunaithe. Is é misean foriomlán SFI ná go mbeadh Éire mar lárionad do thaighde den scoth i réimsí straitéise eolaíochta a bhaineann le forbairt geilleagair, go háirithe sna heolaíochtaí a thacaíonn le *Teicneolaíochtaí Biteicneolaíochta agus teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)*. Chomh maith leis sin, trina Chlár Teorannacha Taighde (Research Frontiers Programme), tugann SFI tacaíocht don taighde is fearr ar fad ag taighdeoirí acadúla agus foirne taighde a bhfuil an chuma orthu gur dóiche gurb iad a chruthóidh eolas nua, teicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus fiontair iomaíocha i réimse leathan disciplíní san Eolaíocht, sa Mhatamaitic agus san Innealtóireacht.

Ar an 1 Meán Fómhair 2004 rinne an Taoiseach, Bertie Ahern, T.D. agus An Tánaiste, Mary Harney, T.D. óstáíocht ar an gcéad chruinniú mullaigh Eolaíochta a bhí ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Thug an cruinniú mullaigh ceannairí ó na pobail ghnó agus eolaíochta agus ón rialtas le chéile faoin téama “Claochlú ár nGeilleagair le hEolaíocht agus le Nuálaíocht”.

Faoi dheireadh 2004, bhí gealltanais mhaoinithe beagnach €460m bronnta ag SFI ar 437 tionscadal, ina raibh níos mó ná 850 duine aonair, foirne taighde, lárionaid agus taighdeoirí ar cuairt páirteach.

Fiontraíocht Éireann

Tá a chuid oibre le Tionscail, agus le Coláistí agus Institiúidí, ar bun ag Fiontraíocht Éireann i gcónaí. Tá dhá aidhm leis – cabhrú le forbairt an chumais taighde agus tacú leis i gcuideachtaí tionsclaíocha; agus gréasáin comhoibrithe a thógáil idir gnólachtaí, Coláistí agus Institiúidí, ar mhaithe

lena n-acmhainní agus lena saineolas a thabhairt le chéile d'fhonn an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta a threisiú.

GFT Éireann

I gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus le SFI bhí obair den chineál céanna ar siúl ag GFT Éireann lena chliant chun tionscadail T&F a mhealladh go hÉirinn. Ba mhór an bua d'Éirinn fógra Bell Labs i mí Bealtaine 2004, go n-infheisteofaí €69 milliún i dtionscadal comhoibritheach T&F. Léiríonn sé gur féidir linn dul san iomaíocht do na tionscadail taighde idirnáisiúnta ag an leibhéal is airde.

An tSaotharlann Eorpach um Bhitheolaíocht Mhóilíneach (EMBL)

Chríochnaigh Éire a céad bhliain mar bhall den EMBL i 2004, tar éis ballraíocht a fháil le héifeacht ón 1 Eanáir 2004. Is Eagraíocht Taighde Idir-Rialtais í EMBL a bunaíodh i Heidelberg na Gearmáine i 1974 ag aon tír déag Eorpacha agus an Iosrael, baill de Chomhdháil Bhitheolaíocht Mhóilíneach na hEorpa (EMBC). Tá 17 ball anois aige. Is é a mhisean an bhitheolaíocht mhóilíneach a fhorbairt ar fud na hEorpa. Is comhlánú ar infheistíocht shuntasach na hÉireann sa réimse biteicneolaíochta í an ballraíocht san EMBL mar gheall ar na deiseanna a chruthaíonn sé don oiliúint sa taighde, don ghréasánú agus do fheabhsú an chomhoibrithe idirnáisiúnta. Ba chóir go spreagfadh ár mballraíocht an pobal taighde in Éirinn chun a chumas taighde a neartú.

Clár Feasachta Fionnachtana Eolaíochta & Innealtóireachta

Clár comhtháite feasachta is ea *Discover Science & Engineering* a bhfuil sí d'aidhm aige cur le feasacht an phobail faoin eolaíocht agus daoine a mhealladh go gairmeacha san eolaíocht. Thug an clár le chéile gníomhaíochtaí feasachta a bhí ann cheana féin ag Forfás (Clár Feasachta STI, Feasacht Scileanna), Institiúid na nInnealtóirí (*STEPS*) agus an ghníomhaíocht feasachta ag FÁS (*Discover Science*) agus tá sé ag tógáil orthu ar shlí a chuirfidh deireadh le dúbailt agus a chuirfidh toradh níos dirithe agus níos éifeachtaí ar fáil. Déanann Forfás bainistiú ar an gclár thar ceann na Roinne.

I measc na dtionscnamh suntasach atá ar bun faoi 'Discover Science & Engineering' tá:

Clubanna Fionnachtana Eolaíochta Bunscoile

Is í aidhm chlubanna Eolaíochta na mBunscoilí eoláiocht a chur san eolaíocht. Táthar ag súil go mbeidh 600 scoil ar a laghad páirteach sa chlár faoi dheireadh 2005 agus go leathnófar an clár amach chuig na bunscoileanna go léir go gearr ina dhiaidh sin.

STAR

Déanann SFI urraíocht ar Chlár Comhaltachta na Múinteoirí Eolaíochta ar a dtugtar an clár “Cúntóirí Taighde na Múinteoirí Eolaíochta” (Science Teacher Assistant Researchers - STAR) a eagraítear i gcomhar le Cumann Mhúinteoirí Eolaíochta na hÉireann (ISTA), leis an Roinn seo agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. An sprioc atá aige ná:

- cabhrú le múinteoirí a spéis san eolaíocht a athnuachan mar thaighdeoirí;
- iad a nascadh le dámha eolaíochta sna hollscoileanna agus sna hinstiúidí teicneolaíochta; agus
- múineadh na heolaíochta ar fud an chórais oideachais a fheabhsú.

Ghlac 30 múinteoir páirt rathúil sa chlár i 2004. Measann SFI go mbeidh 50 duine rannpháirteach sa chlár i 2005.

Sraith Teilifíse Scope

Tá an clár teilifíse *Scope* dirithe ar dhaoine óga idir 15-19 bliain d'aois agus í de bhunaidhm aige an eolaíocht a chur chun cinn mar rogha spéisiúil tharraingteach gairme. D'éirigh thar barr leis an tsraith de cheithre chlár déag leathuaire, a craoladh i 2004 agus tá an dara sraith ar an sceideal do 2005.

Stáisiún Taiscéalaíochta

Is lárionad foghlama saindeartha é Stáisiún Taiscéalaíochta (Exploration Station) do pháistí agus do dhaoine óga, leis an eolaíocht a chur chun cinn mar théama. Beidh Stáisiún Taiscéalaíochta ina ionad oideachais agus forrochtana do mhúinteoirí agus do dhaltáí le taispeántais agus cláir a bheidh deartha chun an Curaclam Náisiúnta a chomhlánú agus osclófar a dhoirse, faoi réir ag na ceadanna pleanála atá riachtanach, i 2006. Tá Stáisiún Taiscéalaíochta amháin i mbun oibre go rathúil cheana féin, agus déanfar iniúchadh iomlán ar na féidearthachtaí chun cláir fhorrochtana a rith as.

Fóram Polasaí Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta

I Meán Fómhair 2004, thionóil an Oifig Eolaíochta agus Teicneolaíochta fóram polasaí idir-ghníomhaireachta chun comhleanúnachas agus éifeachtacht na bpolasaithe náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (ETN) a fheabhsú. Faoi chathaoirleacht na hOifige Eolaíochta agus Teicneolaíochta tá ionchur GFT Éireann, EI, SFI agus Forfás á mheas ag an ngrúpa maidir lena ngníomhaíochtaí agus lena straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na príomhchuspóirí a aithnítear sa *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta T&F*, agus i dtuarascálacha an *Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta* agus na *hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta*, mar is cuí. Tá torthaí an fhóraithe pholasaí á nglacadh ag an *gCoiste nua Idir-Rannach Eolaíochta agus Teicneolaíochta*.

Tionóladh foghrúpa oibre den Fhóram Polasaí ina raibh na gníomhaireachtaí ETN agus an tÚdarás Ardoideachais páirteach i mí na Nollag 2004 chun tuilleadh feabhais a chur ar ár gcur chuige maidir le *Gabháil, Cosaint agus Tráchtáil Mhaoin Intleachtúil*. Táthar ag súil le moltaí deireanacha an ghrúpa seo sa chéad leath de 2005. Tá cosaint, tráchtáil agus ionsú an chaipitil intleachtúil agus daonna a eascraíonn as infheistíocht phoiblí i T&F rithábachtach d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann. Tá sé seo amhlaidh go háirithe mar gheall ar an méadú suntasach i gcistí taighde na hearnála poiblí le deich mbliana anuas agus tiomantas an Phlean Forbartha Náisiúnta €2.5 billiún a infheistiú i dTaighde, Forbairt Theicneolaíoch & Nuálaíocht sna blianta 2000-2006. Tá bearta áirithe i gcrích cheana féin de bharr na moltaí i *Commercialisation of Publicly Funded Research*, ráiteas ó Chomhairle Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann i mí Feabhra 2001, ina ndearna an Chomhairle moltaí sainiúla maidir le hacmhainní a mhéadú don idirbheartaíocht thionsclaíoch, ag spreagadh tráchtáil mar mhisean amháin de chuid na hearnála taighde, agus maoiniú luathstaid a mhéadú do thaighde a bhfuil poitéinseal tráchtála aige. Tá sé i gceist ag an ngrúpa oibre reatha iarrachtaí eile atá indéanta a mholadh.

CIÓN T&F AR SON GEILLEAGAR EOLAS-BHUNAITHE

Plean Náisiúnta Gníomhaíochta T&F mar fhreagra ar Chlár Oibre Liospóin

Comhordú agus Rialú ar ETN

I mí an Mheithimh 2004 rinne an Rialtas faomhadh ar Chóras nua Comhordaithe agus Rialaithe don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. Cinnteoidh an chreatlach straitéiseach seo sinéirgíocht, comhsheasmhacht agus comhardú polasaí níos struchtúrtha sa timpeallacht chasta seo atá ag athrú, a bhfuil buiséad €2.5bn cionnroinnte air sa Phlean Forbartha Náisiúnta reatha, ceann de mhórghnéithe pholasaí eacnamaíoch an Rialtais.

I measc na socruithe nua struchtúracha a eascraíonn as cinneadh seo an Rialtais tá Fo-Choiste sainiúil Caibinéid, a fhaigheann tacaíocht ó Choiste Idir-rannach d'oifigigh sinsearach, agus an Roinn seo ina Chathaoirleach orthu araon. Bhí a chéad chruinniú ag an gCoiste Idir-Rannach ar an 17 Nollaig 2004.

Cheap an Rialtas a chéad Phríomhchomhairleoir Eolaíochta, an Dr. Barry McSweeney, ar an 1 Meán Fómhair 2004. Bíonn páirt aige sa choiste idir-rannach agus cuirfidh sé a Chlár Oibre do 2005 faoi bhráid an Rialtais le go ndéanfaidh sé faomhadh air ag an gcéad chruinniú ag Fo-Choiste Caibinéid go luath i 2005. Tá an Príomhchomhairleoir Eolaíochta lonnaithe i bhForfás, mar a bhfuil fáil aige ar acmhainní anailíseacha agus taighde na heagraíochta sin.

Bheartaigh an Rialtas chomh maith go mbeadh comhairle chomhairleach eolaíochta nua ag teacht i gcomharba ar Chomhairle Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann (ICSTI), mar fhóram comhairleach na bpáirtithe leasmhara. Bhí a lánchruinniú deireanach ag an ICSTI ar an 9 Samhain 2004, ach lean a chlár oibre ar aghaidh fad is a bhí an t-aistriú chuig na socruithe nua idir lámha. Táthar ag súil go mbeidh an Chomhairle nua i mbun oibre faoi lár 2005.

Tá an AE faoi láthair ar gcúl i gcomparáid le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tSeapáin maidir le feidhmíocht taighde

agus forbartha. Is é 1.9% an caiteachas iomlán ar T&F mar chéatadán den OTI san AE, i gcomparáid le 2.7% i SAM agus 3.1% sa tSeapáin. Tá Éire faoi bhun an mheáin san Eoraip, ag 1.4% den OTI.

Ag freagairt don dúshlán ghlac an tAontas Eorpach le Clár Oibre Liospóin i 2000, agus í d'aidhm aige go mbeadh an geilleagar is eolas-bhunaithe agus is iomaíche ar domhan ag an Aontas faoi 2010². Bheadh sé san áireamh sa sprioc seo go mbeadh an caiteachas iomlán ar T&F agus ar nuálaíocht san Eoraip ardaithe go 3% den OTI faoi 2010, le dhá thrian den chaiteachas seo ag teacht ó thionscal. I mí Lúnasa 2004 tháinig an tuarascáil "*Building Ireland's Knowledge Economy - the Irish Action Plan for promoting investment in R&D to 2010*" ón ngrúpa idir-rannach a bunaíodh chun impleachtaí polasaí Chlár Oibre Liospóin an AE a iniúchadh, agus moltaí a dhéanamh faoi fhreagra na hÉireann air.

B'é pointe tosaigh an Phlean Ghníomhaíochta an t-ardú suntasach a rinne an Rialtas in infheistíocht san eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht de bharr méadú faoi chúig san infheistíocht sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2000-2006) go €2.48bn i gcomparáid le €0.5bn sa tréimhse 1994-1999. Leagann sé amach an fhís atá aige go mbeidh cáil ar Éirinn mar gheall ar fheabhas a cuid taighde agus go mbeidh sí ar thús cadhnaíochta i nginiúint agus in úsáid an eolais nua ar son an dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta, le cultúr a bheidh tiomáinte ag an nuálaíocht.

Chun an fhís seo a fhíorú, léiríonn an anailís a rinneadh gur gá na spriocanna seo leanas a bhaint amach:

- Is gá an infheistíocht ghnó i T&F a mhéadú ó €917 milliún i 2001 (0.9% den OTN) go €2.5 billiún i 2010 nó 1.7% den OTN. Is é a bheadh i gceist leis sin ná líon na gcuideachtaí le gníomhaíocht íos-scála T&F a mhéadú faoi dhó agus líon na bhfiontar a dhéanann T&F suntasach a mhéadú faoi ceathair.
- Ba chóir T&F san ardoideachas agus sna hearnálacha poiblí a mhéadú ó €422 milliún i 2001 (0.4% den OTN) go €1.1 billiún i 2010, 0.8% den OTN.
- Ba chóir go mbeadh an t-ollchaiteachas ar T&F de bharr na n-arduithe uile i ggnó, in ardoideachas

² Tá breis eolais faoi Chlár Oibre Liospóin sa Tuarascáil seo faoi Ghallán 5.

agus san earnáil phoiblí ag ardú go 2.5% den OTN faoi 2010.

- Dá thoradh sin, bheadh 9.3 taighdeoir sa 1,000 san fhostaíocht iomlán faoi 2010, méadú ó tuairim is 5.1 sa 1,000 i 2001.

Chun obair i dtreo na spriocanna uailmhianacha seo tá cur chuige straitéiseach ón rialtas uile ag teastáil. Cuireann an Coiste idir-rannach a bunaíodh mar chuid de Chinneadh an Rialtais ar Chomhardú agus ar Riaradh ETN, ardán cuí ardleibhéil ar fáil chun moltaí a chur faoi bhráid an Chaibinéid i ndáil leis na céimeanna is gá a ghlacadh chun an Plean Gníomhaíochta T&F a chur i bhfeidhm. Glactar leis go mbeidh sé seo ina chuid thábhachtach de chlár oibre an choiste idir-rannaigh i 2005.

Creidmheas Cánach T&F

Rinneadh dlí de rialacháin a bhaineann le creidmheas cánach T&F ar 1 Eanáir 2004, ag eascairt as an Acht Airgeadais 2004 agus beidh foráil ann chun creidmheas cánach incriminteach a thabhairt isteach do chuideacháí a thugann faoi ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha, agus d'fhógair an Roinn iad i mí an Mheithimh 2004. Tá sí d'aidhm fhoriomlán ag an bhforáil méadú a spreagadh sa mhéid taighde agus forbartha a dhéanann cuideachtaí in Éirinn, agus go mbeadh Éire ina ceann scríbe tarraingteach do chomhlachtaí eachtrannacha chun tús a chur le taighde agus forbairt nó cur leo, ionas go mbeadh tionscal na hÉireann in ann ardghnéithe den taighde agus forbairt a shealbhú.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcreidmheas cánach 20 faoin gcéad in aghaidh cáin chorparáide do chomhlachtaí Éireannacha. Dreasacht éifeachtach a bheidh sa bheart seo do ghnólachtaí chun T&F a mhéadú agus comhlánú a bheidh ann do na tacaí díreacha T&F atá ar fáil chomh maith trí ghníomhaireachtaí éagsúla an Stáit.

Tá monatóireacht á dhéanamh ag an Roinn, i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim, An Roinn Airgeadais agus páirtithe leasmhara eile, ar an nglacadh leis an gcreidmheas cánach, ag súil leis an éifeacht is mó agus is féidir a bhaint as an bhforáil chun T&F ardleibhéil a mhéadú.

Ionad Soghluaiseachta agus Tairseach Éireannach do Thaighdeoirí

I mí na Samhna 2004 seoladh Ionad Soghluaiseachta agus Tairseach Éireannach do Thaighdeoirí. Is cuid de thionscnamh atá bunaithe ar fud na hEorpa iad an Lárionad Soghluaiseachta agus an Tairseach atá faoi stiúir ag Comhdháil na gCeann Ollscoile in Éirinn (CHIU), chun cur le tarraingteacht an AE do thaighdeoirí agus tá siad á gcomh-mhaoiniú ag Coimisiún an AE agus ag an Roinn seo. Is é cuspóir an tionscnaimh seo timpeallacht níos fabhraí a chruthú do dheiseanna forbartha gairme i gCeantar Taighde na hEorpa tríd an bhfaisnéis agus tríd an gcúnamh atá riachtanach a sholáthar i ngach gné a bhaineann lena saol gairmiúil agus laethúil.

I mí na Samhna 2004 chomh maith thángthas ar réiteach polaitiúil faoi Threoir na Comhairle faoi shainghnáthaimh chun taighdeoirí as tríú tíortha – is é sin, tíortha nach bhfuil san AE Oirthearach - a cheadú isteach. Tar éis dul i gcomhairle leis an bParlaimint, táthar ag súil leis go nglacfar go foirmiúil leis an Treoir go luath i 2005. Is é cuspóir na Treorach go mbeadh an tAontas Eorpach níos tarraingtí do thaighdeoirí as tríú tíortha. Tá an phríomhfhreagracht ar an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le cur i bhfeidhm na treorach agus beidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag dul i gcomhairle leis an Roinn sin maidir leis.

Ballraíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA)

Tá Éire ina ball de Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) ó 1980. Is é príomhchuspóir na ballraíochta ná cabhrú le cuideachtaí Éireannacha teicneolaíochtaí ceannródaíocha a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí ESA. Bíonn Éire páirteach i gclár ESA i dteileachumarsáid, láinseálaithe, loingseoireacht saillite, agus tacaíocht ghinearálta teicneolaíochta. Úsáidtear conarthaí sna cláir seo mar ghléas forbartha don tionscal agus mar straitéis chun níos mó cuideachtaí Éireannacha a thabhairt isteach mar chonraitheoirí céad uaire leis an ESA. Maidir leis seo, bhí sé cinn de na cuideachtaí a ghnóthaigh conarthaí ESA i 2004 ina gconraitheoirí céad uaire, rud a léiríonn go bhfuil spéis na ngnólachtaí teicneolaíochta Éireannacha i ndeiseanna forbartha leis an ESA ag dul i méid. Bhí luach €5.85m ar na

conarthaí go léir a ghnóthaigh cuideachtaí Éireannacha sna chéad trí ráithe i 2004. Dar le hathbhreithniú a rinneadh ar bhallraíocht na hÉireann san ESA i 2004 measadh gurbh fhiú níos mó ná €20m sa bhliain na díolacháin sheachthairbheacha is féidir a lua go díreach le teicneolaíocht ESA. Ní chuireann an figiúr seo san áireamh tionchair indíreacha ar nós cáil bhreise agus feabhsú ar bhainistiú teicneolaíochta, rochtain ar mhargaí nua agus naisc idirnáisiúnta, cúinsí suntasacha a mheallann cuideachtaí chun iarratas a dhéanamh ar chonarthaí ESA.

Gníomhaíocht T&FT (Taighde & Forbairt Theicneolaíoch) Éireannach i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa

Lean líon na gcuideachtaí Éireannacha atá páirteach i gclár ESA ag fás i réimsí ar nós optaileictreonaic ardleibhéil agus Teicneolaíochtaí agus Feidhmchláir Theileachumarsáide. Tá úsáid rathúil á baint i gcónaí ag tionscail na hÉireann as teicneolaíochtaí a forbraíodh faoi chonarthaí ESA i margaidh tráchtála. I measc na lainseála/gclár ba shuntasai a raibh baint ag Éireannaigh leo i 2004 bhí siad seo leanas:

- Bhí an comhlacht Éireannach Captec páirteach sa Phromhadh Neamhspleách Bogearraí ar an taiscéalái ardphróifil agus rathúil Huygens ar éirigh leis tuirlingt ar ghealach Shatarn, Titan, i mí Eanáir 2005, éacht a fuair a lán airde ón bpobal.
- Bhí an comhlacht Éireannach Space Technology Ireland páirteach i bhforbairt ar chórais leictreonaigh agus chumarsáide do mhisean an tóraí mongréalta ESA ROSETTA a lainseáladh i 2004.
- Ghnóthaigh Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath conradh i 2004 le bheith páirteach i gCéim Feidhmiúcháin Theileascóp Spáis James Webb (Teileascóp Spáis Hubble don ghlúin úr).
- I mí na Nollag 2004 rinne Éire óstaíocht ar nasc beo leis an Stáisiún Idirnáisiúnta Spáis (ISS) ina raibh roinnt scoileanna as Corcaigh páirteach mar chuid de ghníomhaíochtaí Oideachais an ISS, i gcomhar le Discover Science and Engineering agus le Fiontraíocht Éireann, agus bhí an-spéis go deo ag na meáin san imeacht seo.

NEARTÚ AR AN GCREATLACH DHLÍTHIÚIL DO MHAOIN INTLEACHTÚIL

Bille na bPaitinní (Leasú)

Chuaigh Bille na bPaitinní (Leasú), arb é a phríomhchuspóir Acht na bPaitinní 1992 a thabhairt suas chun dáta chun go sásódh sé forálacha an Chomhaontaithe ar Ghnéithe Trádála de Chearta Maoine Intleachtúla (TRIPS), tríd an dara céim i nDáil Éireann.

Ba ghá athruithe breise reachtúla a dhéanamh tar éis fhoilsiú an Bhille, mar gheall ar leasú *Choinbhinsiún Paitinní na hEorpa* agus an comhaontú in *Eagraíocht Mhaoin Intleachtúil an Domhain* faoi *Chonradh Dhlí na bPaitinní*. I Meán Fómhair 2004, d'fhaomhaigh an Rialtas dréachtú ar scéim leasaithe chun feidhm a thabhairt do na dualgais idirnáisiúnta breise seo, chomh maith le leasuithe ilghnéitheacha ar reachtaíocht intleachtúil eile. Cuireadh tús le próiseas comhchomhairleach faoin dréacht-scéim agus tá sé i gceist go ndéanfar reachtaíocht a achtú i rith 2005.

Leasú ar an gCeart Foilseáin

I mí Bealtaine 2004, rinne an Roinn an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 a leasú, chun an seasamh maidir le saothair a chur ar taispeáint a shoiléiriú. Go bunúsach forálann an tAcht nach sáraítear aon cheart a chruthaítear ag aon chuid bhainteach den Acht maidir le saothar ealaíona nó litríochta, má chuirtear an saothar, nó cóip de, ar taispeáint in áit nó in áitreabh a bhfuil teacht orthu ag an phobal. Ba i gcomhthéacs a chinntiú go n-éireodh leis an taispeántas James Joyce ag an nDánlann Náisiúnta a tógadh an cinneadh seo.

Aontú ar Acht Pháras as Coinbhinsiún Berne

I mí na Nollag 2004, d'aontaigh Éire go foirmiúil le hAcht Pháras as Coinbhinsiún Berne um Chosaint Saothar Litríochta agus Ealaíona. Aithníonn ár n-aontú an tábhacht bhunúsach a bhaineann le hAcht Pháras i rialú na gcáidreamh idirnáisiúnta cóipchirt, atá, ar a seal, lánach i sláinte eacnamaíoch na hÉireann agus atá ag teacht le freagrachtaí na hÉireann faoi Chomhaontú an EEA (Limistéar Eacnamaíoch Eorpach).

SPRIOC 2: Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar pholasaithe tionsclaíocha agus ar idirghabháil, i gcomhthéacs na n-athruithe sa timpeallacht iomaíoch, forbairtí maidir le heacnamaíocht an oileáin uile agus an gá atá le cothromaíocht réigiúnach. Cuirfimid athruithe i bhfeidhm de réir mar is gá.

GNÍOMHAIREACHTAÍ PÓILÍNECHTA TIONSCLAÍOCHA AGUS FIONTAR

I 2004, rinne an Roinn monatóireacht ar idirghabháil na nGníomhaireachtaí Stáit atá faoina cúram. Tionscnaíodh na bearta idirghabhála chun an fhiontraíocht a chothú, cabhrú le bunú agus fás fiontar, infheistíocht a mhealladh isteach sa tír agus leibhéil scileanna a fheabhsú chun go mbeadh oibrithe oílte go leor le tabhairt faoi dheiseanna nua fostaíochta in earnálacha nua agus earnálacha atá ag teacht chun cinn.

Fiontair Dhúchasacha

Forfás

Lean Forfás leis an bhforbairt polasaí i rith 2004, trí chomhairle, tuarascálacha agus moltaí polasaí a chur ar fáil. Rinneadh cuid mhaith den obair seo i gcomhar le comhlachtaí gaolmhara ar nós an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Comhairle na hÉireann um Pholasáí Eolaíochta agus an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí, agus le Ranna ábhartha Rialtais. Chuir Forfás acmhainní suntasacha ar fáil i 2004 chomh maith chun tacaíocht fheidhmitheach agus taighde a sholáthar don Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta agus don Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí.

Fiontraíocht Éireann

Is gníomhaireacht Rialtais é Fiontraíocht Éireann atá freagrach as tionscal na hÉireann a fhorbairt. Oibríonn an gníomhaireacht i bpáirt le cliaintchomhlachtaí chun cabhrú leo buntáiste iomaíoch a fhorbairt sa mhargadh domhanda.

Lean Fiontraíocht Éireann leis ag cabhrú lena chliant trí thacaí airgeadais a chur ar fáil agus trí eolas agus faisnéis a roinnt leo:

Maoiniú

B'ionann maoiniú inaiscíoitha trí airgeadas cothromais do chomhlachtaí Fhiontraíocht Éireann agus 34% de na hinfeistíochtaí faofa uile i gcomhlachtaí i 2004, méadú 2% ar 2003. Réadaigh Fiontraíocht Éireann €13.1 milliún as dioladh scaireanna agus fuascailtí agus €1.9 milliún i ndíbhiní as a phunann chothromais le linn 2004.

D'infheistigh Fiontraíocht Éireann beagnach €50m ina chliaintchomhlachtaí i 2004 mar thacaíocht d'os cionn 200 tionscnamh Taighde agus Forbartha (T&F). Caitheadh beagnach €20m den méid sin ar bhreisiú chumais T&F na gcomhlachtaí agus os cionn €30m ar thionscadail T&F in-chomhlachta.

I 2004, rinne an Clár um Chaipiteal Síil agus Fiontar 2000-2006³ 71 infheistíocht, tuairim is €34m don bhliain.

Fostaíocht i gCliaintchomhlachtaí

11,898⁴ ab ea an gnóthachan foriomlán post i measc chliaintchomhlachtaí Fhiontraíocht Éireann i 2004. Bhíodar fritháirithe ag cailiteanais 13,215, sin glantitim 1,317. Is lú go mór an ghlantitim i 2004 ná na figiúirí comhfhreagracha do 2002 agus 2003.

Onnmhairí

Chuir Fiontraíocht Éireann os cionn 9,000 cliant agus ceannaitheoir in aithne dá chéile le linn 2004. Tionóladh 21 aonach trádála chomh maith, rud a d'éascaigh deiseanna nua margaidh do 199 cliant. Chuidigh na gníomhaíochtaí seo le bunú os cionn 800 beart idir custaiméirí, imdháileoírí agus comhpháirtithe.



Micheál Martin T.D., An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag oscailt oifigiúil Oifig Chóiré de chuid Fhiontraíocht Éireann.

³ Faoin gClár um Chaipiteal Síil agus Fiontar (2001-2006), tá 95m geallta ag Fiontraíocht Éireann chun leanúint le forbairt ar sholáthar ar mhaoiniú caipitil fiontar do fhiontair bheaga agus mheánacha in Éirinn.

⁴ Suirbhé Fostaíochta Bliantúil Fhorfás.

Chuir Fiontraíocht Éireann le líon na n-onnmhairroirí céad uaire, le hos cionn 100 cliant nua i 2004, agus bhunaigh níos má ná 130 comhlacht láithreach nua sa mhargadh thar lear.

Ag am a scríofa seo tá Fiontraíocht Éireann ag súil le díolacháin iomlána onnmhairithe €10.167bn sna cliantchomhlachtaí i 2004, méadú 5.6% ar 2003.

Forbairt na Sionainne

Stiúrann agus spreagann Forbairt na Sionainn aithint agus forbairt réitigh ar riachtanais chriticiúla nó ar chonstaicí ar an bhforbairt sa réigiún.

Chuir Forbairt na Sionainne cúnadh ar fáil do 690 comhlacht i 2004. Tugadh cúnadh do 282 comhlacht i Luimneach, 63 i dTiobraid Árann Thuaidh, 21 in Uíbh Fháilí Theas, 88 i gCiarraí Thuaidh agus 126 i gContae an Chláir (gnólachtaí dúchasacha ar fad). Fuair 110 comhlacht i gCrios Saor na Sionainne (Shannon Free Zone - SFZ) cúnadh.

Cruthaíodh 1,521 post ar fad i gcomhlachtaí a fuair cúnadh ó Fhorbairt na Sionainn i 2004 – 948 ag cliant-fhiontair dhúchasacha agus 573 i gCrios Saor na Sionainne. Bhí fás glan 164 post i gCrios Saor na Sionainne agus cailteanas glan 135 post sna comhlachtaí dúchasacha.

Chuir comhlachtaí a fuair cúnadh ó Fhorbairt na Sionainne (Crios Saor na Sionainne agus fiontair dhúchasacha ar fud Réigiún na Sionainne) go mór le geilleagar an réigiúin – ag fostú 19,739 duine; ag giniúint díolachán c. €4.4 billiún, onnmhairí ar luach c. €3.1 billiún agus caiteachas eacnamaíoch díreach faoi bhun €2 billiún.

Tá dea-thorthaí ag eascairt as iarrachtaí atá dírithe ar an gcaiteachas T&F a mhéadú ag an leibhéal dúchasach. Dar leis an Suirbhé Bliantúil Gnó is déanaí a thiomsaigh Forfás, mhéadaigh gnólachtaí dúchasacha sa réigiún a gcaiteachas taighde agus forbartha (T&F) os cionn 9% i 2003. Mhéadaigh líon na gcuideachtaí sa Réigiún a thugann faoi thaighde agus forbairt 10.4% i 2003 agus mhéadaigh an céatadán gnólachtaí le caiteachas mór T&F (os cionn €127,000 sa bhliain) ó 17% go díreach os cionn 22% de na cuideachtaí uile. Cuirfear sonraí faoin bhfeidhmiú i 2004 le chéile i rith 2005.

Boird Fiontar Contae

Faoi Chláir Oibriúcháin Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair agus Clár Oibriúcháin Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir an **Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006**, lean na Boird Fiontar Cathrach agus Contae leo ag tacú le forbairt na mion-fhiontar agus ghluais go forásach chuig tacaí neamhairgeadais ar nós comhairle, scéimeanna comhairleoireachta agus forbairt bainistíochta. Nuair a cuireadh airgeadas ar fáil, ba i bhfoirm cothromais agus deontais inaisíochta a bhí an chuid is mó de. Thug na Boird tús áite do chomhlachtaí déantúsaíochta agus do chomhlachtaí a ndéantar trádáil idirnáisiúnta ar a gcuid seirbhísí, a d'fhéadfadh forbairt in imeacht ama go dtí go mbeidís ina n-aonáin láidre onnmhairithe.

Cuireadh €16.479m de chaiteachas caipitil ar fáil ón Roinn do 35 Bord Fiontar Cathrach agus Contae, mar thacaíocht d'fhorbairt mion-fhiontair. As an méid sin caitheadh beagnach €10 m ar ghníomhaíochtaí faoi Bheart 1⁵. Caitheadh an €6m eile faoi Bheart 2⁶ ar thacaí seachas airgead ar nós comhairle, oiliúint bhainistíocht, oiliúint ríomhthráchtála, scéimeanna comhairleacha gnó agus cothú na fiontraíochta do mhná.

Le linn 2004 rinne na Boird Fiontar Contae taifead ar:

- **€10.5m faofa mar dheontais** do 864 tionscadal, a raibh 619 díobh rangaithe ina bhfiontair nua-bhunaithe agus 245 rangaithe mar fhiontair ag forleathnú. Gealladh €0.894m i gcothromas do 19 tionscadal. Gealladh €2.38m i gcúnadh inaisíochta do 280 tionscadal.
- **Íocadh €10.55m i ndeontais.**
- **1,392 post glan a cruthaíodh.**
- **Ghlac 15,785 duine páirt in oiliúint faoi Bheart a 2 agus i dtionscnaimh forbartha,** 8,925 díobh sin ina mná.

Rinne Fitzpatrick's Associates athbhreithniú ar ról na mBFC agus thángthas ar chonclúidí agus ar mholtaí maidir le treo agus socrúithe struchtúracha na mBord Fiontar sna blianta atá romhainn. Bhí príomh-mholtaí thuarascáil Fitzpatrick mar chuid de thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta, is é sin "gur chóir na Boird Fiontar Cathrach agus Contae a chomhtháthú sa chóras lárshrutha forbartha fiontar trí Aonad Comhordaithe Lárnach a chur ar bun i

⁵ Idirghabháil Roghnach Airgeadais .i. deontais staidéir féidearthachta, deontais chaipitil nó deontais fostaíochta.

⁶ Forbairt Inniúlachta & Fiontraíochta .i. soláthar ar scéimeanna comhairleacha, comhairle bainistíochta gnó, mná i gclár ghnó, oiliúint ríomhthráchtála.

bhFiontraíocht Éireann. Chuirfeadh an tAonad seo treoir lánach, tacaíocht theicniúil, seirbhísí comhroinnte agus dearbhú ardchaighdeán ar fáil chun cur le héifeacht agus le tionchar na mBord Fiontar Contae.”

Infheistíocht Choigríche Dhíreach

GFT Éireann

Mar go bhfuil níos mó iomaíochta ná riamh ann don infheistíocht, an dúshlán atá i ndán don tír ná teacht ar phacáiste cothaithe infheistíochta ar leith, go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil i bhfad níos mó tionscadal ag teacht as earnáil na seirbhísí agus go mbíonn láithreacha uirbeacha nó neasuirbeacha ag teastáil uathu agus athruithe suntasacha molta i Réimeas Chúnadh Stáit an AE.

Is ar GFT Éireann atá an fhreagracht reachtúil, infheistíocht choigríche dhíreach a mhealladh go hÉirinn. Trína rannóga tionscadal agus a ghréasán oifigí áitiúla agus a oifigí thar lear, tá an ghníomhaireacht ag déanamh margáíochta go gníomhach ar Éirinn mar láthair ina bhféadfadh infheisteoirí ón gcoigríoch infheistíocht choigríche dhíreach a dhéanamh, ceantair áitiúla agus réigiúin san áireamh.

Iocadh €83.2 milliún in iomlán le GFT Éireann ón Státhchiste mar fhóirdheontas pá agus riaracháin, mar dheontais do thionscadail agus costais an chláir maoinne (property programme costs). Chruthaigh an Ghníomhaireacht ioncam acmhainní €25.7 milliún di féin as cíosanna ar áitribh, aisíoc deontas agus roinnt bheag ioncaim infheistíochta.

Ina tuairisc ar a gníomhaíochtaí, dúirt an Ghníomhaireacht gurbh í 2004 an bhliain ab fhearr a bhí aici ó 2000 maidir le caighdeán, doimhneacht agus luach na gcinntí infheistíochta a gnóthaíodh. Bhí caighdeán na hinfeistíochta agus na bpost a cruthaíodh ar fheabhas. Bhí buacacht ar fud gach earnáil ghnó agus tugadh faoi deara go raibh téarnamh san earnáil TFC. Tá méadú ar thábhacht na hinfeistíochta i dtaighde agus forbairt ag gnóthaí coigríche agus tá Éire ag fás mar mhór-ionad seirbhísí chun tacú le gníomhaíochtaí gnó ar fud na hEorpa. Is é caighdeán substainteach na gcomhlachtaí infheistíochta, tionscadail infheistíochta i ngnó agus i T&F araon, agus an méadú i leibhéal scileanna na bpost an ghné is suntasaí de thorthaí 2004 chomh maith le líon agus réimse na n-infheistíochtaí féin.

Is léiriú air sin go mbeidh tuarastail bhliantúla de níos mó ná €37,000 á n-ioc ag os cionn 48% de na poist nua i dtionscadail a fhaigheann cúnadh ó GFT Éireann. Rinne GFT Éireann idirbheartaíocht ar 70 tionscadal gnó nua le cliaint nua agus le cliaint a bhí aige cheana, agus beidh níos mó ná €5 billiún á infheistiú in iomlán sna blianta beaga atá romhainn dá bharr. Cruthóidh na hinfeistíochtaí sin nach mór 9,000 post nua. Ghin os cionn 38 comhlacht feidhmeanna nua suntasacha nó feidhmeanna oibriúcháin straitéiseacha, a leathnaíonn an réimse gníomhaíochtaí gnó a dhéanann siad, agus a neadaíonn na hoibríochtaí go domhain i ngeilleagar na hÉireann agus a mhéadaíonn a dtábhacht dá máthair-chorparáidí.

I 2004, chaith comhlachtaí a fuair tacaíocht ó GFT Éireann €15.5 billiún i ngeilleagar na hÉireann, €72 billiún óna ndíolacháin bhliantúla agus €68 milliún óna n-onnmhairí. D’íoc na comhlachtaí níos mó ná €2.7 billiún i gcáin chorparáide, suim atá ag dul i méid go seasta.

I 2004, tháinig méadú beag ar an bhfostaíocht iomlán sa 1,022 comhlacht a fhaigheann tacaíocht ó GFT Éireann go 128,946 san iomlán, aisiompú ar an treocht a bhí ann le cúpla bliain anuas. Cruthaíodh 10,825 post nua i rith na bliana, méadú 15% ar an mbliain roimhe sin, agus bhí an chailliúint post, 10,628, 20% níos lú ná cailliúint na bliana roimhe.

Cothromaíocht Réigiúnach a Chothú

Fiontraíocht Éireann

Chun tacú leis an bhforbairt réigiúnach, tá sainúdarás réigiúnach ag ceithre cinn den 14 ciste caipitil fiontar a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Déantar iad seo a riaradh ó Dhún Dealgan, ó Ghailimh, ó Chorcaigh agus ó Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, osclaíodh seacht nIonad Fiontraíochta Pobail (CEC) nua i 2004 – 3 san iarthuaisceart, ceann san Oirthuaisceart, péire san Oirdheisceart agus ceann san Iardheisceart – chun tacú le fiontair áitiúla. Tá 97 Ionad Fiontraíochta Pobail ag feidhmiú anois ar fud na réigiún, le hinfeistíocht €23 milliún ó Fhiontraíocht Éireann, agus fostaíocht chomhlach ag 3,000 duine iontu.

D’éirigh le Fiontraíocht Éireann sciar réigiúnach na dtionscadal a fheabhsú i 2004. I dtéarmaí Nua-chomhlachtaí Ardchumais, mhéadaigh an líon a bunaíodh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ó 50% i 2003, go 54% i

2004, agus mhéadaigh sciar an réigiúin BMW ó 21% go 28% sa tréimhse chéanna.

Maidir le hinfheistíocht shuntasach nua, chuaigh 60% díobh siúd a faomhadh go tionscadail lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i 2004. Tá sé sin beagán níos lú ná an 62.5% a faomhadh i 2003. Ba dhea-scéala don réigiún BMW gur ardaigh líon na n-infheistíochtaí suntasacha go 31% i 2004 i gcomparáid le sciar 29% i 2003.

GFT Éireann

Tá GFT Éireann tiomanta forbairt réigiúnach a bheith mar lárchuid dá straitéis agus déanann sé margaiocht ar láithreacha réigiúnacha i measc cliant thar lear. I rith 2004, bhí leath de na hinfheistíochtaí a fuair tacaíocht ó GFT Éireann lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Fuair Gaillimh agus Corcaigh sciar mór den infheistíocht agus lonnaidh infheistíochtaí ardluacha eile i mbailte éagsúla ar fud na tíre, le timpeall 41% de na poist ar láithreáin úrnua i Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW). Tá an tionscnamh seo rithabhachtach do leathnú cothrom na forbartha eacnamaíche. Chun bonn daingean a chur faoin straitéis seo, tá páirceanna gnó agus páirceanna teicneolaíochta den scoth á bhforbairt ag GFT Éireann i mbailte ar leith ar fud na tíre. Chaith GFT Éireann 50 milliún eile ar fhorbairt a chuid maoine – an mhórchuid lasmuigh de Bhaile Átha Cliath – ar mhaithe le bonn a chur faoin bhfás sna réigiúin sa todhchaí.

Le fáil amach conas is féidir leis an Straitéis Spáis Náisiúnta ról níos láidre a bheith aige in aithint agus i dtús áite a thabhairt do thosaíochtaí infheistíochta níos fadtéarmaí chun fás níos láidre a spreagadh i measc Geata-láithreacha réigiúnacha, tá staidéar ar bun ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil d'fhonn a riachtanais straitéiseacha infheistíochta a aithint. Tá ionadaíocht ag an Roinn seo ar an nGrúpa Stiúrtha don athbhreithniú sin.

Cúnaimh Stáit

Tiocfaidh deireadh le Treoracha reatha an Choimisiúin Eorpach maidir le Cúnamh Réigiúnach, a rialaíonn leibhéal an Chúnaimh Stáit is féidir a bhronnadh ar Gníomhaireachtaí Forbartha Tionscal mar Chúnaimh Réigiúnach, ag deireadh 2006. Faoin gConradh, ceadaítear cúnaimh réigiúnach ar mhaithe leis na réigiúin san AE atá faoi mhíbhuntáiste, trí thacaíocht a thabhairt don infheistíocht agus do chruthú post. De ghnáth, tugtar cúnaimh réigiúnach in Éirinn i bhfoirm Deontais Chaipitil

don infheistíocht thosaigh i gcaipiteal seasta do bhunaíochtaí nua nó do leathnaithe agus i bhfoirm Deontais Fostaíochta a bhíonn ceangailte leis an infheistíocht thosaigh.



Micheál Martin T.D., An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le foireann Business Objects agus an tUasal Sean Dorgan, Príomhfhéidhmeannach an IDA ag bunú an Ionaid Oibríochtaí nua ag Páirc Ghnó Park West i mBaile Átha Cliath, tacaíthe ag IDA Éireann.

I rith 2004, dháil an Coimisiún Eorpach moltaí do Threoirlínte Cúnaimh Réigiúnaigh nua le bheith i bhfeidhm don tréimhse 2007-2013. Faoi na moltaí seo, bheadh réigiúin ina bhfuil an OTI per capita níos ísle ná 75% den mheán AE cáilithe do na rátaí cúnaimh is airde. Mar gheall ar fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann – leis an OTI per capita i 2002 i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir ag 142% den mheán AE agus ag 96% sa réigiún BMW – beidh laghdú suntasach ar na rátaí cúnaimh réigiúnacha a cheadófar in Éirinn tar éis 2006. Ní cheadófaí cúnaimh réigiúnach ar bith i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir do chuideachtaí móra (le 250 fostaí nó níos mó), laghdófaí an ráta cúnaimh do chuideachtaí meánacha (50 go 249 fostaí) go 10% agus do chuideachtaí beaga (níos lú ná 50 fostaí) go 20%. Sa réigiún BMW cheadófaí ráta cúnaimh 15% do chuideachtaí móra, 25% do chuideachtaí meánacha agus 35% do chuideachtaí beaga.

Seo a leanas atá á lorg ag Éirinn sa phlé faoin athbhreithniú ar na Treoirlínte Cúnaimh Réigiúnaigh, a leanfaidh ar aghaidh le linn 2005:

- go n-aithneofaí gur féidir le cúnaimh réigiúnach do fhiontair tacú le cuspóirí Chlár Oibre Liospóin an AE maidir le hiomaíochas. Ní foláir do Bhallstáit go leor solúbthachta a choinneáil chun bearta cúnaimh a chothaíonn fíorú Chlár Oibre Liospóin a cheapadh agus a chur i bhfeidhm;

- socruithe trasdula a thabhairt isteach don réigiún BMW, a cheadódh laghdú a dhéanamh ar leibhéal chúnaimh go céimseach thar an tréimhse. Ba mhór an laghdú a dhéanadh moltaí reatha an Choimisiúin láithreach ar rátaí cúnaimh;
- solúbthacht a choinneodh cúnaimh réigiúnach do chuideachtaí móra i gcodanna de Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir;
- stádas ar leith a thabhairt d'oiléain bheaga mar gheall ar an míbhuntáiste tíreolaíoch a fhulaingíonn siad agus do mhion-fhiontair (níos lú ná 10 bhfostaí) mar go mbíonn teacht ar airgeadas chomh deacair sin dóibh.

Thuaidh/Theas

Bhí an comhoibriú Thuaidh/Dheas tábhachtach don Roinn i 2004 mar a bhí le tamall de bhlianta anuas. Is trí fheidhmiú chlár oibre Idirthrádáil Éireann (Inter *Tradel* Ireland) – Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó, ceann den sé Chomhlacht Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, is mó a bhainfear é seo amach. An sainúdarás atá ag Idirthrádáil Éireann ná treoir a thabhairt maidir le forbairt gheilleagar an oiléain i réimsí trádála agus forbairt gnó. Tá a chlár agus a ghníomhaíochtaí leagtha amach chun sochair an phobail ghnó ar oiléan na hÉireann, chomh maith le faisnéis thábhachtach a sholáthar do cheapaitheoirí polasaí, Thuaidh agus Theas. Déanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta i dTuaisceart Éireann comh-mhaoiniú ar Idirthrádáil Éireann, ar bhonn dhá thriain/aon triain faoi seach. D'fhan an dá Roinn i dteagmháil le chéile i rith na bliana.

Rinne Idirthrádáil Éireann gníomhaíochtaí a chuid clár a chomhlíonadh de réir a Phlean Gnó faofa do 2004 sna réimsí ginearálta seo leanas:

- Feasacht Trádála,
- Forbairt Trádála,
- Tacaíocht do Mhion-fhiontair,
- Taighde Gnó agus Eacnamaíoch,
- Cothromas Príobháideach,
- Eolaíocht agus Teicneolaíocht,
- Tagarmharcaíl Uile-Oiléain agus
- Forbairt Slabhra Soláthair agus Braisle.

Leanúint le cur i bhfeidhm ar roinnt clár seanbhunaithe i 2004, ar nós:

- **Gréasán Cothromais** – forbairt na feasachta agus saothrú an chothromais phríobháidigh chun fás caipitil a mhaoiniú, agus an comórtas rathúil *EquityNetwork All-Island Seedcorn Business 2004*;
- **FUSION** – aistriú teicneolaíochta ar fud an oiléain idir comhlachtaí agus institiúidí taighde tríú leibhéal; agus
- **ACUMEN** – trádáil trasteorann a spreagadh trí chabhrú le fiontair bheaga agus mheánacha le modhanna oibre tacaíochta comhairleacha atá curtha in oiriúint dóibh agus córais tacaíochta tuarastail do thógálaithe margaidh i margáí trasteorann.

Chomh maith leis sin, seoladh iad seo leanas i 2004:

- **INNOVA**, tionscnamh píolótach atá dírithe ar an gcomhoibriú T&F a spreagadh, a chothú agus tacú leis idir gnólachtaí, ó Thuaidh agus ó Dheas, le tacaíocht ó eagraíochta taighde poiblí mar is gá. Táthar ag súil go gcruthóidh an tacaíocht mhaoinithe seo timpeallacht thacúil do chomhghníomhaíochtaí Thuaidh/Theas agus go spreagfaidh sé sreabhanna sinéirgeacha comhlánacha teicneolaíochta i measc comhpháirtithe agus gréasán de chomhlachtaí príobháideacha (fiontair bheaga agus mheánacha go háirithe) chun sochair gheilleagar an oiléain; agus
- **MICROTRADE**, a bhfuil sí d'aidhm aige trádáil trasteorann agus comhoibriú gnó a spreagadh go háirithe in earnáil an mhion-fhiontair. Rinneadh an clár a fhorbairt mar chomhpháirtíocht trí-bhealach idir Idirthrádáil Éireann, na Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus Enterprise Northern Ireland.

I mí Meithimh 2004, tionóladh an dara Fóram Iomaíochais Uile-oiléain de chuid Idirthrádáil Éireann i mBéal Feirste. Ba thábhachtach an fhorbairt í siniú Mheabhrán Tuisceana idir Idirthrádáil Éireann agus Comhairle Iomaíochais Stáit Aontaithe Mheiriceá le linn an Fhórait. Beidh an dá chomhpháirtí ag comhoibriú ar idirphlé polasaí, ceardlanna agus gníomhaíochtaí faoi shaincheisteanna éagsúla iomaíochais, ar nós cur le comhpháirtíocht idir ollscoileanna agus tionscail, sa tionscnamh tábhachtach seo.

Bhí na torthaí seo a leanas le feiceáil ar obair Idirthrádáil Éireann i 2004:

- méadú ar chumas agus ar chlaonadh **4,512** gnó páirt a ghlacadh i gcomhoibriú trí pháirtíocht i gcláir agus in imeachtaí trádála/gnó de chuid Idirthrádáil Éireann;
- tuairiscíodh luach comhiomlán tuairim is **€29m** i dtrádáil agus i bhforbairt gnó ó chomhlachtaí a ghlac páirt i gcláir agus in imeachtaí Idirthrádáil Éireann;
- **23** comhpháirtíocht Thuaidh/Theas cruthaithe;
- **53** imeacht Uile-Oileáin;
- **3** áis Thuaidh/Theas cruthaithe;
- **11** foilseachán, ina measc moltaí chun comhoibriú Thuaidh/Theas a bhreisiú.

Ní féidir leis an gComhairle Airí Thuaidh/Theas teacht le chéile toisc gur cuireadh Tionól Thuaisceart Éireann ar fionraí i mí Dheireadh Fómhair 2002. D'aontaigh rialtais na hÉireann agus na Breataine ar chinntí a ghlacadh i gcomhar lena chéile, nuair is cuí, ar nithe a bhaineann le hIdirthrádáil Éireann agus le Comhlachtaí Feidhmiúcháin Thuaidh/Theas eile agus chinneadar nach dtabharfaí feidhmeanna nua ar bith do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas le linn na tréimhse fionraíochta.

Scéimeanna Gnó Spriocdhírthe

Iasachtaí Beaga Forleathnaithe Gnó

Íocadh fóirdheontais úis €320,000 in iomlán le linn 2004 faoin Scéim Iasachtaí chun Gnólachtaí Beaga a Fhairsingiú. Bunaíodh an scéim seo i 1994, agus b'í an Chorpóraid Chreidmheasa Tionsclaíoch, nach ann dó a thuilleadh, a bhí á riaradh, agus forálann sé go n-íocann an Stáchtiste fóirdheontas úis le leith iasachtaí a tugadh do ghnólachtaí beaga sna blianta roimhe seo.

Mná i nGnó

Maidir leis an bhfiontraíocht a chothú i measc na mban, lean na Boird Fiontar Contae leis an tionscnamh 'Mná i nGnó'. Ghlac 2,471 bean páirt sa Tionscnamh seo le linn 2004. Is gréasán gnó é an clár seo, atá bunaithe ag an leibhéal áitiúil, trínar féidir le mná atá rathúil sa ghnó feidhmiú mar eiseamláir agus deiseanna comhairleoireachta agus gréasánaithe a chur ar fáil do mhná ar mhaith leo tabhairt faoin bhfiontraíocht ina gceantar féin.

Chomh maith leis an Tionscnamh 'Mná i nGnó', spreagann na Boird Fiontar Contae páirtíocht ghníomhach na mban i gCláir Oiliúna agus Forbartha ar nós na cúrsaí 'Tosaigh do Ghnó Féin' agus Cláir Forbartha Bainistíochta. Fuair níos má ná 8,925 bean oiliúint ar Chláir Bhoird Fiontar ar fud na tíre i 2004 agus chríochnaigh os cionn 1,347 bean oiliúint teistithe.

Gradam Fiontar na Mac Léinn

Bhí ról tábhachtach ag na Boird Fiontar i soláthar clár fiontraíochta ag leibhéal scoile ar fud na tíre i 2004. Tugann na Boird tionchar dearfach lucht fiontraíochta agus comhairleoirí gnó go dtí an seomra ranga agus chuir siad go suntasach le hábhar, le soláthar agus le rannpháirtíocht na gclár ag an dara leibhéal. Mar bhailchríoch air sin, rinneadh Gradam Fiontar na Mac Léinn a fhorbairt ionas gur mór-ócáid náisiúnta aitheanta atá ann anois.

POLASÁÍ FIONTAR AGUS AN GEILLEAGAR EOLAIS A THÓGÁIL

Grúpa Straitéise Fiontraíochta

Mar chomhlíonadh ar a shainúdarás chun treo nua a fhorbairt dár gclár oibre fiontar, chuir an Grúpa Straitéise Fiontraíochta (ESG) a thuarascáil agus a chuid moltaí faoi bhráid an Tánaiste i mí Iúil⁷. Bhí fíis mheántéarmach faoi dheiseanna don gheilleagar mar bhonn le hanailís an ESG. Ag eascairt as rath na hÉireann i bhfás na ngnólachtaí dúchasacha agus mar láthair bhrabúsach don infheistíocht isteach, rinne sé sraith de mholtaí ar leith maidir le buntáiste iomaíoch a chinntiú agus maidir leis na coinníollacha riachtanacha do fhiontair láidre inbhuanaithe in Éirinn go dtí 2015. Díríonn na moltaí ar shaineolas seanbhunaithe na hÉireann sa déantúsaíocht a nascadh le cumas cuimsitheach i ndíolachán & margáíocht agus i dtaighde & forbairt.

Is féidir an fhís atá ag an nGrúpa do gheilleagar fás-dhírthe, ag diriú ar mhargáí nua agus ar tháirgí bunaithe ar an teicneolaíocht, a bhaint amach trí mheán cur chuige nua i leith forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí. Is í aidhm na Tuarascála tacú le cumas na hearnála fiontar ionas go mbeidh fócas níos meáite ar fhoinsí a thugann buntáiste iomaíoch, ar dhéantúsaíocht d'ardghrá agus ar sheirbhísí idirnáisiúnta atá bunaithe ar nuálaíocht, ar eolas agus ar thaighde & forbairt. Chun an fhís seo a réadú déanfar naisc

⁷ Is féidir teacht ar thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta ar <http://www.forfas.ie/esg/index.html>

a fhorbairt idir snáitheanna éagsúla den pholasáí poiblí sa Roinn seo agus i ngníomhaireachtaí Stáit eile. Mar shampla beidh gá le breis gníomhaíochta ar Ghalláin straitéise na Roinne ar nós *ArdChaighdeáin Oibre & Foghlaim agus Feabhas a Chur ar Fheidhmíú Margáí agus ar Rialú*.

Cuireadh Coiste Ardleibhéil ar bun, faoi chathaoirleacht na Roinne seo, nuair a seoladh an tuarascáil, d'fhoillfeadh mholtaí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta a chur chun cinn. Thuairiscigh an Coiste don Rialtas go luath i 2005 ar na modhanna ab fhéarr chun moltaí polasáí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta a chur i bhfeidhm agus d'fhógair an tAire Plean Gníomhaíochta le gairid chun an próiseas seo a sheachadadh. Chomh maith le sainghrúpa a chur ar bun chun comhairle a chur maidir le dul chun cinn na hoibre forfheidhmithe⁸ beidh an tAire ag tuairisciú don Rialtas dhá uair sa bhliain faoin obair seo. Beidh comhairle an tsainghrúpa an-tábhachtach do thuairisc an Aire. Tá na socruithe déanta chun an timpeallacht ghnó a fheabhsú in Éirinn.

Straitéis Ríomhghnó

Fuair an Roinn maoiniú Cumainn Faisnéise agus rinne bainistiú ar an €1.5m sin, mar ar caitheadh é ar thionscnaimh a thacaigh le ríomhghnó le linn 2004. D'fhoilsigh an Roinn straitéis nua Ríomhghnó chun spreagadh agus cúnadh a thabhairt do Fhiontair Bheaga agus Mheánacha, mion-fhiontair san áireamh, chun an ríomhghnó a úsáid lena n-íomhaíochas a mhéadú.

Ról Fhorbairt na Sionainne sa Todhchaí

Aistriodh riarachán Bhaile na Sionainne ó Fhorbairt na Sionainne go Comhairle Contae an Chláir i Meán Fómhair. Chomh maith leis sin, rinneadh aisghairm ar an riachtanas reachtúil a bhí ar chomhlachtaí a bhí i mbun gnó i gCrios Saor na Sionainne ceadúnas oibriúcháin a bheith acu de réir an Achta um Aerfoirt Stáit 2004.

I rith 2004 tugadh aird ar an tionchar a bheidh ag forbairtí áirithe ar ról Fhorbairt na Sionainne sa todhchaí. Ina measc tá athlonnú cheanncheathrú Fhiontraíocht Éireann go dtí an tSionainn mar atá molta sa chlár díláraithe, moladh an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta go n-éireodh Forbairt na Sionainne as a feidhmeanna forbartha tionscal, agus bunú ar

Údarás neamhspleách d'Aerfort na Sionainne. I bhfianaise na bhforbairtí seo, iarradh ar Bhord Fhorbairt na Sionainne straitéis nua a ullmhú don Chomhlacht.

Comhchomhairle le Tionscail

Bhuail an tAire agus oifigigh na Roinne le comhlachtaí agus le heagraíochtaí ionadaíochta chun cúinsí a théann i bhfeidhm ar íomhaíocht ghnó a phlé agus cuireadh na saincheisteanna seo faoi bhráid na n-údarás ábhartha, ag an leibhéal intire agus ag leibhéal an AE.

Bhí cruinniú speisialta comhchomhairleachta na nGnólachtaí Beaga, a bhunaigh an Roinn mar fhóram comhchomhairle agus díospóireachta le gnólachtaí beaga na hÉireann, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2004. Tionóladh an cruinniú chun plé a dhéanamh ar thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta agus chuir Cathaoirleach an Ghrúpa, An tUasal Eoin O'Driscoll, torthaí na tuarascála agus a cuid moltaí i láthair na mball. Tá ionadaithe de chuid na Roinne, gníomhaireachtaí forbartha fiontar agus eagraíochta atá ionadach nó a bhfuil spéis acu sa mhionghnó ar an mBord Comhairleach.

Sprioc 3: Ceapfar polasaithe agus cuirfear i bhfeidhm iad chun an timpeallacht íomhaíoch a fheabhsú d'fhoillfeadh gnólachtaí íomhaíoch a bunú agus a fhorbairt, agus infheistíocht choigríche dhíreach & forbairt inbhunaithe a choinneáil.

IOMAÍOCHAS NÁISIÚNTA

Moltaí na Comhairle Náisiúnta Iomhaíochais a Chur i bhFeidhm

Bunaíodh grúpa idir-rannach faoi chathaoirleacht na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta anuraidh chun moltaí na Comhairle Náisiúnta Iomhaíochais (NCC) a phlé agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm, mar atá sonraithe ina dtuarascáil *Competitive Challenge 2003*. D'ullmhaigh an grúpa tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an Rialtais le plé ag a gcruinniú ar an 6 Iúil 2004. Chuir an tuarascáil sin in iúl gur cuireadh formhór mholtaí an NCC

⁸ Tá fáil ar Phlean Gníomhaíochta an Aire ar <http://www.entemp.ie/press/2005/20050224.htm>

i Competitive Challenge 2003 i bhfeidhm de réir pholasaí an Rialtais. I measc mholtaí an NCC a cuireadh i bhfeidhm bhí tabhairt isteach ar chreidmheas cánach T&F, leathnú na Scéimeanna Fairsingithe Gnó agus Síol-Chaipitil go deireadh 2006, atosú ar mhaoiniú an Chláir Taighde sna hInstitiúidí Tríú Leibhéil (PRTLÍ) agus cur i ngníomh an bhonneagair náisiúnta leathanbhanda.

TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA AGUS TUILLEAMH EACHTRACH

Ceadúnú Allmhairithe/Onnmhairithe

Foilsíodh an t-athbhreithniú neamhspleách ar chóras rialaithe onnmhairithe na hÉireann i mí Iúil 2004. Molann an t-athbhreithniú roinnt réimsí, reachtúla agus neamhreachtúla araon, ina bhféadfaí an nuachóiriú agus an neartú is fearr a dhéanamh ar Chóras Ceadúnaithe Onnmhairithe na hÉireann le cinntiú go gcomhliontar ár ndualgais idirnáisiúnta.

Tá measúnú agus feidhmiú mholtaí na tuarascála á dhéanamh laistigh de chreatlach an Ghrúpa Idir-Rannaigh, a bhfuil Forfás mar chathaoirleach air, agus ina bhfuil an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Cosanta, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus na Coimisinéirí Ioncaim páirteach. Cuireadh tús le hobair fheidhmiú réimse moltaí i 2004 agus cuirfear chun cinn é sna míonna atá le teacht.

Cothú ar Onnmhairiú Earraí agus Seirbhísí/Éagsúlú ar Chinn Scribe Onnmhairithe

Bhí an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus na hAiri Stáit sa Roinn i mbun sé mhísean trádála déag ar leith thar lear i rith 2004.

Eagraíodh iad seo i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus ina measc bhí rannpháirtíocht i gCuairt Stáit an Uachtaráin ar Mheiriceá Laidineach – an Bhrasail, an Airgintín agus an tSile – agus dhá mhísean déag san Eoraip – 5 go dtí an Ríocht Aontaithe agus ceann amháin chuig an Ísiltír, an Spáinn, an Ungáir, an tSualainn, an Ungáir, an Fhrainc, an Eilvéis agus an Iodáil. Bhí an tAire Ó Máirtín i gceannas ar



Micheál Martin T.D., An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le Margo McLaughlin NTT DoCoMo le linn misean trádála chun na Seapáine i mí na Samhna 2004

mhísean mór trádála chomh maith go dtí an Chóiré agus an tSeapáin i mí na Samhna, agus eagraíodh & cuireadh i gcrích turais rathúla eile go dtí na Stáit Aontaithe agus go dtí an Meánoirthear – an Iaráin agus Aontas na nÉimíriochta Arabacha.

Chabhraigh na misin trádála seo le comhlachtaí Éireannacha caidreamh a thosú nó a fhorbairt le comhpháirtithe reatha nó comhpháirtithe nua i margáí éagsúla ar diríodh orthu. Léiríonn réimse na margáí a piocadh an gá atá le tacaíocht a chur ar fáil i margáí tábhachtacha seanbhunaithe chomh maith le cabhrú le comhlachtaí breis forbartha a dhéanamh ar a gcumas onnmhairithe agus éagsúlú a dhéanamh trí theacht ar mhargáí nua, go háirithe na margáí in Oirthear na hEorpa agus san Áise.

Mhéadaigh luach na n-onnmhairí timpeall 2.2% i 2004 ar 2003. Is é an tAontas Eorpach an margadh is mó atá againn i gcónaí, 62% den iomlán. Téann 19.7% d'iomlán ár n-onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe, an margadh aonair is mó atá againn dár n-onnmhairí.

Bhí an ráta fáis is mó ann d'onnmhairiú chuig réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin, le rátaí fáis i ndigití dúbailte chuig formhór na bpríomh-mhargáí –

An Astráil	+13.7%
An tSín	+9%
Hong Cong	+21%
An India	+15%
An tSeapáin	+10.6%
Singeapór	+18%
An Chóiré Theas	+15%
An Téaváin	+25%
An Téalainn	+12%



Micheál Martin TD, An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag tabhairt cuairte ar Technomart le linn misean trádála chun na Seapáine agus na Cóiré i mí na Samhna 2004.

I rith na bliana críochnaíodh an obair ar athbhreithniú agus ar athfhoirmlíú Straitéis na hÁise don tréimhse 2005-2009.

Árachas Creidmheasa Onnmhairithe agus Aisghabháil Fiacha

Tá fiacha le híoc fós, cuid acu le blianta fada, faoi fhorálacha na mbarántas árachais creidmheasa onnmhairithe a chuir an Stát ar fáil. Leanadh ag obair go gníomhach ar a naisghabháil i rith 2004. D'éirigh go maith leis na hiarrachtaí agus aisghabhadh €2.2m i rith na bliana.

Athbhreithniú ar Pholasaí Trádála

Tar éis comhchomhairle leis an Stát agus le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí, a cuireadh i gcrích i rith na bliana, rinneadh cáipéis chuimsitheach polasaí a dhréachtú agus a fhoilsiú agus seoladh i i mí Meithimh 2005.



Michael Aherne, TD, An tAire Trádála & Tráchtála ag freastal ar shiniú ar dhá chomhaontú gnó idir Éire agus dhá chomhlacht as Talamh an Éisc.

Tugann an cháipéis pholasaí seo sonraí faoi chur chuige an Rialtais maidir le forbairt na trádála agus an cion a bheidh le déanamh ag gach earnáil chun na cuspóirí atá leagtha síos a bhaint amach. Déantar cur síos ann chomh maith ar na modhanna oibre agus ar na próisis atá ag feidhmiú, san Aontas Eorpach féin agus san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), chun polasaí a cheapadh nó a thabhairt chun míneadais ar mhaithe le staid dhomhanda a bhaint amach a bheidh mar bhuntaca ag saorthrádáil agus ag trádáil chóir. Pléitear go sonrathach freisin sa cháipéis athbhreithnithe, tiomantas an Rialtais maidir le leasuithe a thabharfaidh tacaíocht agus a bheidh i bhfabhar an fháis eacnamaíoch i dtíortha thearcfhorbartha an domhain.

TIONSCNAIMH CHOMHSHAOIL

Polasaí Forbartha Inbhuanaithe

Is í aidhm *Straitéis Forbartha Inbhuanaithe 2003-2005* na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ná conair a sholáthar don Roinn agus do fhiontair chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach .i. forbairt a bhaineann amach an chothromaíocht idir thoisí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil an fháis.

I measc na mór-ghníomhartha a baineadh amach i 2004, an dara bliain de thréimhse trí bliana na Straitéise, bhí siad seo leanas:

Athrú Aeráide

Chun a tiomantas faoi Phrótagal Kyoto a shásamh, caithfidh Éire an t-aschur reatha dé-ocsaíd charbóin (CO₂) a laghdú. Is gné lárnach de straitéis athraithe aeráide an AE é Treoir Trádála Aschur an AE, lena mbunaítear Sceim Trádála Aschur an AE (ETS). Leagann an ETS de dhualgas ar gach Ballstát Plean Náisiúnta Leithdháilte a ullmhú, chun liúntas CO₂ a dháileadh ar chomhlachtaí a ghlacann páirt in ETS an AE. Chinntigh an Roinn, trína rannpháirtíocht san Fhoireann Idir-rannach Athraithe Aeráide, atá faoi cheannas na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, go dtabharfaí aird ar cheisteanna iomaíochais i gcomhthéacs dhearbhu an pholasaí don Phlean Leithdháilte. D'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Chosanta Comhshaoil an Plean do chéad chéim an ETS (2005-2007).

Ghlac an Roinn páirt in idirbheartaíocht ag leibhéal na hEorpa maidir le réimse saincheisteanna athraithe aeráide,

ina measc *Grúpa Oibre an Choimisiúin um Thrádáil Aschur, Polasaithe Athraithe Aeráide an AE tar éis 2012* agus an *NascThreoir Chomhfheidhmíthe(II)/Meicníocht Ghlanfhorbartha(CDM)*. Is modhanna oibre solúbtha tionscadal-bhunaithe iad II agus CDM, agus ligeann an NascThreoir do na rannpháirtithe sna tionscadail seo creidmheasa a úsáid as gníomhaíochtaí tionscadal-bhunaithe lasmuigh den AE ar mhaithe lena ndualgais intíre a chomhlíonadh faoi scéim trádála aschur an AE.

Inbhuaine Iomaíoch

Plean Gníomhaíochta Teicneolaíochtaí Comhshaoil an AE (ETAP). Is comh-thionscnamh é Plean Gníomhaíochta Teicneolaíochtaí Comhshaoil an AE idir Ard-Stiúrthóireacht Comhshaoil agus Ard-Stiúrthóireacht Taighde an Choimisiúin Eorpaigh ar mhaithe le leas a bhaint as cumas na dteicneolaíochtaí comhshaoil chun cur le hiomaíochas agus fás. Ghlac an Roinn páirt, mar aon leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, san idirbheartaíocht sa Ghrúpa Oibre Ardleibhéil, le cinntiú go dtabharfar tús áite do cheisteanna iomaíochais sa tionscnamh.

Saincheisteanna Dramhaíola

Bhí an Roinn páirteach i dtionscnaimh éagsúla dramhaíola náisiúnta le linn 2004, le cinntiú go dtabharfaí aird ar riachtanais na dtionscal. B'é an Tascfhórsa Trealamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach (WEEE) a leag síos na bunchlocha d'fheidhmí na Treorach WEEE (a phléann le haisghabháil dramhaíola leictreach), an ceann ba shuntasáí díobh seo.

Freagracht Shóisialta Chorporáideach

- Bíonn an Roinn páirteach sa phainéal breithiúnais do ghradaim tuairisceoireachta comhshaoil Chumann na gCuntasóirí Cairte (ACCA)
- I bpáirt le Fiontraíocht Éireann bhí an Roinn páirteach i dtionscadal BEST maidir le Córais Bainistíochta Comhshaoil i bhFiontair Bheaga agus Meánacha. Tionscadal de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a bhí ann, a rinne anailís ar shamplaí éagsúla de dheachleachtais i bpolasaithe, i gclár agus i dtionscnaimh phoiblí chun Fiontair Bheaga agus Mheánacha a spreagadh le glacadh le Córais Bainistíochta Comhshaoil. Rinne sé roinnt moltaí faoi na nithe a d'fhéadfadh údarais phoiblí agus páirtithe leasmhara eile a dhéanamh chun líon na bhFiontar Beag agus Meánach le Córais Bainistíochta Comhshaoil a mhéadú. D'aithin an Roinn seo go raibh deiseanna gnó ann ach na sinéirgíthe dearfacha idir iomaíochas

agus cosaint an chomhshaoil a shrianadh, agus bunaíodh Grúpa Oibre de na páirtithe leasmhara chun na moltaí a chur i bhfeidhm in Éirinn.

- Tá an Roinn ag tacú i gcónaí le tionscnaimh Fhiontraíocht Éireann chun feidhmíocht comhshaoil na dtionscal in Éirinn a fheabhsú, m.sh. Táirgí Comhshaoil den Scoth, Córais Bhainistíochta Comhshaoil, agus a suíomh gréasáin www.envirocentre.ie.

Inbhuaine Rannach

Aontaíodh Ráiteas Polasáí Comhshaoil Rannach, agus shínigh an tArd-Rúnaí é. Tacóidh sé le Plean Bainistíochta Comhshaoil na Roinne.

Tá obair ar bun le cinntiú go mbeidh na cleachtais is fearr ar bun i ngníomhaíochtaí na Roinne.

Leanann an tAonad Comhshaoil ar aghaidh le cumas forbartha inbhuanaithe na Roinne a fhorbairt, trí thacaíocht agus comhairle a sholáthar do Rannóga eile na Roinne maidir le saincheisteanna comhshaoil.

Bhí Foireann Ghlas na Roinne, faoi cheannas Oifigeach Glas, i mbun oibre i rith 2004 le cinntiú go mbíonn na cleachtais chomhshaoil is fearr in úsáid ag an Roinn ina bainistíocht agus ina ghníomhaíochtaí, ionas go laghdófaí a tionchar ar an gcomhshaoil.

I measc ghníomhaíochtaí agus beartais na Foirne Glas bhí siad seo leanas:

- Shínigh an tArd-Rúnaí Ráiteas Polasáí Comhshaoil na Roinne, a leagan amach tiomantas na Roinne chun a feidhmíocht comhshaoil a fheabhsú,
- Cur i bhfeidhm ar Phlean Bainistíochta Comhshaoil don Roinn,
- Leathnú ar chlár athchúrsála na Roinne,
- Idirchaidreamh le hAonaid ábhartha eile sa Roinn, go háirithe an tAonad TF, maidir le slite chun acmhainní a laghdú, a athúsáid, agus a athchúrsáil,
- Ullmhú 'Seicliosta Rannóige' chun na cleachtais chomhshaoil is fearr a chothú i ngníomhaíochtaí laethúla in aonaid ghnó áitiúla. Is liosta praiticiúil de ghnáthaimh shimplí é an Seicliosta agus ba cheart go laghdódh sé úsáid fuinnimh agus páipéir sa Roinn go suntasach,
- Clár leanúnach chun feasacht maidir le saincheisteanna glasa a chothú ar fud na Roinne.

CUIDA DÓ
Ardchaighdeáin Oibre & Foghlaim

SPRIOC 4: Cinnteoidimid go bhfreagraíonn polasaí an mhargaidh fostaíochta do na hathruithe sna riachtanais scileanna agus tabharfar tús áite don infheistíocht a sholáthraíonn poist níos fearr, oideachas fadsaoil do chách agus a chuirfidh feabhas ar chuimsitheacht shóisialta.

OILIÚINT AGUS FOSTAÍOCHT

Maoiniú

I 2004 d'infheistigh an Roinn €834.3m in iomlán i gcláir oiliúna agus fostaíochta, buiséad Státhiste €557.7m agus buiséad Chiste Náisiúnta Oiliúna €276.6m san áireamh. Bhain an chuid is mó den chaiteachas seo le gníomhaíochtaí de chuid FÁS.

Bhí 79,000 duine páirteach i gcláir oiliúna agus fostaíochta FÁS le linn 2004, mar seo leanas:

- **Oiliúint do dhaoine fostaithe:** 28,000 rannpháirtí agus caiteachas €102m.
- **Oiliúint do dhaoine dífhostaithe:** 19,000 rannpháirtí agus caiteachas €199m.
- **Scéimeanna Fostaíochta:** 32,000 rannpháirtí agus caiteachas €354.3m.

I 2004, thug an Ciste Náisiúnta Oiliúna tacaíocht do scéimeanna a d'fheidhmigh FÁS, Fiontraíocht Éireann, Forbairt na Sionainne, Skillnets Teo., Forfás, Institiúid Innealtóirí na hÉireann, an tÚdarás Ardoideachais, The Wheel (staidéar féidearthachta maidir le hoiliúint san earnáil phobail agus dheonach), agus caiteachas ar *Oiliúint In-chomhlachta atá inaisíochta as Ciste Sóisialta na hEorpa*.

Oideachas Fadsaoil

Diríonn na tionscnaimh agus na moltaí a leagtar amach i dTuarascáil an Tascfhórsa ar Oideachas Fadsaoil ar rochtain ar oiliúint a chothú agus a fheabhsú, ar scileanna nua a fhorbairt, ar cháilíochtaí aitheanta a ghnóthú agus ar dhul ar aghaidh go cáilíochtaí ardleibhéil. Rinne an Roinn seo – chomh maith leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta – dul chun cinn leanúnach i 2004 chun na moltaí a chur ar

aghaidh. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leo seo a leanas go háirithe:

- Creatlach Cháilíochta Náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creidiúnú ar Réamhfhoghlaim agus Taithí (APEL) ag FÁS;
- Clár Oiliúnoirí Náisiúnta FÁS/EI a chur ar bun;
- Bunaíodh An Fóram Náisiúnta Treorach; agus
- Síneadh Clár na nGréasán Oiliúna ar feadh tréimhse breise cúig bliana.

Cuireadh €15m ar fáil chomh maith sna Meastacháin i 2005 chun leathnú suntasach a dhéanamh ar ghníomhaíocht FÁS maidir le tionscnaimh oiliúna in-chomhlachta. Úsáidfeadh cuid mhór den €15m seo mar ghriaráil chun maoiniú breise a fháil ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna don Todhchaí

Ó cuireadh ar bun é i 1997, chabhraigh tuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna don Todhchaí a chinntiú go n-aithneofar na sainscileanna a bheidh riachtanach in earnálacha tábhachtacha sa gheilleagar sna blianta atá romhainn.

Fairsingíodh sainchúram an Ghrúpa i 2004, chun an ról a bhí ag an gComhairle Náisiúnta Comhairleach Oiliúna a ghlacadh chuige, agus dhirigh sé a aird ar shaincheisteanna tras-earnála, ar nós na constaicí atá ar oiliúint in-chomhlachta a aithint agus cion na scileanna boga sa láthair oibre a iniúchadh. I rith 2004 rinne an Sainghrúpa na nithe seo leanas:

- Athbhreithniú ar a chuid moltaí uile go dáta le fáil amach cén dul chun cinn a bhí déanta chun iad a chur i bhfeidhm san idirthréimhse;
- Ghlac páirt ghníomhach sa *bhFóram um Láthair Oibre na Todhchai*, agus in *Athbhreithniú Ardoideachais an OECD*;
- Foilsíodh athbhreithniú ar ghnéithe d'oiliúint na ndaoine atá ag obair in Éirinn;
- Cruthaíodh *Samhail* chun an Soláthar agus Éileamh ar Thaighdeoirí agus ar Phearsanra Taighde a Thuairisc de réir Straitéis na hÉireann chun Cur le Tionscnaimh 3% Cheantar Taighde na hEorpa agus

- Foilsíodh athbhreithniú ar chumais díolacháin, margaióchta agus nuálaíochta na bhFiontar Beag agus Meánach a bhíonn ag onnmhairiú.

Chomh maith le moltaí a dhéanamh agus monatóireacht ar an dul chun cinn, chuardaigh an Sainghrúpa bealaí le cinntiú go mbeidh torthaí an taighde ar eolas go forleathan agus go dtabharfar aird orthu i ndíospóireachtaí faoi riachtanais scileanna na todhcháí.

Skillnets

Lean Skillnets air leis an bhforbairt oiliúna d'fhostaithe trína Chlár Gréasáin Oiliúna. Is cuideachta neamhspleách é Skillnets, le bord tripháirteach, a fheidhmíonn Clár na gGréasáin Oiliúna, agus maoiníonn an Roinn é tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna.

Tá oiliúint Skillnets dírithe ar scileanna fiontraíochta, ar Fhiontair Bheaga agus Mheánacha agus ar bhun-scileanna. Diríonn sé ar oiliúint a bhfuil sé d'aidhm aige iomaíochas na bhfiontar a fheabhsú agus infhostaíocht na n-oibríthe a mhéadú. Tar éis a thréimse phiolótach (1999 go 2004) tá Skillnets bunaithe ar bhonn níos buaine anois, le sainúdarás nua cúig bliana agus buiséad níos mó. €7.5 milliún atá ina bhuiséad do 2005 agus tá maoiniú eile €48.5 milliún beartaithe go dtí 2010, faoi réir ag faomhadh an phróisis bhliantúil bhuiséid.

Oiliúint In-Chomhlachta

I measc a chuid bearta déanann an Plean Oibriúcháin um Fhorbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna (**EHRDOP**), a ritheann ó 2000-2006 agus atá ina chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta soláthar do thacaíocht ESF chun daoine a oiliúint ar an láthair oibre (Oiliúint In-chomhlachta). Déanann FÁS agus Fiontraíocht Éireann formhór an riaracháin ar an ngníomhaíocht sa réimse seo. Ar mhaithe lena ngníomhaíochtaí d'fhonn forbairt acmhainní daonna a fheabhsú i bhfiontair, áfach, loirg an Roinn moltaí faoin mBeart Oiliúna In-chomhlachta i mí Dheireadh Fómhair 2002. Tá 21 tionscadal gníomhach de dheasca na moltaí sin a lorgaíodh faoi EHRDOP agus tá siad ag staideanna éagsúla críochnaithe. Tá luach iomlán

€10 milliún ag na tionscadail agus tá siad ag tacú le gníomhaíochtaí nua oiliúna in-chomhlachta nó le forbairt ar chórais oiliúna in-chomhlachta.

Printiseacht

Bronntar an Teastas Náisiúnta Ceardaíochta nuair a éiríonn le daoine cúrsa ceardaíochta i Seirbhísí Beáir, Cócaireacht Ghairmiúil, Fáilteoireacht Oifige Fáilte, Scileanna Turasóireachta, Scileanna Óstaíochta agus Scileanna Gníomhaíochta Taistil a chríochnú. Cuireadh an Teastas Náisiúnta Ceardaíochta leis an gCreatlach Cháilíochtaí Náisiúnta ag Leibhéal a 6 mar thacar scileanna, rud a thugann aitheantas do na caighdeáin eolais, scile agus cumais atá neadaithe i bprintiseachtaí.

I gcomhar lena Choiste Comhairleach Printiseachta Náisiúnta tá FÁS ag forbairt córas printiseachta níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus níos leitheadúla chun freastal ar riachtanais na fiontraíochta agus scileanna na n-oibrí a fheabhsú.

Sa bhliain suas go dtí mí na Nollag 2004, bhí tús curtha ag 16,652 printiseach i dtrí chéim⁹ de phrintiseachtaí a bhí á reáchtáil ag FÁS, 6,352 faoi Chéim a 2, 5,218 faoi Chéim a 4 agus 5,082 faoi Chéim a 6.

Cláir Fostaíochta

Ag eascairt as athbhreithniú ina ndearnadh comhchomhairle leitheadach leis na Páirtithe Sóisialta, baineadh amach cuimsitheacht fheabhsaithe ag na leasuithe a fógraíodh i mí na Samhna 2004 ar Scéimeanna Fostaíochta FÁS, .i. Fostaíocht Phobail (CE), Tionscnamh Fostaíochta (II) agus Cláir an Gheilleagair Shóisialta (SEP), mar ar:

Cuireadh an teorainn 3 bliana ar ceal do rannpháirtithe os cionn 55 i bhfostaíocht phobail. Le héifeacht ón 10 Samhain 2004, tá daoine os cionn 55 i dteideal páirt a ghlacadh i bhFostaíocht Phobail ar feadh uasmhéid 6 bliana. I gcás daoine a shroicheann 55 bliana le linn a ngnáth-thréimhse seirbhíse i bhFostaíocht Phobail, is féidir an rannpháirtíocht a shíneadh thar uasmhéid 6 bliana. Tá an chosaint agus an tosaíocht a thugtar do na seirbhísí riachtanacha cúraim

⁹ Is é atá i gceist le céim a 2 ná oiliúint/oidreachas le FÁS, agus le céim 4 & 6 ná oiliúint/oidreachas le hInstitiúidí Teicneolaíochta.

leanaí, seirbhísí a bhaineann le sláinte agus le cliaint an Tascfhórsa Drugaí, á gcoinneáil. Mairfidh an Fhostaíocht Phobail mar chláir gníomhach sa mhargadh fostaíochta agus cuirfear an bhéim ar an ngluaiseacht i dtreo na fostaíochta.

Déanfar athnuachan ar chonarthaí na rannpháirtithe atá fós ar Thionscnaimh Fostaíochta. Cuirfear daoine atá rannpháirteach i bhFostaíocht Phobail ina n-áit siúd a fhágann Tionscnaimh Fostaíochta go deonach, mar thaca don tseirbhís atá á chur ar fáil.

Tacaíonn an **Clár Geilleagair Shóisialta** le forbairt agus le hoibriú fiontar a chuireann seirbhísí áitiúla ar fáil i bpobail faoi mhíbhuntáiste agus ar a son, agus deiseanna fostaíochta a bhfuil brí leo dóibh siúd atá difhostaithe go fadtéarmach agus do dhaoine eile atá faoi mhíbhuntáiste. Ní scorfar Clár Geilleagair Shóisialta ar bith go héigeantach, mar go bhfuil páirt luachmhar acu i bpobail ar fud na tíre. I gcás go gcinneann fiontar ar éirí as a chuid gníomhaíochtaí dá dheoin féin, cabhróidh FÁS leis na fostaíochtaí a fhulaingíonn dá bharr fostaíocht eile a fháil.

Caitheadh €264m ar Fhostaíocht Phobail i 2004 agus bhí trichur de 28,775 rannpháirtithe ann. B'ionann agus €39m an caiteachas ar Thionscnaimh Fostaíochta agus trichur 2,398 a bhí ann. €39 milliún an toradh a bhí ann don Chlár Geilleagair Shóisialta i 2004. Bhí 313 fiontar i mbun oibre ag deireadh 2004, bhí 2,060 duine fostaíochta leo, 1,297 go lánaimseartha agus 763 go páirtaimseartha.

Deiseanna do Dhaoine faoi Míchumas

D'fhoilsigh an Roinn Plean Imlíne Earnála ar an 21 Meán Fómhair 2004. Cuirfear críoch leis an bPlean Earnála tar éis achtú an Bhille i 2005.

Lean FÁS ag tabhairt tosaíochta do sheirbhísí do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas ina measc, i 2004. Coinníodh suas na leibhéil gníomhaíochta ar chláir do dhaoine faoi mhíchumas, ina measc *Soláthraithe Oiliúna Speisialta*, agus an *Scéim Tacaíochta Fostaíochta*, de réir na ngealltanais faoi *Sustaining Progress (Sustaining Progress 13.11)*¹⁰.

Rinne an Roinn tuilleadh dul chun cinn ar fhorbairt Scéim Fóirdheontais Pá (WSS), de réir a ghealltanais faoi *Sustaining Progress (Sustaining Progress 13.3)*¹¹ i 2004, i gcomhairle le Ranna Rialtais eile. Bhí rath ar na hiarrachtaí a rinneadh maoiniú breise a fháil faoin bpróiseas meastacháin 2005 chun Scéim Fóirdheontais Pá (WSS) nua a fhorbairt agus a thabhairt isteach ar bhonn píolótach trí bliana. Tá líne buiséid €10 milliún ar bun don scéim do 2005, an soláthar reatha €5m don *Scéim Tacaíochta Fostaíochta* agus an *Clár Píolótach um Fhostú Daoine faoi Míchumas*, agus €5m eile lena chois sin. Tá Ranna Rialtais agus FÁS i mbun plé i gcónaí chun sonraí na scéime a thabhairt chun críche agus é a chur i bhfeidhm i 2005.

I gcomhréir leis an tiomantas faoi *Sustaining Progress* tugadh faoi **'Athbhreithniú ar an Soláthar Gairmoiliúna do Dhaoine faoi Míchumas in Éirinn'**, d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar gairmoiliúna do dhaoine faoi mhíchumas trí sholáthar de chineálacha éagsúla a fhaigheann maoiniú ó FÁS, agus chun réimsí ina bhféadfaí éifeachtacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Ghlac an Roinn le formhór mholtaí na gcomhairleoirí. Táthar á gcur i bhfeidhm ag FÁS faoi Phlean Gníomhaíochta atá faofa ag Bord Feidhmeannais FÁS. Foilseoidh FÁS straitéis gairmoiliúna do dhaoine faoi mhíchumas i 2005.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar oibriú an tionscnaimh chomhpháirtíochta Workway atá faoi cheannas IBEC agus ICTU tar éis comhaontú trí-bhealach maoinithe idir an Roinn agus IBEC maidir le Céim I den tionscnamh a bheith curtha i gcrích. Ba mhórtoradh de chuid na Céime seo treoirlínte fostaíochta IBEC/ICTU do dhaoine faoi mhíchumas. Tá maoiniú FÁS maidir le Céim II ar bun go dtí mí Aibreáin 2005, atá dírithe ar theimpléad a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas atá ag lorg rochtain fostaíochta agus chun cuid de na huirlisí atá forbartha cheana féin a phiolótú agus a fheabhsú. Nuair a bheid sé seo thart, déanfar roghanna taithí Workway don todhchaí a mheasúnú i bhfianaise an dul chun cinn a dhéantar chun saincheisteanna a réiteach a bhaineann leis an láthair oibre do dhaoine a bhfuil teacht ar fhostaíocht uathu, a aithníodh faoin tionscnamh Workway.

¹⁰ Tabharfaidh FÁS tús áite, chomh fada agus is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó, d'oiliúint agus do thacaí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.

¹¹ I mí an Mheithimh 2000, mar chuid de pholasaí an Rialtais seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a chur sa mhór-shruth, aistríodh an fhreagracht as seirbhísí oiliúna gairme do dhaoine faoi mhíchumas ón Roinn Sláinte agus Leanaí go dtí an Roinn seo. Choinnígh an Roinn Sláinte agus Leanaí an fhreagracht as oiliúint atshlánaíthe.

IMIRCE

Is é polasaí an Rialtais teacht ar an oiread agus is féidir dár riachtanais lucht oibre agus scileanna laistigh den Limistéir Eacnamaíoch Eorpach (EEA) agus gan ceadanna oibre a bhronnadh ar shaoránaigh atá lasmuigh den EEA ach nuair atá ganntanas scileanna ann. Bheartaigh an Rialtas saoirse iomlán gluaiseachta a thabhairt d'oibrithe as an 10 mballstát nua tar éis don Chonradh Rochtana teacht i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2004.

Tugadh isteach scéim chun tosaíocht a thabhairt do dheonú ceadanna fostaíochta do chéilí le linn 2004.

Eisíodh timpeall 10,000 Cead Oibre nua i 2004, i gcomparáid le beagnach 22,000 i 2003.

SPRIOC 5: Cuirfear feabhas ar chaighdeáin fostaíochta trí chearta agus teidlíochtaí fostaíochta a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm, trí shíocháin thionsclaíoch a chur chun cinn agus díospóidí a réiteach go héifeachtach.

CEARTA AGUS TEIDLÍOCHTAÍ FOSTAÍOCHTA

Reachtaíocht Chearta Fostaíochta

Athbhreithniú ar an Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971

I mí Bealtaine 2004 foilsíodh plépháipéar faoi Athbhreithniú ar an Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971 agus dáileadh ar pháirtithe leasmhara é. Tá aighneachtaí á n-iniúchadh faoi láthair le súil go mbeidh comhréiteach ann faoin mbealach chun cinn, reachtaíocht nua agus leasuithe san áireamh.

Athbhreithniú ar an Acht um Shaoire

Cúramóirí 2001

Cuireadh próiseas críochnúil ar bun le linn 2004 le páirtithe leasmhara maidir leis an Acht um Shaoire Cúramóirí 2001. Tá na saincheisteanna a tógadh á bplé leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach i gcomhthéacs Scéim Leasa Cúramóirí, atá á riaradh ag an Roinn sin.

Athráiteas ar na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 – 1993

Cuireadh dréacht oibre d'athráiteas na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-1993 i gcrích le linn 2004. Cuirfear an t-athráiteas faoi bhráid Thithe an Oireachtais tar éis Bille Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2004 a achtú.

An Bille um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar)

Ar an 14 Nollaig 2004, rinne an Rialtas faomhadh ar dhréachtú Bille chun Treoir AE 2002/14/EC den 11 Márta 2002, Treoir um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) a thrasuíomh. Cuireann “An Bille um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar)” ceart ginearálta ar fáil d'fhostaithe faisnéis agus comhchomhairle a fháil óna bhfostóirí. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Bille sa chéad leath de 2005.

Leasú ar an Treoir um Eagrú Ama Oibre

Bhí roinnt mhaith céimeanna agus Ranna eile i gceist i dtrasuíomh ar Threoir 2000/34/EC Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de Threoir Leasaitheach na Comhairle den 22 Meitheamh 2000, 93/104/EC maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre chun earnálacha agus gníomhaíochtaí a bhí fágtha amach as an Treoir sin a chur isteach i ndlí na hÉireann. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta dhá shraith de Rialacháin ar an 13 Nollaig 2004 – Rialacháin *Eagrú Ama Oibre (Iniamh Gníomhaíochtaí Iompair)* 2004 agus Rialacháin *Ama Oibre (Iniamh Obair amach ón gCósta)* 2004. Chuir na Rialacháin seo i bhfeidhm meán-sheachtain oibre le huasmhéid 48 uair an chloig d'fhostaithe áirithe iompair agus d'oibrithe amach ón gcósta.

Faisnéis agus Comhlíonadh Cearta Fostaíochta

An tAonad Faisnéise Cearta Fostaíochta

Cuireann an tAonad Faisnéise Cearta Fostaíochta seirbhís iomlán faisnéise ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe faoi reachtaíocht chearta fostaíochta. I 2004, phróiseáil an tAonad 137,926 glaoch gutháin, 3,426 teagmháil ríomhphoist, 5,817 iarratas sa phost agus 1,138 comhchomhairle aonair. D'eagraigh sé cuairteanna ar Ionaid Faisnéise na Saoránach agus taispeántais chomh maith i rith na bliana. Tá réimse cuimsitheach de bhileoga míniúcháin agus de threoracha maidir leis na teidlíochtaí

éagsúla atá ann faoin reachtaíocht cearta fostaíochta, agus sraith de bhileoga eolais faoi reachtaíocht chearta fostaíochta in Éirinn ar fáil i naoi dteanga ar iarratas agus ar shuíomh gréasáin na Roinne.

An tAonad Cigireachta Oibreachais

Cuireadh i gcrích Athbhreithniú ar Shainúdarás agus ar Acmhainní na Cigireachta Oibreachais i rith na bliana, mar thoradh ar ghealltanas a tugadh san Athbhreithniú Lár-théarma ar *Sustaining Progress*. Tá Plécháipéis a d'eascair as an obair seo dáilte ar na Páirtithe Sóisialta le go ndéanfaidís í a mheas. Tá roinnt moltaí tábhachtacha ann agus cuirtear i láthair na hargóintí ar son agus in aghaidh réimse de shaincheisteanna a théann i gcion ar an shainúdarás agus ar acmhainní na Cigireachta agus a aonaid ábhartha ghnó. Bhain an mhórchuid den obair imscrúdaithe a rinneadh i rith na bliana le teagmhálacha a leanúint, go díreach ó fhostaithe nó trí pháirtithe leasmhara. I rith 2004 rinne an Chigireacht Oibreachais na nithe seo leanas:

- 5,160 iniúchadh agus cuairt in iomlán, 1,836 a cuireadh i gcrích maidir leis an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996, a bhformhór san oíche;
- bailíodh riaráistí airgid €486,000 a bhí ag dul d'fhostaithe le haghaidh ragobair, pá saoire, srl;
- bhí sí freagrach as 14 cás in iomlán a tharchur trí Aonad Seirbhíse Dlíthiúla na Rannóige chuig Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit lena n-ionchúiseamh.

An tAonad Ionchúisimh agus Forfheidhmithe

Tharchuir Foireann Ionchúisimh an Aonaid Seirbhíse Dlíthiúla 54 cás chuig Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit le hionchúiseamh i rith na bliana. Cuireadh ocht gcás is fiche i gcrích go sásúil, le 17 ciontú agus fineáil.

Tharchuir an Fhoireann Fhorfheidhmithe, a phléann le dámhachtainí a bhronnann an Chúirt Oibreachais agus an Binse Achomhairc Fostaíochta, 35 cás chuig Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i rith na bliana. Cuireadh dhá chás is seasca i gcrích in imeacht na bliana.

Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

Tar éis gealltanas a rinneadh san Athbhreithniú Lár-théarma ar *Sustaining Progress*, ardaíodh an buaic-thuarastal inriofa ar féidir a áireamh d'íocaíochta faoin Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta, ó €507.90 sa tseachtain (€26,411 sa bhliain) go €600 sa tseachtain (€31,200 sa bhliain) trí mheán na rialachán a bhaineann leo faoi seach sa reachtaíocht. Cuireadh an t-ardú i bhfeidhm ar an 1 Eanáir, 2005.

Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde

An Bille um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2004

I rith 2004, foilsíodh an Bille um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2004 agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é. Cuireadh tríd Céim an Choiste é os comhair Roghchoiste Fiontar agus Gnó Beag na Dála agus táthar ag súil lena achtú i 2005. Comhdhlúthaíonn agus nuachóiríonn an Bille an reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte ceirde agus tá sé bunaithe ar mholtaí a fuarthas ó Bhord an *Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta* tar éis an t-athbhreithniú a rinne siad ar an *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 1989*. Forálfar san Acht nua do phionóis mhéadaithe agus tabharfar isteach fineálacha ar-an-bpoinnte do réimse sárúithe ar chóid reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta ag fostóirí nó ag fostaithe.

Sainghrúpa ar Bhulaíocht sa Láthair Oibre

Ceapadh sainghrúpa ar bhulaíocht sa láthair oibre i 2004 chun comhairle a chur ar an Aire maidir le:

- héifeacht na mbeart a bhaineann le cosc ar bhulaíocht sa láthair oibre;
- feabhsúcháin i ngnáthaimh a aithint; agus
- modhanna cuí chun tabhairt faoi iarmhairtí na bulaíochta sa láthair oibre, an strus sa láthair oibre a eascraíonn as an mbulaíocht sin san áireamh.

Tá an sainghrúpa ag obair chun cur leis an obair atá déanta cheana féin chun na bearnaí sa réimeas reatha a líonadh. Baineann an bhearna is mó le córas cothrom comhsheasmhach a bhunú atá ar fáil do chách, gan droch-thoradh, san áit a bhfuil bulaíocht i gceist; gníomhú go cuí san áit a bhfuil na córais seo easnamhach; agus clabhsúr cuí

éifeachtach a fháil d'íobartaigh maidir le líomhaintí bulaíochta. Tá tuarascáil an tsainghrúpa le teacht i 2005.

Dréacht-rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair (Foirgníocht)

Bhí díospóireacht ar bun le linn 2004 idir an Roinn agus grúpaí leasmhara éagsúla agus tá rialacháin a moladh ag an Oifig Abhcóide Parlaiminte le dréachtú go foirmiúil. Is é cuspóir na Rialachán seo na príomh-riachtanais sábháilteachta, sláinte agus leas daoine atá ag obair ar láithreacha foirgníochta a fhorordú agus breis éifeachta a thabhairt do *Threoir na Comhairle 92/57/EEC* faoi na híos-riachtanais sábháilteachta agus sláinte ag láithreacha foirgníochta sealadacha nó soghluaiste.

Beidh feidhm leis na Rialacháin seo i ngach tionscadal foirgníochta, chomh maith le cothabháil foirgneamh. Cuirfidh siad dualgais ar chliant agus ar dhearthóirí le cinntiú go dtabharfar aird ar shláinte agus ar shábháilteacht sula dtosaíonn aon obair foirgníochta. Ní mór do chonraitheoirí a chinntiú go ndéantar an obair ar an láthair a chomhardú agus a chur i gcrích ar bhealach sábháilte.

Glacfaidh na Rialacháin seo áit na Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair (Foirgníocht) 2001 agus déanfaidh siad iad a aisghairm agus táthar ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm i 2005.



Seoladh ar "Safe System of Work Plan" ag an Údarás um Shláinte & Sábháilteacht, dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an líon daoine a ghortaítear agus a mharaithear ar láithreacha tógála. C go D: An tUas. Jim Lyons, Cathaoirleach ar an Údarás um Shláinte & Sábháilteacht, An tUas. Tony Killeen T.D. An tAire Gnóthaí Oibreachais & An tUas. Tom Beegan Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Shláinte & Sábháilteacht.

Ionstraimí Reachtúla

Rinneadh cúig ionstraim reachtúla maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde i 2004, a bhaineann le:

- hiompar earraí contúirteacha ar bhóthar;

- rangú, pacáistíocht agus lipéadú ar ullmhúcháin chontúirteacha;
- trealamh iniompraithe brú;
- margáiocht agus úsáid substaintí contúirteacha; agus
- stóir mhiondiola agus phríobháideacha peitriliam.

Athbhreithniú ar Fhorais Chearta Fostaíochta

Cuireadh athbhreithniú i gcrích i mí Aibreáin 2004 ar Chomhlachtaí Cearta Fostaíochta, a thionscain an Roinn mar chuid den Chlár Rialtais. De réir na tuarascála bhí an córas róchasta agus ródhliúil, agus rinneadh roinnt moltaí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí cearta fostaíochta a fheabhsú ar leibhéal oibriúcháin agus ar leibhéal straitéiseach. Mar fhreagra ar mholtaí an ghrúpa athbhreithnithe, tá Clár Gníomhaíochta faofa ag an Rialtas ina ndéantar athchuir/ athscríobh leiththeadach ar an reachtaíocht Cearta Fostaíochta chomh maith le feabhsúcháin ar sheirbhís agus ar ghnáthaimh sna comhlachtaí féin. Beidh corpas reachtaíochta Cearta Fostaíochta mar thoradh ar an gClár Gníomhaíochta le:

- soiléire agus simplíocht mar shainmharcanna;
- tacaíocht á fháil ó chóras breithnithe atá báuil don úsáideoir, comhleanúnach agus comhsheasmhach;
- soláthar á dhéanamh ar chaighdeán seirbhíse feabhsaithe do chustaiméirí;
- cuirfidh sé le hiomaíochas náisiúnta; agus
- ní chasfaidh sé siar na noirm bhunaithe i gCearta Fostaíochta.

CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Creatlach Reachtúil CT

Neartaíodh an chreatlach reachtúil don Chaidreamh Tionsclaíoch i 2004 trí thabhairt isteach an *Achta um Chaidreamh Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004* agus na Cóid Chleachtais seo leanas:

- Cóid Cleachtais leasaithe maidir le Réiteach Deonach ar Dhíospóid
- Cóid Cleachtais maidir le híospairt.

Is é príomhchuspóir Acht 2004:

- feabhas a chur ar éifeacht na ngnáthamh atá ann cheana féin chun plé le díospóidí san áit nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta ann; agus

- toirmeasc a chur ar íospairt fosaithe, i gcomhthéacs díospóidí ina ngairtear an Cód Cleachtais maidir le Réiteach Deonach ar Dhíospóid, nó ina bhfuil céimeanna tógtha chun an Cód a ngairm.

Neartaíonn an tAcht na cleachtais sa chaidreamh tionsclaíoch a dtugtar éifeacht dóibh san Acht um Chaidreamh Tionscail (Leasú) 2001.

Forais Réitigh Díospóide

Luíonn an phríomh-fhreagracht maidir le réiteach ar chaidreamh tionsclaíoch leis na fostóirí, leis na fostaithe agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha. Tá freagracht ar an Stát maidir le creatlach institiúideach a sholáthar, reachtaíocht san áireamh, chun díospóidí a réiteach agus dea-chaidreamh tionsclaíoch a chothú. Tá ról tábhachtach ag na forais réitigh díospóide – An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Chúirt Oibreachais agus an Binse Achomhairc Fostaíochta – maidir leis an gcaidreamh tionscail.

Bhí an caidreamh tionsclaíoch an-dearfach i 2004, tuairiscíodh níos lú díospóidí agus níos lú laethanta cailte de bharr díospóidí tionsclaíocha ná riamh cheana. Bhí 11 stailc ann i rith na bliana, agus 20,784 lá cailte. Sa tréimhse chéanna i 2003, bhí 24 stailc ann agus cailleadh 37,482 lá.

Comhpháirtíocht Shóisialta

Bhí an Roinn páirteach san idirbheartaíocht a bhain leis an Athbhreithniú Lár-Théarma ar Chuid a Dó de *Sustaining Progress – Pá agus an Láthair Oibre*, sa chéad leath de 2004. Cuireadh an tAthbhreithniú i gcrích i mí Meithimh 2004 agus bhí gealltanais ann maidir le pá agus maidir le saincheisteanna eile sa láthair oibre, mar shampla: gealltanais i leith Íosphá Náisiúnta, Comhchoistí Oibreachais, Íocaíochta Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta agus Pinsin.

Íosphá Náisiúnta

De réir na ngealltanais i *Sustaining Progress*, shinigh an tAire Gnóthaí Oibreachais Ordú chun an tÍosphá Náisiúnta a ardú ó €6.35 go €7.00 san uair le héifeacht ó 1 Feabhra 2004.

Mar chuid den Athbhreithniú Lár-Théarma ar *Sustaining Progress*, d'aontaigh na Páirtithe Sóisialta go n-iarrfaí ar an gCúirt Oibreachais athbhreithniú a dhéanamh ar an Íosphá Náisiúnta agus go gcuirfí moladh faoi bhráid an Aire a bheadh i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2005. D'iarr an ICTU ar an gCúirt Oibreachais an t-Íosphá a iniúchadh i Meán

Fómhair 2004. Nuair a bhí an t-athbhreithniú sin déanta, mhol an Chúirt Oibreachais go n-ardófaí an t-Íosphá go €7.65 san uair agus thug an tAire éifeacht don ardú seo ó 1 Bealtaine 2005.

Coiste Creatlaí Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre / Saoil

Tá an Roinn ina cathaoirleach agus soláthraíonn rúnaíocht don Choiste Creatlaí Náisiúnta do Pholasaithe um Chothromaíocht Oibre / Saoil, a foráladh faoi *Sustaining Progress*. Bhí an Coiste i mbun gníomhaíochtaí éagsúla i rith 2004, ina measc bhí:

- lá Cothromaíochta Oibre/Saoil a eagrú;
- cúnaimh díreach airgeadais a sholáthar do thionscadail; agus
- óstaíocht ar dhá sheimineár faisnéise réigiúnacha.

Cuirtear cúnaimh díreach airgeadais ar fáil d'eagraíochtaí sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a chuirfeadh an chothromaíocht oibre/saoil chun cinn san eagraíocht. I measc na gcineálacha gníomhaíochtaí a fuair tacaíocht bhí:

- lámhleabhair oiliúna faoi pholasaithe cothromaíochta oibre/saoil a fhorbairt;
- straitéis chothromaíochta oibre/saoil a fheidhmiú laistigh den eagraíocht;
- polasaithe cothromaíochta oibre/saoil atá ann cheana a mheasúnú; agus
- feasacht faoi chothromaíocht oibre/saoil a ardú san eagraíocht.

Fóram um Láthair Oibre na Todhchaí

Bhí an Roinn páirteach in obair an *Fhórait um Láthair Oibre na Todhchaí* i rith 2004 trí Thascfhórsa an Fhórait agus an *Painéal Náisiúnta Polasáí agus Tacaíochta*, ina raibh ionadaithe ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais, Fostóirí agus Fostaithe. Seoladh Tuarascáil an Fhórait ar an 9 Márta 2005 agus bhí moltaí ann faoi straitéis náisiúnta don láthair oibre a fhorbairt. Bhain na moltaí seo a leanas le cúramáil na Roinne seo:

- tagairtí don oiliúint agus don oideachas fadsaoil;
- faisnéis agus comhchomhairle le fostaithe;
- oibríthe níos aosta agus oibríthe faoi mhíchumas;
- cothromaíocht oibre-saoil;
- inimirce eacnamaíoch; agus
- fócas nuálaíochta a chruthú ar an láthair oibre.

CUID A TRÍ

Feabhas a Chur ar Fheidhmiú Margaí agus ar Rialú

SPRIOC 6: Feidhmeimid go comhaontaithe chun an rialú is cothroime a chinntiú, agus ionas go gcuirfeadh é i bhfeidhm go héifeachtach; d'fhonn tráchtáil a spreagadh agus iomaíochas, muinín gnó agus leas na saoránach a chinntiú.

DLÍ CUIDEACHTAÍ

Oibriú Dlí Cuideachtaí

Athbhreithniú ar Dhlí Cuideachtaí

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an obair chun Dlí Cuideachtaí na hÉireann a leasú agus a chomhdhlúthú. Is é cuspóir foriomlán na hoibre seo ná réimeas simplithe, comhdhlúite agus inrochtana a bhaint amach i ndlí cuideachtaí, ina mbeidh cearta an chreidiúnaí agus an scairsealbhóra soiléir agus infhorfheidhmithe go héasca.

Tá sé seo á bhaint amach go príomha trí pháirtíocht **Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (CLRG)**, ina bhfuil grúpa saineolaithe a cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun moltaí a fhorbairt maidir le hathbhreithniú agus leasú dlí cuideachtaí ar bhonn chlár oibre rialta dhá bhliain. Tagann rúnaíocht an CLRG ón Rannóg Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí sa Roinn.

Cuireadh dara clár oibre an Ghrúpa Athbhreithnithe i gcrích agus foilsíodh é i mí Márta 2004. Leathnaigh an tuarascáil amach cuid de na moltaí i gCéad Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe, chomh maith le saincheisteanna leasúcháin i roinnt réimsí earnálacha de Dhlí Cuideachtaí a aithint, ar nós scairchaipiteal agus foirceannadh.

Tá críoch curtha leis an Scéim Ghinearálta don reacht um chuideachta phríobháideach agus tá an obair ag dul ar aghaidh ar na Coda atá fágtha den Bhille Comhdhlúite agus Athchóirithe Dlí Cuideachtaí, a dhéanfaidh déileáil le cineálacha cuideachtaí nach ionann agus an modhchineál nua atá molta, an chuideachta phríobháideach atá teoranta ag scaireanna.

Táthar ag súil go mbeidh dréachtú na Scéime Ginearálta uile curtha i gcrích i 2005.

Comhlíonadh ar Dhlí Cuideachtaí

Fiosrúcháin faoi alt 8 d'Acht na gCuideachtaí 1990

Ceapadh cigirí chuig an National Irish Bank Ltd (NIB) agus National Irish Bank Financial Services Ltd (NIBFS), ar iarratas an Aire faoi alt a 8 d'Acht na gCuideachtaí 1990, agus chuireadar a dtuarascáil – a foilsíodh ina dhiaidh sin – faoi bhráid na hArd Chúirte ar an 12 Iúil 2004. Thuairisc na Cigirí go raibh mí-iompar rí-shoiléir ann i leith pháirtíocht NIB agus NIBFS i socrúithe a chuidigh lena gcustaiméirí ioncam cánach a chalaísiú ón Stát. B'í conclúid na gCigirí chomh maith gur ghearr an Banc féin ús míchuí ar a chustaiméirí i rith cuid mhaith den tréimhse chéanna.

Chuir an Chúirt cóip den Tuarascáil faoi bhráid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar is gá de réir alt 11 d'Acht 1990, agus d'ordaigh go gcuirfí cóipeanna chuig na húdaráis ábhartha, ina measc Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (ISFRA), na Coimisinéirí Ioncaim agus Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí. D'ordaigh an Chúirt chomh maith go n-íocfadh an Banc costais iomlána an fhiosrúcháin.

Luíonn an phríomh-fhreagracht maidir le bearta leanúna faoi na hábhair a ardaítear sa Tuarascáil leis na gníomhaireachtaí reachtúla éagsúla.

Scrúduithe faoi alt 19 d'Acht na gCuideachtaí 1990

Bhí trí scrúduithe ar leabhair agus ar cháipéisí cuideachta ag oifigeach údaraithe an Aire faoi alt a 19 d'Acht na gCuideachtaí 1990 fós le cur i gcrích ag deireadh na bliana. Is iad College Trustees Ltd., Guinness & Mahon (Ireland) Ltd. agus Hamilton Ross Co. Ltd na cuideachtaí atá i gceist.

Ionchúisimh faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963-2003

Faoin Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001, luíonn an fhreagracht maidir le himscrúdú agus – nuair is cuí – ionchúiseamh ar shárúithe a cheaptar a tharlaíonn ar Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2003, leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus is é Cláraitheoir na gCuideachtaí atá freagrach as forfheidhmiú na riachtanas éagsúil maidir le haischuir a chomhdú faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Bhain Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) ráta ard ratha amach i 2004 lena ghníomhaíochtaí forfheidhmithe. D'éirigh leis an ODCE 66

ciontú a dhéanamh sa bhliain sin, ardú 50% ar 2003. I measc na bhforbairtí nua forfheidhmithe i 2004 bhí:

- an chéad chiontú faoi thrádáil chalaioiseach ar stiúrthóir cuideachta ag an ODCE;
- an chéad srianadh ar stiúrthóir cuideachta maidir le hoibriú cuideachta dócmhainneach neamhleachtaithe;
- an chéad dícháiliú agus srianadh ar stiúrthóirí a raibh a gcuideachta dhócmhainneach bainte de Chlár na gCuideachtaí mar gur theip orthu aschuir bhliantúla a chomhdú;
- an chéad chiontú agus dícháiliú ar stiúrthóir ar chuideachta srianta mar gur theip air coinníollacha dlíthúla a bhain lena shrianadh a chomhlionadh.

Is suntasach an rud é chomh maith gur léirigh na Cúirteanna, trí phianbhreitheanna fionraithe a ghearradh, go raibh siad sásta glacadh le pianbhreitheanna coinneála.

De bharr gníomhaíocht fhorfheidhmithe na hOifige um Chlárú Cuideachtaí chun cionta a chomhdú faoi Achtanna na gCuideachtaí ciontaíodh 25 stiúrthóir. Chomh maith leis sin, baineadh 6,595 cuideachta den chlár. Cuireadh srian ar ghníomhaíocht fhorfheidhmithe i 2004 toisc imeachtaí cúirte a bhain le scriosadh amach ar thoghairm i gcoinne cuideachta mar gur theip air a aischiur bhliantúla a chomhdú. Is ón gCúirt Uachtarach a tháinig an breithiúnas deireanach, rud a cheadaíonn atosú na n-ionchúiseamh do na cionta atá i gceist, sa Chúirt Dúiche ó 2005.

Caighdeáin Iniúchta agus Cuntasaíochta

Bord Eatramhach an IAASA (Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann)

Lean Bord Eatramhach IAASA lena chuid oibre i rith na bliana, ag díriú go háirithe ar an mbun-obair a ullmhú chun an tÚdarás a bhunú ar bhonn reachtúil, mar a fhoráiltear in *Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003*.

Tar éis feachtas earcaíochta ag an mBord Eatramhach, ceapadh Príomhfheidhmeannach (Ainmnithe) sa dara leath den bhliain. Thosaigh an Bord Eatramhach ansin ar chlár oibre tosaigh a fhorbairt mar chuid den phróiseas atá riachtanach dá bhunú go reachtúil.

Reachtaíocht Seirbhísí Airgeadais

Aonad Dlí Cuideachtaí (Seirbhísí Airgeadais) a bhunú/ Bille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 a dhreachtú

Bunaíodh Aonad nua Dlí Cuideachtaí (Seirbhísí Airgeadais) sa Roinn go mall i 2004 chun creatlach reachtúil soiléir cuí a sholáthar d'aonáin atá á n-úsáid ag an Tionscal Cistí. Is í aidhm an Aonaid a chinntiú go mbeidh forálacha cuí reachtúla ann chun forbairt táirgí nua a éascú agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil cosaint chuí ag infheisteoirí.

Dreachtáíodh an chéad dréacht de Scéim Ghinearálta an Bhille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha i rith na bliana. Ag súil leis an tsolúbthacht is mó agus is féidir a sholáthar don Tionscal Cistí, agus ag an am céanna rialú cuí a chur ar bun, tá roinnt moltaí déanta sa Bhille maidir le hathruithe sa dlí atá ann cheana féin faoi chistí infheistíochta. Foráiltear d'athruithe sa dlí ginearálta do chuideachtaí chomh maith, go háirithe baint amach aimhrialtachtaí atá ann cheana agus an bealach a réiteach do Threoracha an AE maidir le Mí-úsáid Margaidh agus Réamheolaire.

LEASA TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHT A CHOTHÚ

B'é 2.2% an meánráta boilscithe san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí i 2004, an ráta ab ísle ó 1999, isliú ó 3.5% i 2003. Léirigh Innéacs Comhchuibhithe Phraghsanna do Thomhaltóirí na hEorpa laghdú ó 2.8% i mí na Samhna go 2.4% i mí na Nollag. Is é seo an ráta is ísle atá ar taifead ó 1998.

Bhí an Roinn ag obair go dlúth i rith 2004 leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), leis an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, le Cumann Tomhaltóirí na hÉireann agus le Forfás faoi cheist trédhearcacht praghsanna. Leanann sé seo torthaí a bhí i dtuarascáil ag Forfás agus an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais a léiríonn gur sháraigh boilsciú praghsanna tomhaltóirí meán Chríos an Euro agus AE15 le seacht mbliana anuas. Ar cheann de na tionscnaimh a thosaigh an CSO dá bharr seo tá foilsiú na meánphraghsanna i mBaile Átha Cliath agus Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Rialú

Athbhreithniú ar Reachtaíocht Tomhaltóirí

Tá corpas iomlán dlí tomhaltóirí á athbhreithniú d'fhonn é a chomhdhlúthú i gcorpas nua-aimseartha achomair cuimsitheach dlí. Is aitheantas é seo go bhfuil a lán den reachtaíocht tomhaltóirí intíre níos mó ná céad bliain d'aois, agus go bhfuil difríochtaí i gcoincheapa dlíthiúla agus easpa ailínithe idir é agus an corpas dlí tomhaltóirí AE atá ag síorfhás. Cruthaíonn an staid reatha deacrachtaí do ghnóthaí, do thomhaltóirí agus d'údarais fhorfheidhmithe, agus tá siad contrártha le prionsabail 'rialú níos fearr'.

Sa chéad chéim, a ndearnadh dul chun cinn suntasach air i rith na bliana, déantar ullmhúchán do thrasuíomh na Treorach nua maidir le Cleachtais Éagóthroma Tráchtála¹², agus ionchorprú agus nuashonrú ar an reachtaíocht ábhartha intíre atá críon anois nó a bheidh curtha as feidhm ag an Treoir.

Is tionscadal fadtréimhseach é, a chuirfear i bhfeidhm i gcéimeanna thar 3 go 5 bliana.

Grúpa Straitéise Tomhaltóirí

Ceapadh an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí i mí Márta 2004 chun comhairle agus moltaí a dhéanamh chun polasáí náisiúnta tomhaltóirí a fhorbairt. Seo a leanas téarmaí tagartha an Ghrúpa:

- Comhairle a chur maidir le tionchar na reachtaíochta atá ann cheana féin agus atá molta ar leasa tomhaltóirí agus moltaí a dhéanamh dá réir;
- An cleachtas idirnáisiúnta is fearr maidir le cothú agus ionadaíocht leasa tomhaltóirí a scrúdú;
- Staidéir a chur sa tsiúl a léiríonn go hoibiachtúil cé acu an bhfuil tomhaltóirí Éireannacha ag fáil cothrom na Féinne nó nach bhfuil.

Tháinig an Grúpa le chéile cúpla uair le linn 2004.

Foilsíodh Tuarascáil dheiridh an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí ar an 18 Bealtaine 2005.

Tá os cionn 30 moladh ar leith i dTuarascáil an Ghrúpa sin. Ag freagairt do chroí-mholadh na Tuarascála rinne an Rialtas faomhadh ar bhunú Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí (NCA) nua a dhéanfaidh feidhmeanna reatha Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí a ionchorprú agus a mbeidh feidhmeanna sonracha breise aige i réimse abhcóideachta, taighde, faisnéise, forfheidhmithe, oideachais agus feasachta tomhaltóirí. Chun an Tuarascáil a choinneáil sa tsiúl, ceapadh Bord don Ghníomhaireacht nua i mí Meithimh 2005, le gníomhú i gcumas eatramhach go dtí go mbunaítear an NCA ar bhonn reachtúil. Chomh maith leis sin, rinne an Rialtas faomhadh ar bhunú Coiste Ard-Leibhéil idir-rannach chun moltaí an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí a iniúchadh agus tuairisciú ar ais le plean feidhmiúcháin laistigh de thrí mhí. Agus ar deireadh, ag an am céanna a foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí, seoladh próiseas comhchomhairleach poiblí ar an Ordú um Earraí Grósaera, go háirithe maidir leis an moladh a rinne an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí go n-aisghairmfí an tOrdú um Earraí Grósaera ina iomláine. Tá sé i gceist go mbeidh an próiseas comhchomhairleach i gcrích i gceann 2/3 mhí agus go gcuirfear moltaí maidir leis an ábhar faoi bhráid an Rialtais ina dhiaidh sin.

¹² Is í aidhm na Treorach atá molta faoi Chleachtais Éagóiracha Tráchtála ná forbairt an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn trí bhaic ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a eascraíonn as difríochtaí náisiúnta i rialú cleachtais éagóiracha tráchtála a laghdú; agus leibhéal ard cosanta a sholáthar don tomhaltóir. Mar chroílár an mholta tá rialachán tripháirteach de chleachtais éagóiracha tráchtála le (1) cosc comónta ginearálta ar chleachtais éagóiracha tráchtála, (2) rialacha níos míonsonraithe faoi dhá cheann de na cineálacha is coitianta (cleachtais mheabhlacla agus shaihteacha) agus (3) liosta dubh de 21 cleachtas meabhlacla agus 8 gcleachtas shaihteacha a mheastar a bheith éagóirach i ngach cúinse.

Teach Imréitigh don Ghréasán Seachbhreithiúnach Eorpach (EEJ-Net)

Leanadh ar aghaidh le comh-mhaoiniú na Roinne agus an Choimisiúin Eorpaigh ar Theach Imréitigh na hÉireann don Ghréasán Seachbhreithiúnach píolótach Eorpach (EEJ-Net). Cabhraíonn sé seo le tomhaltóirí díospóidí trasteorann a réiteach tríd an scéim Réiteach Malartach Díospóide (ADR). D'fheidhmigh Ionad Tomhaltóirí Eorpach Bhaile Átha Cliath mar Theach Imréitigh dúinn in Éirinn i 2004 agus cuireadh 52 cás faoina bhráid.

I mí Aibreáin 2004 chuir Teach Imréitigh na hÉireann tuarascáil dar teideal *'The Need to develop ADR in Ireland'* ar fáil; scrúdaíodh a thaithí, pléadh an staid ADR in Éirinn faoi láthair, amharcadh ar staid na hEorpa agus cuireadh cúig mholadh chun cinn chun dea-fhorbairt a dhéanamh ar ADR in Éirinn.

Tairseach Cosanta Tomhaltóirí

Aithníodh gur tionscadal tosaíoch é forbairt ar Thairseach Cosanta do Thomhaltóirí in athbhreithniú ar ríomhstraitéis na Roinne i 2003. Cuireadh an chéad chéim den fhorbairt a dhíríonn ar roinnt réimsí tosaíoch, Sábháilteacht Táirgí agus Lipéadú Táirgí san áireamh, i gcrích faoi dheireadh Márta 2005. Nuair atá an chéad chéim eile i gcrích i dtreo lánfhorbairt na Tairisí cuirfeadh é i gcreatlach **OASIS**. Soláthróidh an Tairseach bunachar leitheadach sonraí d'fhaisnéis suas chun dáta faoi fhorhóir cheisteanna na dtomhaltóirí agus beidh teacht ag an bpobal air ar an Idirlión.

Forfheidhmiú ar Chomhlíonadh – Tomhaltóir

Pionóis as ucht Reachtaíocht Tomhaltóirí a shárú

Bhí Rannóg Pholasáí Iomaíochta agus Tomhaltóirí na Roinne ag obair go dlúth i gcónaí le hOifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí trí mheán Choiste foirmiúil Idirchaidrimh, rud a d'éascaigh dréachtú reachtaíochta don Roinn, le cur faoi bhráid an Oireachtais i 2005, chun na pionóis airgeadais do shárú seacht bpíosa den Reachtaíocht Cosanta Tomhaltóirí a mhéadú. Seo a leanas na reachtanna a dhéanfaidh an Bille a leasú: An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980, An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978, An tAcht um Shaoire

Láneagraithe agus Trádáil Taistil 1995, An tAcht um Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann 1996, An tAcht um Chleachtais Srianata Trádála (Orduithe a Dhaingniú) 1972, An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995 (á bhforfheidhmiú den chuid is mó anois ag IFSRA).

Forfheidhmiú ar Chomhlíonadh – Iomaíocht

Údarás Iomaíochta

Thug an tAcht Iomaíochta 2002 cumhachtaí imscrúdaithe breisithe agus níos mó neamhspleáchais don Údarás Iomaíochta. Mar chomhthoradh air sin, rinneadh méadú suntasach ar acmhainní airgeadais agus foirne an Údaráis i 2004.

Srianta neamhthuille ar Iomaíocht a bhaint

Lean an tÚdarás lena staidéar cuimsitheach ar ocht ngairm sna hearnálacha foirgníochta, leighis agus dlíthiúla. Foilsíodh tuarascálacha eatramhacha faoi na gairmeacha innealtóireachta agus ailtireachta i rith na bliana, agus foilsíodh an tuarascáil dheiridh faoin innealtóireacht i mí na Nollag 2004.

Chomh maith leis sin, lean an tÚdarás, i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar aghaidh lena staidéir san earnáil árachais agus san earnáil bhaincéireachta. Foilsíodh cáipéis chomhchomhairle mar gheall ar an earnáil árachais i mí Feabhra 2004. Foilsíodh tuarascáil eatramhach faoin earnáil bhaincéireachta i mí na Nollag 2004 ina raibh 40 moladh a bhí dírithe ar an iomaíocht i measc na mbanc a bhreisiú agus dul chun sochair custaiméirí baincéireachta pearsanta agus fiontar bheaga agus mheánacha.

Amicus Curiae i F. Hoffman – La Roche Ltd v Empagran S.A.

I 2004 chuaigh Rialtas na hÉireann, i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta, i bpáirt le Rialtais an RA agus na hÍsiltíre i mionteagasc *amicus curiae*¹³ os comhair Chúirt Uachtarach SAM. Bhí saincheist faoi réim dhlinseach chúirteanna SAM i gcásanna frith-iontaobhais i gceist agus d'éascair sé as comhthéacs cairtéal líomhanta domhanda do tháirgí vitimíní éagsúla i mbulc. Bhí idirghabháil na hÉireann bunaithe ar an mbagairt d'fhorfheidhmiú dlí iomaíochta i dtíortha Iasmuigh de SAM.

¹³ Mionteagasc a chomhdaítear leis an gcúirt ag duine nach bhfuil ina p(h)áirtí sa chás.

SPRIOC 7: Déanfar iomaíocht a chur chun cinn i ngach earnáil agus cinnteofar go mbainfear an leas is mó as oibriú cóir, éifeachtach an mhargaidh.

Athchóiriú Árachais

I 2004 tháinig rath ar chuid mhaith d'obair an Chlár Leasaithe Árachais. Is í aidhm an Chláir Athchóirithe Árachais, a seoladh ar an 25 Deireadh Fómhair 2002, feidhmiú mhargadh árachais na hÉireann a fheabhsú agus iomaíochas sa mhargadh a imscrúdú, leis an gcuspóir deiridh costais an árachais a laghdú ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí araon. Is cur chuige cuimsitheach comhordaithe i measc Ranna Rialtais agus eagraíochtaí tábhachtacha eile é an Clár.

Le bunú Údarás Rialála Seirbhísi Airgeadais na hÉireann, nil an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagrach níos mó as maoirseacht agus rialú gnóthais árachais. Ach ó tharla go bhfuil an tAire ina chathaoirleach ar an gcoiste ag leibhéal na nAirí atá i mbun maoirseachta ar an gClár Athchóirithe Árachais beartaíodh go bhfanadh freagracht an Chláir Athchóirithe Árachais leis an Aire go fóill. Tá formhór na moltaí sa chlár athchóirithe árachais curtha i bhfeidhm go hiomlán. Tá gach ceann a bhaineann leis an Roinn seo curtha i gcrích agus tá Ranna eile ag cur an bheagáin de na moltaí atá laistigh dá sainchúraim féin, agus atá gan críochnú fós, chun cinn. Tá an fhreagracht as polasaí agus as feidhmiú polasaí maidir le hárachas gluaisteán agus le comhordú idir-rannach maidir le hathchóiriú árachais aistrithe anois chuig an Roinn Iompair.

Tá a chion déanta ag an gClár Athchóirithe chun feabhas mór a chur ar leagan amach an mhargaidh árachais. Léiríonn figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh laghdú 21% ar chostais árachas gluaisteán idir mí Aibreáin 2002, nuair a foilsíodh an Chéad Tuarascáil Chomhairleach um Árachas Gluaisteán, agus mí Eanáir 2005. Tharla laghduithe suntasacha in Árachas Dlíteanais Phoiblí agus Árachas Dlíteanais Fhostóra chomh maith. Táthar ag súil le tuilleadh laghduithe de réir mar a chuirtear na hathchóirithe i bhfeidhm. Bhí feabhsúcháin i Margadh Árachais na hÉireann chomh maith maidir le brabúis shláintiúla, margadh árachais atá ag fás agus iontrálaithe nua chuig margadh na hÉireann.

Beidh an iomaíocht idir iontrálaithe nua a mealladh ag coinníollacha margaidh níos fearr ina ghné thábhachtach i gcinntiú go leanfaidh an brú chun préimheanna a ísliú.

Bord Measúnachta Díobhála Pearsanta (PIAB)

Ba chuid thábhachtach de Chlár Athchóirithe Árachais an Rialtais é bunú an Bhoird Measúnachta Díobhála Pearsanta (PIAB). Bunaíodh PIAB ag ordú Aire ar an 13 Aibreán 2004. Ón 1 Meitheamh 2004, caithear gach éileamh díobhála pearsanta a eascraíonn as timpistí sa láthair oibre a tharchur chuid PIAB sular féidir imeachtaí dlíthiúla a eisiúint. Ón 22 Iúil 2004, caithear gach éileamh dlíteanais mótaí agus poiblí a tharchur ar an gcaoi chéanna chuig an PIAB.

Tríd an ngá le dlíthíocht a sheachaint san áit nach bhfuil díospóid ann faoi dhlíteanas, tá réiteach PIAB ar chásanna mar seo dírithe ar an gcostas a bhaineann le cúiteamh a sholáthar d'íospartach timpistí a laghdú go mór. Chomh maith leis sin, déanann PIAB an cúiteamh seo a sheachadadh laistigh de fhráma ama níos tapúla ná mar a rinneadh faoin seanchóras. Pléfidh PIAB le formhór na gcásanna laistigh de naoi mí mar atá riachtanach faoin reachtaíocht ar ar bunaíodh é.

Ní phléann an Bord ach le héilimh neamh-chonspóidte, nach bhfuil aon cheist dhlíthiúil ag baint leo. Déanann PIAB méid an chúitimh atá dlite do pháirtithe gortaithe a mheasúnú.

D'fhoilsigh PIAB Leabhar Candaim, treoirleabhar chun leibhéal an chúitimh a mheasúnú de réir chineál an ghortú atá i gceist, ar an 2 Meitheamh 2004. Ní raibh sé i gceist, le táirgeadh an Leabhair Chandaim, go ndéanfaí leibhéal chúitimh do ghortú pearsanta a laghdú ná a mhéadú ach a léiriú, i dtreoirleabhar, cad é an leibhéal reatha damáistí do chineálacha áirithe gortuithe sa tír seo.

Tá próiseas PIAB simplí agus tá cabhair ar fáil ar líne cabhrach PIAB – Lóghlao 1890 829 121. Ní chuireann PIAB bac ar éilitheoirí comhairle neamhspleách dlíthiúil a úsáid. Is féidir le héilitheoirí plé go díreach le PIAB nó atur nae a úsáid ar a gcostas féin.

De thoradh iarratais ar Athbhreithniú Breithiúnach, rialaigh an Ard-Chúirt ar 25 Eanáir 2005 i gcoinne pholasaí PIAB

plé go díreach le héilitheoirí a d'fhostaigh seirbhísí aturnae. Mar gheall ar an rialú seo, pléann PIAB go díreach le haturnaetha éilitheoirí den chineál seo seachas an comhfhreagras uile chucu a chóipeáil mar a rinne siad roimhe sin. Mar sin féin, is féidir le héilitheoirí plé go díreach le PIAB, agus is minic a dhéanann siad amhlaidh.

Ag am a scríofa seo, tá a chéad dámhachtainí bronnta ag PIAB, agus glacadh lena bhformhór. Dearbhaíonn na dámhachtainí seo go bhfuil ag éirí le PIAB a phríomhchuspóirí a bhaint amach, cúiteamh a fháil d'íospartaigh timpistí ar chostas níos ísle agus an t-am a chaitear ag próiseáil éilimh a laghdú.

SPRIOC 8: Cinnteoidimid go mbeidh luach airgid le fáil as na hacmhainní a chuirtear faoinár gcúram. Méadóimid ár scileanna agus ár gcumais chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhís ár gcustaiméirí agus na bpáirtithe leasmhara ag gach leibhéal.

ARDCHAIGHDEÁN SEIRBHÍSE CUSTAIMÉARA

Cairt Chustaiméara, Plean Gníomhaíochta & Leibhéal Seirbhíse na Roinne

Cairt Chustaiméara

D'fhoilsigh an Roinn a céad **Chairt Chustaiméirí** le linn 2004. Fógraíonn an chairt tiomantas na Roinne seirbhíse a sholáthar dár gcustaiméirí faoi réir dhá phrionsabal déag na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) agus tógann sé ar an dul chun cinn a rinneadh faoin tionscnamh QCS go dtí seo.

Plean Gníomhaíochta

Mar chomhlánú ar ár gCairt, foilseofar *Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara* nua go luath i 2005. Clúdóidh sé an tréimhse 2005-2007 agus déanfaidh sé cur síos air mar a dhéanfar na gealltanais tugtha sa Chairt Chustaiméara a sholáthar agus a mheas.

Taighde Cúraim Chustaiméara

Rinne an Roinn TNS-MRBI a choimisiúnú, i gcomhar leis an IPA, chun taighde speisialta a stiúradh i gCearta Fostaíochta/Caidreamh Tionsclaíoch agus i Rannóga Forbartha Fórsa Oibre le linn 2004.

I gcoimisiúnú an taighde seo is í aidhm na Roinne ná cúnaimh praiticiúil agus treoir a fháil ina athbhreithniú ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí seachtracha an dá Rannóg. Fuarthas tuarascáil shonrach agus tá an dá Rannóg i mbun céim chur i bhfeidhm thorthaí an taighde faoi láthair.

Ó cuireadh tús leis i 2001, léiríonn torthaí an Taighde ar Chúram Custaiméara leibhéal arda sástachta i measc custaiméirí le soláthar seirbhíse sna réimsí den Roinn a ndearnadh suirbhé orthu go dtí seo, agus cuireann na torthaí ar chumas gach cuid den Roinn gníomhú de réir na

dtorthaí chun caighdeán na seirbhíse a sholáthraítear a fheabhsú níos mó.

Tá an Roinn ag breathnú faoi láthair ar an gclár a leathnú amach go codáí den Roinn nár clúdaiodh i gcéimeanna an tionscadail taighde ar Chúram Custaiméara roimhe seo.

Bhí na tionscnaimh seo leanas ann chomh maith i réimse TFC:

Cairt Chustaiméara an Aonaid TF

Ullmhaíodh Cairt Chustaiméara an Aonaid TF, atá deartha mar chomhlánú ar Chairt Chustaiméara ghinearálta na Roinne, i rith 2004. Rinneadh an Chairt a fhorbairt tar éis oiliúint foirne, taighde agus próiseas leitheadach comhchomhairleach cuí le hAonad QCS na Roinne, an Roinn Airgeadais agus le foireann an Aonaid TF. Trí oibriú trí thimthriall ceithre chéim comhchomhairle, tiomantais, meastóireachta, agus tuairisceoireachta, cinnteoidh an tAonad TF go mbeidh an leibhéal seirbhíse a chuireann sé ar fáil dá chustaiméirí ag feabhsú i gcónaí.

Grúpa Stiúrtha TFC

Rinne an Grúpa Stiúrtha TFC, a thugann ionadaíocht do leasa ábhartha na Roinne, meastóireacht agus faomhadh ar mholtaí TFC a chuir na haonaid ghnó faoina bhráid go foirmiúil, ina measc:

- córas rianaithe comhfhreagrais,
- córas ar líne do Cheadanna Onnmhairithe,
- córas chun rangú Paitinne a bhainistiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is déanaí.

Córas Athnuachana Íocaíochta ar Líne

Sroicheadh buaic na hoibre ar Chóras Íocaíochta Athnuachana ar Líne d'Oifig na bPaitinní nuair a rinneadh beo an córas i mí na Nollag 2004. Is féidir le custaiméirí na hOifige íoc ar líne anois le Visa, MasterCard nó le Cártaí Dochair Éireannacha (Laser) ó áit ar bith ar domhan. Déanann an córas nua comhéadan le córas riaracháin na hOifige atá ann cheana féin chun próiseas athnuachana aon-laie atá uathoibríoch go hiomlán a sholáthar, ó tháille athnuachana a íoc go heisiúint teastais athnuachana agus nuashonrú ar bhunachair shonraí oifige agus ar chlár oifige. Is féidir rathúlacht an tionscadail a mheas trí mheán líon na ndaoine a bhaineann úsáid as an tseirbhís, agus táthar ag súil go mbeidh timpeall €1 milliún íoctha ar líne sa chéad sé mhí i 2005 – i gcomparáid le bunspríoc den mhéid seo a bheith íoctha le linn na chéad bhliana.

BASIS

Tá suíomh gréasáin BASIS (www.basis.ie), atá á chothabháil ag an Roinn, deartha chun faisnéis iomlánaithe na hearnála poiblí a sholáthar don phobal gnó ar mhodh cliaint-lárnaithe atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí laethúla nó imeachtaí i saol gnólachta. Déanann an suíomh gréasáin óstaíocht ar ábhar ó os cionn 50 comhlacht ón earnáil phoiblí agus rinneadh an t-ábhar seo a chothabháil agus a leathnú ar mhodh tráthúil le linn 2004.

Iarratais ar Cheadanna Oibre

Tá an Roinn ag obair faoi láthair chun córas nua a fhorbairt chun bainistiú a dhéanamh ar iarratais ar cheadanna oibre. Beidh comhroinnt leictreonach agus athúsáid faisnéise ag roinnt comhlachtaí san earnáil phoiblí, a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu le réimse na himirce eacnamaíche, á dhéanamh sa tionscadal. Cuireadh tús le céim dheartha an tionscadail i Meán Fómhair 2004 agus tá sé le críochnú go luath i 2005. Leanfaidh céim fhorbartha agus cur i bhfeidhm é seo, atá le cur i gcrích go luath i 2006.

Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta

Cuireadh tús leis an obair ar chóras TF Iomarcaíochta nua a fhorbairt i mí Bealtaine 2004. Nuair a bheidh an córas i mbun oibre i 2005 cuirfidh an córas buntáistí suntasacha seirbhíse ar fáil do chustaiméirí, laghdú i líon na bhfoirmeacha, iarratas agus bailiochtú foirmeacha ar líne, ríomh níos simplí ar theidliocht, agus níos lú gá le comhfhreagras ina measc. Beidh gnóthachain in éifeachtachta riaracháin ann chomh maith mar gheall ar iontráil sonraí níos simplí, foirmeacha iarratais ar líne, agus níos lú fiosrúchán. Tá dul chun cinn an tionscadail de réir sprice go dtí seo, agus tá sé le bheith 'beo' ar an 10 Aibreán 2005.

B'é 2004 an chéad bhliain oibriúcháin don ghnáthamh nua chun éilimh fhostaithe ar iostheidliocht fógra a phróiseáil faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta. Faoin ghnáthamh nua, is féidir na héilimh seo a phróiseáil níos tapúla agus níos éifeachtaí, gan é a bheith riachtanach d'fhostaí dámhachtain a fháil ón mBinse Achomhairc Fostaíochta faoin reachtaíocht íosfhógra sula ndéantar éileamh. Is buntáiste eile é laghdú líon na gcásanna a eisteanann an Binse faoin reachtaíocht íosfhógra. Laghdaíodh iad seo ó 3,966 i 2002 faoin sean-ghnáthamh, go 2,802 i

2003 nuair a tugadh isteach an gnáthamh nua, agus go 1,061 i 2004.

Binse Achomhairc Fostaíochta

Bhí iniúchadh ar na roghanna maidir le comhleanúnachas agus cairdiúlacht na gcomhlachtaí cearta fostaíochta san áireamh in athbhreithniú na gComhlachtaí Cearta Fostaíochta. Ar cheann de mholtaí an athbhreithnithe, a cuireadh i gcrích i mí Aibreáin 2004, bhí bunú ar ghrúpa oibre in-tí chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú. I Meán Fómhair 2004, bhunaigh an Binse Achomhairc Fostaíochta Grúpa Athbhreithnithe Imheánach, agus cathaoirleacht an Bhinse mar chathaoirleach air, agus ina raibh leas-chathaoirleach agus baill as painéil cheardchumainn agus fostóirí an Bhinse mar bhaill. Tá a ghnáthamh, a eagrú agus a sheirbhís custaiméara á n-iniúchadh ag an nGrúpa le súil lena sheirbhísí d'úsáideoirí a fheabhsú. Táthar ag súil le tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe i lár 2005.

BAINISTÍOCHT AGUS NUACHÓIRIÚ

Bainistíocht Athraithe

Bhí páirt ghníomhach ag an Roinn i réimse leathan de Choistí Idir-Rannacha, a phléann leis an gclár oibre leathan nuachóirithe. I measc na gcoistí sin bhí Grúpa Feidhmiúcháin na nArd-Rúnaithe, an Gréasán Bainistíochta Athraithe, An Grúpa Straitéise Cánach, Grúpa Stiúrtha an RIA, Coiste Comhairleach an RIA, Coiste Comhairleach an MIF, Foghrúpa Bainistíochta an Tionscadal MIF, an Grúpa Oibre um Bhainistíocht Airgeadais, agus an Gréasán PMDS. Tríd na grúpaí seo, déanann an Roinn a cion ar son forbairt earnáil phoiblí nua-aimseartha, tháirgiúil, custaiméir-dhírthe agus glacann sí le múnlaí na gcleachtas is fearr ó áiteanna eile.

I 2004 rinne Coiste Stiúrtha Bhainistiú Athraithe na Roinne agus a cheithre fhoghrúpa: Bainistíocht Acmhainní Daonna Ardchaighdeáin Seirbhíse Custaiméara/Oscailteacht, Trédhearcacht agus Freagracht; Bainistíocht Airgeadais, agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide athbhreithniú rialta ar phróiseas an Tionscnaimh Bainistíochta Straitéise laistigh den Roinn chun gníomhaíochtaí eile atá de dhíth i nuachóiriú éifeachtach na Roinne a aithint.

Creat Oibre um Bhainistíocht Faisnéise

Cuireadh tionscadal leitheadach chun córais airgeadais sa Roinn a nuachóiriú agus a iomlánú i gcrích i 2004. Tháinig córas nua airgeadais na Roinne i ngníomh, lena mhodúil go léir ag feidhmiú go hiomlán, i mí Aibreáin. Is céim thábhachtach i bhforbairt ar Ghréasán nua Bainistiú Faisnéise sa státseirbhís feidhmiú rathúil an chórais seo.

Leanann an obair mhíneadais ar thuairisciú Bhainistiú Faisnéise, chun táscairí saothraithe a chur san áireamh a cheadóidh nascadh níos fearr idir acmhainní agus aschuir ionas go mbeidh an próiseas déanta cinnidh níos eolasaí.

Bainistíocht Acmhainní Daonna

Is mórtosaíocht de chuid Nuachóiriú na Seirbhísí Poiblí é nuachóiriú na gcleachtas Bainistíochta Acmhainní Daonna. D'ullmhaigh an Roinn *Straitéis Acmhainní Daonna (AD)* atá comhleanúnach agus iomlánaithe agus d'aontaigh an Bord Bainistíochta leis i mí na Nollag 2004. Rinneadh iniúchadh seachtrach ar an téacs le cinntiú go gcloíonn sé leis an gcleachtas AD is fearr agus go sásaíonn sé na dualgais dhlíthiúla uile, agus le cinntiú chomh maith go bhfuil a stíl agus a theanga báúil don úsáideoir.

Is é fócas na Straitéise ná a mhapáil conas a leanfar leis an aistriú go cur chuige níos straitéise do bhainistiú na ndaoine atá againn agus an chreatlach tacaí atá de dhíth ar an bhfoireann uile a leagan amach sa timpeallacht nua HRM (Bainistíocht Acmhainní Daonna). Tá an chreatlach tacaí á forbairt i gcomhar leis an Straitéis AD. Is tacaí bunúsacha iad seo d'fheidhmiú rathúil na Straitéise AD agus dá réir sin spríoc nuachóirithe na gcleachtas nuachóirithe HRM.

Sustaining Progress

Rinne an Roinn athbhreithniú go tréimhsiúil ar a Plean Gníomhaíochta *Sustaining Progress*, agus thuairiscigh sí chuig an Roinn Airgeadais agus chuig Grúpa Deimhnithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG) maidir le dul chun cinn an phlean. Is é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta ná cuspóirí tábhachtacha nuachóirithe a sheachadadh thar tréimhse an chomhaontaithe. I measc na gcuspóirí nuachóirithe seo tá:

- gealltanais chun seirbhísí custaiméara a fheabhsú;
- breis forbartha ar an bpróiseas comhpháirtíochta;
- glacadh le nua-theicneolaíochtaí agus iad a fhorbairt;
- a chinntiú go bhfuil an t-uasluach á fháil as gach caiteachas poiblí i dtéarmaí aschur agus torthaí sainithe;
- rialú níos fearr, athbhreithnithe, athfhógairtí, comhdhlúthaithe agus RIA san áireamh.

De réir thréimhse sínte *Sustaining Progress* rinneadh Plean Gníomhaíochta na Roinne a leathnú i rith 2004 chun an tréimhse go mí an Mheithimh 2006 a chlúdach.

Bhí an Roinn sásta leis na tuairimí dearfa a léirigh an SCPVG tar éis dóibh gach ceann dár dtuairiscí ar dhul chun cinn a iniúchadh.

Comhpháirtíocht

Lean Coiste Comhpháirtíochta na Roinne le cothú an chur chuige pháirtíoch chun an clár oibre nuachóirithe a chur i bhfeidhm agus chun saincheisteanna a réiteach go ginearálta sa Roinn i rith 2004. Tháinig an Coiste, ina bhfuil baill foirne agus bainistíochta agus ionadaithe ceardchumainn, le chéile sé huair.

Lean an Coiste Comhpháirtíochta le chur chun cinn an clár oibre nuachóirithe

- trí chabhrú chun tuairiscí foráis a ullmhú faoi *Sustaining Progress* agus a phlean Gníomhaíochta leathnaithe;
- trí bheith páirteach i ndréachtú Chairt Sheirbhíse Custaiméara na Roinne;
- trí bhealaí a cheapadh d'fhonn úsáid níos éifeachtaí a bhaint as TFC;
- trí fheabhsúcháin bhreise a lorg i sláinte agus sábháilteacht; agus
- trí bheith páirteach i bhfoilsíú iris foirne na Roinne.

Suirbhé ar Thuiscintí agus ar Dhearcadh na Foirne

Rinneadh moltaí a dhréachtú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar cuireadh béim orthu san fhoilseachán *Staff Perceptions and Attitudes Survey, 2003*. Rinneadh iad seo a ionchorprú i bplean gníomhaíochta atá á chur i bhfeidhm ag súil go bfeabhsófar an bealach a stiúirann an Roinn a gnó.

Comhionannas

Chuir an Roinn an Clár Oibre Comhionannais chun cinn trí obair an Choiste Chomhpháirtíochta, agus go háirithe trí obair an Ghrúpa Comhionannais (foghrúpa den Choiste Chomhpháirtíochta). Faigheann an Grúpa Comhionannais cabhair ón Éascaitheoir Comhionannais agus ón Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais chun an *Clár Oibre Comhionannais* a chur chun cinn.

Bhreithnigh an Grúpa Comhionannais forbairt polasaithe chun páirtíocht na mban i ngráid shinsearach a mhéadú le béim ar leith ar sprioc 33% na bpost Príomhoifigeach a líonadh ag mná. Tá tuilleadh taighde le déanamh i 2005.

D'fhorbair an Grúpa Comhionannais polasaithe chun páirtíocht dhaoine faoi mhíchumas i gcomórtais ardú céime a fheabhsú. Chun teacht roimh thaighde na Roinne Airgeadais ar *ardú céime dhaoine faoi mhíchumas i Státseirbhís na hÉireann*, beartaíodh gur gá bearta eatramhacha a ghlacadh agus muid ag feitheamh le toradh an taighde seo agus a chuid moltaí. Bunaíodh grúpa ad hoc faoi ardú céime do dhaoine faoi mhíchumas dá bhri sin agus tháinig sé le chéile i mí an Mheithimh 2004. Aontaíodh iad seo leanas dá bharr:

- Modúl Comhionannais a fhorbairt do gach clár sainithe forbartha;
- oiliúint ionduchtaithe atá ann cheana féin a fhairsingiú; agus
- leanúint leis an soláthar ar oiliúint feasachta faoi mhíchumais.

Tá na moltaí sin á gcur i bhfeidhm. Reáchtáladh clár feasachta míchumais i mí na Nollag 2004.

50 Cuideachta is Fearr 2004

Liostáladh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar cheann den 50 eagraíocht is fearr in Éirinn feidhmí ann mar fhostaí i 2004. Is cuid de thionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach é an comórtas "Na Comhlachtaí is Fearr in Éirinn a bheith ag Obair leo" chun aird a tharraingt ar na láithreacha oibre is forásaí ar fud na hEorpa, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Leis an tionscnamh seo is í aidhm an Choimisiúin ná caighdeán na láithreacha oibre ar fud na hEorpa a ardú trí iomaíocht shláintiúil a spreagadh i measc eagraíochtaí agus iad ag súil le bheith i measc na láithreacha oibre is fearr ina dtír féin agus san Eoraip.



Foireann na Roinne ag bronnadh na nduaiseanna sa chomórtas "Best Companies to Work For in Ireland"

Dílárú

D'fhógair an Rialtas i mí na Nollag 2003 go raibh 250 de phoist na Roinne á ndílárú go baile Cheatharlach mar chuid de chlár díláraithe foriomlán na hEarnála Poiblí.

Cuireadh Coiste Feidhmiúchán Díláraithe ar bun sa Roinn i mí Eanáir chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir díláraithe. D'ullmhaigh an Coiste a chéad atriall faoi phlean feidhmithe díláraithe na Roinne i mí Bealtaine. Dhírigh an plean ar cheisteanna ar nós seirbhís chustaiméara, oiliúint foirne, bainistiú eolais agus bainistiú riosca, chun an t-uasleanúnachas gnó a bhaint amach laistigh de Rannóga gnó a bhí ag dílárú agus d'fhonn leibhéil arda seirbhís chustaiméara a choinneáil.

Ba mhór-fhorbairt eile sa chlár díláraithe i 2004 é suíomh suntasach a roghnú i mbaile Cheatharlach ar a dtófgaí oifige nua na Roinne. Lean an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana chun na riachtanais chóiríochta oifige a shainiú. Leanfar leis an obair i 2005.

Tá Gníomhaireachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne, is iad sin FÁS, Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann, Fiontraíocht Éireann agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, le dílárú chomh maith. Tá struchtúir curtha ar bun, laistigh den Roinn féin agus i ngach ceann den cheithre Ghníomhaireacht chun a bpleananna díláraithe féin a chur chun cinn. D'fhoilsigh gach ceann de na Gníomhaireachtaí seo go léir plean feidhmithe díláraithe i 2004.

LUACH AR AIRGEAD & CUNTASACHT

Bainistíocht & Rialú Airgeadais agus Bainistíocht Riosca

Bainistíocht Airgeadais

Cuireadh córas nua bainistíochta Airgeadais, Oracle Financials, ar bun i 2004 tar éis diantréimhse tástála úsáideora agus oiliúna foirne. Déanfaidh an córas, a oiriúnaíodh do riachtanais shainiúla na Roinne, cothabháil ar chuntais ar bhonn airgid thirim agus fabhráithe araon. Tá an fhaisnéis bainistíochta feabhsaithe cheana féin maidir le caighdeáin agus tráthúlacht agus beidh feabhsúcháin bhreise ag fabhrú de réir mar a théann an fhoireann i dtaithe ar an gcóras. Is gné thábhachtach den chóras é leithscaradh dhualgais na foirne oibriúcháin agus méadóidh sé sin sábháilteacht agus freagracht chóras airgeadais na Roinne. Beidh iniámh mhodúil sócmhainní caipitil sa chóras fhoriomlán ina chosaint eile do shócmhainní fisiceacha na Roinne.

Iníúchadh Inmheánach

Tugann Aonad Iníúchta Inmheánaigh na Roinne ráthaíocht don Oifigeach Cuntasóireachta (Ard-Rúnaí) ar leordhóthaineacht rialaithe inmheánacha na Roinne. Maidir leis seo, déantar clár de ghníomhaíocht iníúchta a dhréachtú gach bliain, agus déanann Coiste Iníúchta na Roinne athbhreithniú agus maoirseacht air.

Chomh maith leis sin, tá an tAonad Iníúchta Inmheánaigh freagrach don Choimisiún Eorpach maidir le hiniúchadh ar Chistí Struchtúracha AE (go príomha maidir le *Ciste Sóisialta na hEorpa*). Mar thoradh air sin is gá iníúchtaí a dhéanamh laistigh den Roinn agus is gá comhordú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht iníúchta a bhíonn ar bun i measc Ranna agus eagraíochtaí eile a fhaigheann Cistí Struchtúracha. Comhthadhláíonn an t-aonad leis an gCoimisiún maidir le saincheisteanna a eascraíonn as an ngníomhaíocht iníúchta seo agus maidir le gnéithe éagsúla a bhaineann le riachtanais rialaithe airgeadais AE.

Toradh Airgeadais

Léiríonn figiúirí sealadacha do 2004 go raibh toradh foriomlán reatha €848.793 milliún ag an Roinn agus toradh glan caipitil €297.490 milliún, rud a thugann toradh glan €1,146.283 milliún ar fad.

Bhí ioncam €111.037 milliún ann, rud a thugann toradh glan iomlán €1,035.210 milliún.

Bainistíocht Riosca

I rith na bliana d'éirigh leis an Roinn próiseas bainistíochta riosca a bhunú a chomhlíonann, go hiomlán, na riachtanais i *dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Fhreagracht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta*. Eagraíodh sraith ceardlann agus bunaíodh córas foirmiúil tuairisceoireachta. Is é is cuspóir do Phróiseas Bainistíochta Riosca na Roinne a chinntiú go ndéanann an bhainistíocht na gníomhaíochtaí cuí ar fud na heagraíochta chun na rioscaí, idir rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann don Roinn a aithint agus a bhainistiú go héifeachtach. Bunaíodh Coiste Bainistíochta Riosca chomh maith i 2004 chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm foriomlán ar pholasaí na Roinne maidir le bainistiú riosca.

Plean Straitéiseach um Théarnamh Anachaine

Ullmhaíodh Plean Straitéiseach um Théarnamh Anachaine don Roinn agus dá chuid Oifigí le linn 2004. Cuirfear an Plean i bhfeidhm le linn 2005. Cuireann an Plean creatlach ar fáil trinar féidir leis an Roinn agus a cuid Oifigí a chinntiú go mbeidh freagra éifeachtach ann má tharlaíonn imeacht tromchúiseach ar nós cailliúint foirgnimh nó cuid d'fhoirgneamh.

OSCAILTEACHT AGUS TRÉDHEARCACHT

Tuarascáil Mullarkey

Leagan *Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Fhreagracht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey)* síos moltaí éagsúla atá dirithe ar shocruithe rialaithe a neartú sa státseirbhís. Tá ról lárnach ag an Aonad Iníúchta Inmheánaigh i gcinntiú go bpléifear leis na moltaí uile sa Roinn de réir na scálaí ama atá leagtha amach.

I rith 2004, rinneadh athstruchtúru ar an gCoiste Iníúchta agus ceapadh Dermot Quigley, a bhí ina Chathaoirleach roimhe seo ar na Coimisinéirí Ioncaim, mar Chathaoirleach. Rinneadh Téarmaí Tagartha an Choiste Iníúchta agus an Chairt Iníúchta Inmheánaigh a leasú agus rinne an tOifigeach Cuntasaíochta (an tArd-Rúnaí) iad a fhaomhadh.

Chríochnaigh an tAonad Iníúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar rialaithe inmheánacha airgeadais sa Roinn

agus chuir sé comhairle ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Ráiteas ar Rialaithe Inmheánacha Airgeadais a shíniú, agus síníodh é den chéad uair i mí Márta 2003, chun gabháil leis an gCuntas Leithghabhála 2003.

Rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar chomhlíonadh na gníomhaíochtaí sin atá faoi choimirce na Roinne leis an *gCód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit*. Thug an tAonad faoi chúnamh a thabhairt maidir le ról an Oifigigh Cuntasaíochta agus na bPríomhfheidhmeannach (nó a gcomhionann), faoi seach, sna gníomhaireachtaí seo agus creatlach freagrachta dóibh a shoiléiriú.

Suíomh Gréasáin

Bhí suíomh gréasáin athdheartha na Roinne (www.entemp.ie) beo ó mhí Aibreáin 2004 ar aghaidh. Tá eagar téamúil ar ábhar an tsuímh ghréasáin anois i sé réimse a aithníodh de réir a dtábhachta agus a spéise dár gcustaiméirí. Tá an suíomh nua níos dírithe ar an gcustaiméir, le hinneall cuardaigh níos fearr, agus solúbthacht níos mó chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Thug an tionscadal athdheartha agus feabhsúcháin an suíomh suas go comhlíonadh Tosaíocht a 2 do Threoirlínte Inrochtaineachta Ábhair Ghréasáin (WCAG) 1.0. Mar go sásaíonn an suíomh gréasáin an slat tomhais idirnáisiúnta rochtana seo, tá rochtain fheabhsaithe aige dá réir sin do gach úsáideoir, úsáideoirí le lagú radhairc nó mótair nó faoi mhíchumas chognaíochta ina measc.

Tá cothabháil á dhéanamh ar an suíomh gréasáin ag líonra de Rialaitheoirí Ábhar agus déantar é a nuashonrú agus a fheabhsú go laethúil.

Athbhreithnithe Caiteachais

Gréasán Oifige Coigríche Fiontraíocht Éireann

Críochnaíodh an tAthbhreithniú Caiteachais ar Ghréasán Oifigí Fiontraíocht Éireann thar lear i mí Iúil 2004. Rinne an tArd-Rúnaí an tAthbhreithniú a fhaomhadh agus cuireadh é faoi bhráid thithe an Oireachtais. Cuireadh cóipeanna ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais chomh maith.

Rinne an tAthbhreithniú 29 moladh in iomlán a chlúdaíonn réimse saincheisteanna, ón ngá atá le cáipéis fhoirmiúil

polasaí a fhorbairt don Ghréasán Oifigí thar lear, go dtí an gá atá le struchtúr eagrúcháin tiomanta do bhainistiú an Ghréasáin. Tá Fiontraíocht Éireann tar éis feidhmiú cheana féin ar chuid de na moltaí. Bunaíodh grúpa oibre chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá ag teastáil mar gheall ar mholtaí an Athbhreithnithe.

Tá an tAthbhreithniú ar fáil do bhail an phobail trí shuíomh gréasáin na Roinne.

Clár Maoine GFT Éireann

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha, le hionadaithe ón Roinn Airgeadais, Forfás, GFT Éireann agus Oifig na nOibreacha Poiblí, chun athbhreithniú caiteachais a dhéanamh ar Phunann Maoine Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích i mí na Nollag 2004. Rinne an tArd-Rúnaí é a fhaomhadh agus cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais é. Cuireadh cóipeanna ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais chomh maith.

Thug an t-athbhreithniú breithiúnas dearfa ar an iomlán mar go bhfacthas dó go raibh bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach á dhéanamh ar an gclár maoine. Tá tátail agus moltaí an athbhreithnithe á meas ag GFT Éireann faoi láthair. Nuair is gá gníomhú ar mholtaí, iarradh ar an nGníomhaireacht a sheasamh a shoiléiriú agus na pleananna chun iad a chur i bhfeidhm a thuirisciú.

Tá an t-athbhreithniú ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.entemp.ie).

Athbhreithniú Tras-Rannach ar Thacaí Stáit do Dhaoine atá Dhífhostaithe go Fadtéarmach

Tá sé seo ar cheann de dhá athbhreithniú Caiteachais Tras-rannach atá ar bun mar gheall ar iarratas ón Roinn Airgeadais go n-úsáidfi cur chuige níos téamúla don Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais.

Tá an tAthbhreithniú ag iniúchadh réimse na dtacaí, a fuair maoiniú poiblí, do dhaoine a bhí dhífhostaithe go fadtéarmach le linn na tréimhse 1998-2003.

I 2004 bunaíodh Grúpa Oibre faoi chathaoirleacht na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le hionadaithe ó FÁS agus ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus ón Roinn Gnóthaí

Sóisíacha agus Teaghlaigh. Beidh an Grúpa ag tuairisciú chuig Coiste Stiúrtha Lárnach an Tionscnaimh Athbhreithnithe Caiteachais i 2005. Tá críoch curtha leis an bpróiseas bailithe sonraí agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag an nGrúpa Oibre ar ullmhú na tuarascála.

Athbhreithniú Caiteachais ar Eolaíocht agus Teicneolaíocht

Tá athbhreithniú ar chaiteachas ar eolaíocht agus teicneolaíocht san áireamh ag an Roinn mar chuid dá Phlean Athbhreithnithe Caiteachais don tréimhse 2002-2004. Tá an Roinn páirteach i dtrí scéim infheistíochta atá á riaradh ag Fiontraíocht Éireann agus á gcur i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí fiontar, Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann, Fiontraíocht Éireann, SFADCo agus Údarás na Gaeltachta agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. (Ní áirítear scéimeanna atá á riaradh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann san athbhreithniú seo, mar go bhfuil meastóireacht ar leith á dhéanamh ag Forfás). Caitheadh €79.5m i 2004 ar na scéimeanna atá á n-athbhreithniú, 38% de chaiteachas iomlán na Roinne ar thaighde agus forbairt.

Is iad aidhmeanna an Athbhreithnithe ná anailís chórasach a sholáthar faoina bhfuil á mbaint amach ag an gcaiteachas i ngach scéim atá á athbhreithniú agus bonn a chur faoinar féidir cinntí eolasacha a dhéanamh faoi thosaíochtaí sna cláir chaiteachais agus eatarthu. Cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích i 2005.

Saoráil Faisnéise

Dhéileáil an Roinn le 62 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise i 2004. Deonaíodh 18 díobh seo go hiomlán, rinneadh páirt-dheonadh ar 22, tarraingíodh 19 siar agus níor diúltaíodh ach do dhá cheann go hiomlán. Ba chásanna nach raibh aon taifead ag an Roinn orthu an dá cheann a diúltaíodh. Pléadh le 10 gcinn de na hiarratais a tarraingíodh siar lasmuigh den Acht chun sástacht an chliant, agus i gcuid mhaith de na cásanna eile bheartaigh an cliant ar an iarratas a tharraingt siar nuair a dúradh leis/léi nach raibh taifead ábhartha ar bith, nó fíorbheagán, ag an Roinn díobh. Cuireann an Roinn a lán faisnéise ar fáil i gcónaí lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise, go háirithe ar ár suíomh gréasáin. Chuir an Roinn tús le suirbhé sástachta i measc cliant Shaoráil Faisnéise i rith na bliana le súil go gcinnteofaí go mbeadh ardchaighdeán seirbhíse ann d'iarratasóirí.

I rith 2004 chomh maith d'fhoilsigh an Roinn Leabhar Tagartha d'ailt nuashonraithe Shaoráil Faisnéise 15 & 16, treoir chuimsitheach de ghníomhaíochtaí na Roinne agus den fhaisnéis atá ina seilbh. Tá cóipeanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, nó ar iarratas ó Aonad Shaoráil Faisnéise na Roinne.

Thuairiscigh an Roinn chomh maith ar fhorálacha neamhnochta na Roinne chuig Comhchoiste an Oireachtais ar Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí, mar is gá de réir alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise.

CUID A CÚIG
An tAontas Eorpach

SPRIOC 9: Oibreimid go réamhghníomhach laistigh den Aontas Eorpach agus laistigh dár struchtúir institiúideacha intíre d'fhonn ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, is é sin go mbeadh an Eoraip ar an ngeilleagar is iomaíche ar domhan, le poist agus comhtháthú sóisialta níos fearr, agus

SPRIOC 10: Oibreimid go réamhghníomhach laistigh den Aontas Eorpach agus de struchtúir institiúideacha intíre chun timpeallacht trádála agus infheistíochta dhomhanda níos liobrálá a chruthú.

UACHTARÁNACHT 2004

Bhí **Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach** ina fhócas lárnach d'obair na Roinne sa chéad leath de 2004. Bhí baint dhíreach ag an Roinn le hobair thrí chinn de naoi fhoirmíocht Chomhairle na nAirí, is iad sin an Chomhairle Iomaíochais; An Chomhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí; agus an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus Caidrimh Sheachtracha, maidir le gnóthaí trádála.



An Tánaiste, Mary Harney T.D. & Carly Fiorina, Cathaoirleach & Príomhfheidhmeannach ar Hewlett-Packard ag Cruinniú Chomhairle Iomaíochais an AE, Caisleán Dromoland

Iomaíochas

Comhairle Iomaíochais an AE

Ag tús na hUachtaránachta d'fhoilsigh an Roinn Páipéar Tosaíochta do Chomhairle Iomaíochais an AE. Tá an Clár fréamhaithe go daingean sa straitéis 10 mbliana fás, athchóirithe geilleagair agus cruthú post a d'aontaigh Comhairle Liospóin i 2000.

I measc phríomh-thosaíochtaí na hUachtaránachta i réimse Chomhairle Iomaíochais an AE bhí:

- > measúnuithe tionchar a dhéanamh ar mholtaí an AE;
- > polasaí fiontar;
- > saorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí laistigh den AE;
- > taighde agus nuálaíocht; agus
- > saincheistanna tomhaltóirí agus iomaíochta.

Tionóladh dhá chruinniú fhoirmiúla den Chomhairle Iomaíochais, faoi Chathaoirleacht an Tánaiste, i rith na bliana sa Bhruiséil – ceann i mí Márta agus ceann i mí Bealtaine.

Bhí cion chruinniú mhí Márta do Chomhairle Earraigh na hEorpa le feiceáil i gConclúidí Uachtaránachta na Comhairle sin, a chuir béim ar na nithe seo leanas, i measc nithe eile:

- > iomaíochas agus nuálaíocht;
- > an Margadh Inmheánach a iomlánú;
- > rialú níos fearr;
- > spriocanna T&F an Aontais a bhaint amach; agus
- > ról cothrománach na Comhairle Iomaíochais.

Rinne na tátail faoi rialú níos fearr a glacadh ag Comhairle Iomaíochais na Bealtaine soláthar do bhearta na Comhairle, atá curtha i gcrích ó shin, .i. réimsí sainithe de reachtaíocht an AE atá ró-chasta nó ina n-ualach ró-throm don ghnó agus a bhfuil scóip don simpliú iontu a aithint.

Cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí atá freagrach as Iomaíochas

I mí Aibreáin 2004, thionóil Uachtaránacht na hÉireann cruinniú neamhfhoirmiúil d'Airí atá freagrach as Iomaíochas sna Ballstáit, Ballstáit nua na linne sin, tíortha Eagraíocht Saorthrádála na hEorpa (EFTA) agus baill den

Choimsiún Eorpach. Bhí an Tánaiste ina Cathaoirleach ar an gcruinniú, agus bhí pearsana tionscail agus taighdeoirí i láthair chomh maith chun labhairt ag an gcruinniú.

Bhí na dúshláin atá os comhair thionscal na hEorpa – an imní atá ar go leor ceannairí Eorpacha maidir le treochoirí maidir le honnmhairí, poist, ró-rialú, feidhmíocht leamh táirgíulacha – agus conas is féidir leis an Eoraip aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna seo – mar ábhar fócais don díospóireacht ag an gcruinniú neamhghoimíúil. Bhí dhá théama le plé ar chlár oibre an chruinnithe:

1. *Cultúr Nuálaíochta a chruthú – an Cumas Iomaíoch a choinneáil sa Mhargadh Domhanda.*
2. *Imeachtraíochta sa Nuálaíocht, Luach a dhéanamh den Eolas, agus Taighde agus Forbairt Thionsclaíoch.*

Comhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí

Lena ról foriomlán comhordaithe do Chomhairle Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí na hEorpa, agus i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, d'fhoilsigh an Roinn an Clár Uachtaránachta do Chomhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí, ina leagtar amach na cuspóirí polasaí agus féilire imeachtaí do thréimhse sé mhí na hUachtaránachta. I mí Eanáir chuir an

tAire Frank Fahey an *Clár Uachtaránachta Fostaíochta agus Gnóthaí Oibreachais* i láthair Choiste Gnóthaí Sóisialacha Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil.

I measc phríomh-chruinnithe agus imeachtaí Uachtaránachta na hÉireann den ESPHCA (Fostaíocht, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí) bhí:

- Cruinniú neamhghoimíúil d'Airí Fostaíochta agus Polasaí Sóisialta i nGaillimh i mí Eanáir leis an téama seo a leanas: *"Making Work Pay: Exploring the interaction between social protection and work"*.
- Cruinniú neamhghoimíúil troika den Chomhairle leis na Páirtithe Sóisialta agus le hArdán Sóisialta eagraíochtaí neamh-hrialtais i mí Eanáir faoin téama *"Adaptability and Change"* agus *"Making Work Pay"*.
- Dhá chruinniú fhoirmiúla den Chomhairle ESPHCA i mí Márta agus i mí an Mheithimh inar thángthas ar chomhaontú polaitiúil faoi Phacáiste Fostaíochta do 2004.
- Cruinniú Mullaigh Tripháirteach i mí Márta, faoi chomhchathaoirleacht an Taoisigh Bertie Ahern T.D. agus Uachtarán an Choimisiúin an tUasal Prodi, leis an Aire Gnóthaí Oibreachais Frank Fahey T.D. agus na Páirtithe Sóisialta ag leibhéal an AE i láthair.
- Comhdhálacha faoi *"Adaptability and Adjustment to Change"* i mí Feabhra agus "Infheistíocht in Acmhainní Daonna" i mí an Mheithimh, ar ar fhreastail ionadaithe rialtais agus páirtithe sóisialta agus lucht acadúil as an 25 Ballstáit.



An Tánaiste, Mary Harney T.D. & comhghleacaithe ag Cruinniú Chomhairle Iomaíochais an AE, Caisleán Dromoland



Paul Haran, iar Ard-Rúnaí ar an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta, Frank Fahey, T.D. an tAire Trádála & Tráchtála agus An tUasal Wim Kok ag Uachtaránacht an AE. Comhdháil 'Adaptability and Adjustment to Change in the Workplace', Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Saincheisteanna Trádála Uachtaránachta

Le linn a tréimhse in oifig, rinne Uachtaránacht na hÉireann gach iarracht tacú le plé ar shlite ina bhféadfaí dul chun cinn a bhaint amach i gClár Forbartha Doha. Baineadh é seo amach ar bhealaí éagsúla:

- Bhí oifigigh thrádála ón Roinn seo sa chathaoir ag gach cruinniú polasaí trádála AE (Coiste Airteagal 133) i ngach imchruth a bhí orthu le linn tréimhse sé mhí ár nUachtaránachta, agus rinneadar comhordú ar éabhlóid agus ar fhorbairt Chomhbheartas Tráchtála an Aontais Eorpaigh, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach.
- Reáchtáil an tAire Trádála agus Tráchtála, i gcomhar le hoifigigh shinsearacha thrádála, cruinniú Neamhfoirmiúil d'Airi Trádála an Aontais Eorpaigh sa Bhruiséil, a tionóladh sa tréimhse réamh-ullmhúcháin roimh ghlacadh le Comhaontú Chreat Oibre an WTO sa Ghinéiv i mí Iúil 2004.
- Bhí páirt chuimsitheach ag oifigigh thrádála i réiteach dearcadh agus straitéise an Aontais Eorpaigh ag cur diminsin láidre thrádála san áireamh i dtaca le méid áirithe cruinnithe idirnáisiúnta, an cruinniú mullaigh AE-SAM a tionóladh in Éirinn i gCaisleán Dromoland i Meitheamh 2004, áit a ndearnadh plé ar chaidreamh eacnamaíoch thar réimse leathan de cheisteanna idirnáisiúnta, agus an 11ú Comhdháil de na Náisiúin Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt.

- Rinne oifigigh ón Roinn seo stiúradh agus cur i gcrích ar ghnéithe áirithe eile de pholasaí trádála idirnáisiúnta, ina measc seo bhí cur i gcrích ar Chomhaontú Trádála Seachtraí an Aontais Eorpaigh (EFTA) leis an Eilvéis.

Dlí Tomhaltóirí agus Cuideachtaí

Lá Eorpach an Tomhaltóra

Rinne Uachtaránacht na hÉireann comóradh ar Lá Eorpach an Tomhaltóra 2004 trí chomhdháil a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath dar teideal "*Building Consumer Confidence in the European Online Marketplace*" le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta Eorpach. Fuair an Chomhdháil, a raibh freastal maith air, aitheantas toisc é a bheith dea-eagraithe agus gur éirigh go maith leis.

Freagracht Shóisialta Chorporáideach

D'fhoilsigh an Fóram II-Gheallchoimeádaithe ar Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR), ina bhfuil Páirtithe Sóisialta ag leibhéal an AE agus Eagraíochtaí Neamh-Rialtais san áireamh, a thuarascáil i mí an Mheithimh 2004. I measc na moltaí a rinne sé bhí an gá atá le breis cur chun cinn, aird níos mó, malartú eolais ar an modh is fearr oibre agus taighde ar Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (CSR). Bhí an Roinn páirteach i gcruinnithe den Ghrúpa Ard-Leibhéil AE, a cuireadh ar bun chun plé a dhéanamh agus dul i gcomhairle leis an gCoimisiún ar CSR.

Comhdhálacha/Idirbheartaíocht Eile

- Bhí an Roinn páirteach i bplé idir-rannach ar an **dréacht-Bhunreacht don Eoraip**, rud ar ghlac Comhairle na hEorpa leis i Meitheamh 2004 agus rud a bhí mar ábhar pléite ag Comhdháil Idir-Rialtais ó Dheireadh Fómhair 2003.
- Rinneadh eagrú, bainistiú agus soláthar go críochnúil ar thrí mhór-chruinniú i mBaile Átha Cliath, faoi choimirce Chomhairle na hEorpa: **Cruinniú Neamhfoirmiúil den Choiste 133 (Ainmniúil)**

Cruinniú Neamhfoirmiúil den Choiste 133 (Coiste Seirbhís) agus

Cruinniú Neamhfoirmiúil den Choiste 133 (Teicstíil)

- Tionóladh seacht gcruinniú déag de **Ghrúpaí Oibre Barántais Creidmheasa Onnmhairithe** teicniúla le linn Uachtaránacht na hÉireann. Tharla siad seo faoi choimirce Chomhairle na hEorpa agus an OECD.
- Rinne an Roinn, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, eagrú agus tionóladh ar Chomhdháil dhá lá ar **'Chairt Eorpach do Fhiontair Beaga'** i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meitheamh 2004. Bhailigh toscairí ó 34 tír, a bhfuil an Chairt sínithe acu, le chéile chun malartú a dhéanamh ar smaointe faoi dea-chleachtas chun an timpeallacht don ghnóthaí beaga a fheabhsú. Mheall an chomhdháil tuairim is 250 toscaire, ionadaithe ó rialtais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ina measc, maille le heagraíochtaí gnó agus lucht soláthar tacaíochta gnó ó bhallstáit an AE, tíortha le hiarratas ballraíochta agus na tíortha sna Balcáin Thiar. Dhírigh an chomhdháil ar thrí ghné den Chairt ar tugadh tosaíocht dóibh don bhliain roimhe sin:
 1. fáil ar airgeadas
 2. aistriú teicneolaíochta agus nuálaíochta
 3. chomhchomhairle le gnó beag.
- Tionóladh cruinniú sa bhFondúireacht Eorpach do Choinníollacha Maireachtála & Oibre, Baile Átha Cliath i mí Aibreáin faoi bhrat MISEP – **Cómhalartú Eolais ar Pholasaí Fostaíochta (Mutual Information Sharing on Employment Policy)** - ag díriú ar na téamaí seo a leanas: Ard-Chaighdeán agus Táirgiúlacht san Obair agus Infheistiú in Acmhainní Daonna.
- Tionóladh Comhdháil ar **Shoghluaisteacht agus Cuimsitheacht Shóisialta** i mBun Dobhráin le linn na hUachtaránachta.

CLÁR OIBRE LIOSPÓIN

Bhí ionchur suntasach ag an Roinn i gComhairle Earraigh na hEorpa i mí Márta 2004, a rinne athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir leis an méid a bhí bainte amach ag Clár Oibre Liospóin – chun an geilleagar eolas-bhunaithe is fuinniúla ar domhan a dhéanamh den Eoraip faoi 2010. Le linn an dara leath den bhliain, chuir an Roinn le hionchur na hÉireann in athbhreithniú lár-théarmach an Choimisiúin Eorpaigh ar Straitéis Liospóin.

Tá ábhair eile fós a bhaineann go díreach le Clár Oibre Liospóin ar fáil in áiteanna eile sa Tuarascáil seo faoi Ghalláin 1, 2 agus 3.

Clár Oibre Polasaí Taighde

Siompóisiam Bhaile Átha Cliath ar Bhuntaighde

I gcomhar le Forfás, d'éagraigh an Roinn **'Siompóisiam Uachtaránacht na hÉireann ar Thaighde Bunúsach'** i mí Feabhra 2004, agus bhí Airí Taighde agus ionadaithe sinsearacha rialtais ó 27 Ballstát an AE agus Stáit ceangailte leisi láthair, chomh maith le hionadaithe ard-leibhéil ó thionscail, eagraíochtaí maoinithe taighde náisiúnta agus lucht léinn. Rinneadh an díospóireacht laistigh de chomhthéacs polasaí Straitéis Liospóin, an Raon Taighde Eorpach, agus sprioc Barcelona iarracht taighde iomlán an Aontais Eorpaigh a mhéadú go 3% den Olltáirgeacht Intíre faoi 2010. Sroicheadh comhaontú ag an Siompóisiam ar an riachtanas a bhí le tionscnamh Eorpach le hard-chaighdeán i dtaighde bunúsach a bhaint amach agus aontaidh gurb é an t-aon chritéir roghnaithe don tionscnamh seo ná ard-chaighdeán a bheadh aitheanta ag athbhreithniú ó chomhghleacaithe idirnáisiúnta.

Tátail na Comhairle Iomaíochais ar Bhuntaighde Márta 2004

I ndiaidh an tSiompóisiam, glacadh le Tátail na Comhairle ar Bhuntaighde faoi Uachtaránacht na hÉireann ag Comhairle Iomaíochais mhí an Mhárta. Cuid thábhachtach a bhí i dtátail seo na Comhairle de ráiteas cumarsáide an Choimisiúin i Meitheamh 2004 ar *"thodhchai Pholasaí an AE tacú le taighde"*.

Forbairt ar Pholasaí Spáis an AE

Chuir Uachtaránacht na hÉireann ar an AE clabhsúr ar na cainteanna ar an gComhaontú Creatlaí idir an AE agus

Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA), a tháinig i bhfeidhm i mBealtaine 2004. Tá sí mar aidhm ag an gCreatlach feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir an dá eagras. Chuir an Uachtaránacht na cainteanna ar an *bPáipéar Bán ar Pholasaí Spáis* chun cinn, go háirithe maidir le forbairt an *tionscadail loingseoireachta satailite Galileo* agus leis an dtionscnamh *Monatóireachta Domhanda Timpeallachta agus Slándála* (GMES), atá maoinithe ag an AE (mar chuid den 6ú Clár Creatlaí) agus an ESA araon.

Tionóladh an chéad Chomh-chomhairle Spáis idir an AE agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa sa Bhruiséal i mí na Samhna 2004. Cuireadh na comhchruinnithe Comhairle seo ar bun faoi Chlár Chreat Oibre an Aontais Eorpaigh/Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. B'í an ócáid stairiúil seo an chéad deis a bhí ann Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa a thabhairt le chéile chun forbairt leanúnach agus forchéimnitheach ar Mhór-Chlár Spáis Eorpach a phlé, clár atá le seoladh sa bhliain 2007 mar chuid den 7ú Clár Chreat Oibre do Thaighde & Forbairt. Tionólfar dhá Chomh-Chomhairle Spáis eile le linn 2005.

EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT & NUÁLAÍOCHT

Rannpháirtíocht sa Séú Clár Creatlaí

Rannpháirtíocht mhéadaithe in Éirinn i dtaighde FP6

Ritheann an Séú Clár Creatlaí ag an AE (FP6), an phríomh-uirlis Phobail le maoiniú a dhéanamh ar thaighde, ó 2003 go 2006. Tugann sonraí an Choimisiúin Eorpaigh le fios gur éirigh le heagrais agus le taighdeoirí Éireannacha luach tuairim is €100 milliún de mhaoiniú a fháil ó mholtaí FP6 a cheadaíodh go Nollaig 2004. Feabhas é seo ar FP5 nuair ba €148m an t-iomlán a fuarthas thar tréimhse ceithre bliana an chláir sin.

Tá structúr cuimsitheach tacaíochta náisiúnta curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun eolas agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a fhéadfadh páirt a ghlacadh in FP6. Sa structúr seo tá gréasán de 28 Toscaire Náisiúnta agus Pointí Teagmhála Náisiúnta (NCPs) tógtha ó 12 Roinn/Gníomhaireacht Rialtais agus Aonad Náisiúnta Eolais agus Tacaíochta FP6 atá lonnaithe taobh istigh de

Fhiontraíocht Éireann (EI). Gné lárnach den Structúr Tacaíochta Náisiúnta ná feachtais ar leith a chur chun cinn le rannpháirtíocht tionscail sa Chlár Creatlaí a spreagadh. Ina measc seo bhí seoladh an bhróisiúir 'Success Stories' ag an Aire Michael Ahern, TD, i mí na Samhna a bhfuil sí mar aidhm aige eolas faoi FP6 a scaipeadh agus rannpháirtíocht Éireannach níos mó a spreagadh sna Cláir Creatlaí ag an AE.

Seoladh ar an bPróiseas Comhchomhairle Náisiúnta do FP7

Tiocfaidh an 7ú Clár Creatlaí ag an AE (FP7) i bhfeidhm sa bhliain 2007 ag leanúint ar aghaidh ón gclár reatha (FP6). I rith na bliana loirg an Roinn cúnamh ó *Chomhairle na nÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht* (ICSTI) le Páipéar Seasaimh na hÉireann a ullmhú ar FP7. Tar éis próiseas cuimsitheach comhairleach náisiúnta, cuireadh críoch le Páipéar Seasaimh na hÉireann. Rinne an Fochóiste Rialtais nua-bhunaithe ar Eolaíocht & Teicneolaíocht formhuiniú air go luath i 2005 agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin (An Coimisinéir Potocnik) go hoifigiúil ansin é agus dáileadh ar na Ballstáit ar fad é.

Na teachtaireachtaí lárnacha i bPáipéar Seasaimh na hÉireann ná gur chóir leanúint ag tógáil ar an gClár Creatlaí ag iarraidh go háirithe taighde comhoibrithe tras-náisiúnta a spreagadh agus go gcaithfidh tábhacht níos mó a bheith le forbairt acmhainní daonna chun áit níos mealltaí a dhéanamh den Eoraip do thaighdeoirí mar láthair oibre agus áit lena slí beatha a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, ní mór don Chlár Creatlaí a bheith níos éasca le húsáid agus níos mealltaí le haghaidh rannpháirtíocht tionscail, go háirithe Fiontair Bheaga agus Mheánacha (SME). Tá gá le cothromaíocht níos fearr i réimse agus i ndearadh na nuirlisí a úsáidtear chun an clár a chur i bhfeidhm. Caithfean an maorlathas a mhaolú agus na córais riaracháin agus oibriúcháin a dhéanamh níos simplí.

Cuireadh moladh foirmiúil an Choimisiúin le chéile i mí Aibreáin 2005 agus is bunús láidir é Páipéar Seasaimh na hÉireann le go mbeadh ionchur againn sna cainteanna ag leibhéal an AE sna blianta amach romhainn.

STRAITÉIS FOSTAÍOCHTA EORPACH

Cuireann na Treoirínte Fostaíochta Eorpacha 2003-2005, a aontaíodh i Meitheamh 2003, creatlach ar fáil leis na

gnéithe fostaíochta i gClár Oibre Liospóin a chur i bhfeidhm. Ní mór do gach Ballstát freagra a thabhairt ar na Treoirilinte trí Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Cuireadh *Plean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta na hÉireann 2004*, a ullmhaíodh i gcomhairle leis na páirtithe sóisialta, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 2004. Déanann Plean 2004 athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta 2003 a bhí bunaithe ar thrí mhórspríoc:

- Lán-fhostaíocht,
- Ard-Chaighdeán agus Táirgiúlacht ag Obair agus
- Cuimsitheacht Shóisialta

agus deich dTreoirilíne ar leith:

- Cosc agus Gníomhachtú;
- Cruthú Post agus Fiontraíocht;
- Inoiriúnaitheacht agus Athrú;
- Infheistíocht i gCaipiteal Daonna agus in Oideachas Fadsaoil;
- Soláthar Méadaithe Oibríthe agus Dul in Aois Gníomhach;
- Comhionannas Inscne;
- Comhtháthú a Chur Chun Cinn;
- Troid in aghaidh idirdhealú leatromach agus Dul i nGleic le Míbhuntáiste;
- Luach Saothair a fháil ón Obair;
- Obair Neamh-dhearbhaithe agus Éagothroime Réigiúnach.

Tá achoimre ar na bearta áirithe a rinneadh i 2004 maidir le réimsí a bhaineann go díreach leis an Roinn seo ar fáil tríd an Tuarascáil seo ar fad.

Faoi na socrúithe nua a aontaíodh ag Comhairle na hEorpa i mí Márta 2005, beidh an Plean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta i 2005 ina dhlúth-chuid de Chlár Athchóirithe Náisiúnta a mbeidh cúramaí polasaí eacnamaíochta agus fostaíochta air.

Is iad seo a leanas na spriocanna fostaíochta atá ann faoi Chlár Oibre Liospóin, atá le sroicheadh faoi 2010: ráta foriomlán fostaíochta 70%, ráta fostaíochta baineann 60% agus ráta fostaíochta d'oibríthe níos aosta 50%. Tá rian den fheabhas atá tagtha ar an ngeilleagar domhanda le bliain go

leith anuas le haireachtáil sa bhealach ina bhfuil ag éirí go maith le hÉirinn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna seo. Dar leis an tuarascáil *Fostaíocht san Eoraip 2004*, a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach le déanaí, dealraíonn sé go sroichfidh Éirinn gach ceann den trí sprioc seo faoi 2010.

Tháinig fás 65,200 nó 3.6% ar fhostaíocht i 2004. Seo an leibhéal fás bliantúil is mó a chonacthas ó thús 2001. Méaduithe sa líon daoine fostaíthe go lán-aimseartha ba chúis le breis is 80% den athrú seo. Bhí an ráta fostaíochta ag deireadh na bliana ag 66.7% (65.7% - 2003). Bhí an ráta fostaíochta do mhná ag 57.2% (55.9% - 2003) agus 48.85% d'oibríthe níos aosta (47.95% - 2003).

Meastar de réir Athbhreithniú MeánTéarma an ESRI 2003-2010 go dtiocfaidh fás ar fhostaíocht ag meán-ráta 2.5% ó 2005 to 2007. Braitheann an meastachán seo ar iomaíochas nua Éireannach agus fás eacnamaíoch leanúnach Eorpach.

Na hearnálacha leis an bhfás fostaíochta ba mhó ab ea Tógáil (26,800), *Seirbhísí airgeadais agus gnó eile* (16,400) agus *Seirbhísí Eile* (11,000) agus fás le háireamh le feiceáil i *dTráchtáil Mhórthiola agus Mhiondiola* (8,900) agus *Sláinte* (6,700). Chonacthas laghdú ar líon na ndaoine fostaíthe i *dTalmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht* agus i *dTithe Ósta agus Bialanna*, de 10,900 agus 2,800 faoi seach i gcaitheamh na bliana.

Le linn na bliana, tháinig fás 24,900 (5.3%) ar fhostaíocht i Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair, agus fás 40,300 (3%) i Réigiún an Oirthir agus an Deiscirt. Tháinig laghdú 400 ar an difhostaíocht go 23,400 (-1.7%) i Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair agus mhéadaigh sé 100 go 62,200 (0.2%) i Réigiún an Oirthir agus an Deiscirt.

Ag deireadh 2004 bhí 85,600 duine difhostaithe, ag léiriú laghdú 300 don bhliain. Bhí sé seo le sonrú sa ráta difhostaíochta 4.3%. Bhí an ráta difhostaíochta fadtéarmach ag 1.5% ag deireadh na bliana, méadú beag ar an bhliain roimhe sin.

Tháinig méadú 64,900 ar an bhfórsa oibre le linn na bliana agus shroich sé 1,979,700. Méadú ar an líon daoine sa tír atá 15 bliain d'aois nó níos sine, agus leibhéal rannpháirtíochta agus imirce níos airde is cúis leis seo.

Staitisticí Fostaíochta ('000) ¹⁴						
	1999	2000	2001	2002	2003	2004
Fórsa Oibre	1735.7	1781	1831.6	1866.3	1914.8	1979.7
Fireann	1034	1053.4	1077.6	1092.4	1114.5	1145.2
Baineann	701.7	727.6	754	773.9	800.3	834.5
lomlán Fostaithe	1647.4	1712.6	1759.9	1782.3	1828.9	1894.1
Fireann	981.2	1012.1	1032.9	1040.5	1061.1	1092.4
Baineann	666.2	700.5	727	741.7	767.8	801.7
lomlán Dífhostaithe	88.3	68.4	71.8	84.1	85.9	85.6
Fireann	52.8	41.3	44.7	51.9	53.3	52.8
Baineann	35.5	27.1	27	32.2	33.2	32.8
<i>(astu siúd)</i>						
Dífostaithe go fadtéarmach ¹⁵	41.6	24.2	21.3	24.7	25.9	28.9
Fireann	30.8	18.6	17.1	18.8	19.4	21.3
Baineann	10.8	5.5	4.3	5.9	6.5	7.5

Fás Fostaíochta de réir Earnála 1999-2004 ¹⁶								
Earnáil Eacnamaíoch (NACE Rev. 1)	1999	2000	2001	2002	2003	2004	% athrú (99-03)	% athrú (99-04)
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	140.5	131.6	125.7	124.4	119.7	117.1	-15%	-17%
Tionscail táirgthe eile	311.1	316.9	321.5	309.4	304.2	301.1	-2%	-3%
Tógáil	146.8	169.7	182.7	187	195.2	214.3	33%	46%
Tráchtáil Mhórdhiola agus Mhiondiola	226.1	240.5	247.9	251.3	255.6	264.8	13%	17%
Óstáin agus Bialanna	104.9	109.6	107.9	109.8	115.9	112.4	10%	7%
Iompar, Stóráil agus cumarsáid	98.5	103.8	111.1	112.7	112.9	114.3	15%	16%
Seirbhísí Airgeadais agus gnó eile	197.8	212	222.5	227.1	228.8	240.6	16%	22%
Riarachán Poiblí agus cosaint	75.7	78.7	81.9	88.4	90.3	91.8	19%	21%
Oideachas	98.3	101.6	104.4	109.4	115.1	117	17%	19%
Sláinte	122.3	133.6	145.9	159.4	171.8	179.7	40%	47%
Seirbhísí Eile	92.8	94.6	93.7	97.6	99.7	111.8	7%	20%
lomlán	1614.8	1692.6	1745.2	1776.5	1810.7	1864.9	12%	15%

¹⁴ Tagraíonn sonraí do cheathrú ráithe QNHS (Meán Fómhair – Samhain).

¹⁵ Dífhostaithe ar feadh bliana nó níos mó.

¹⁶ Tá na sonraí bunaithe ar mheáin bhliantúla.

CISTÍ STRUCHTÚRACHA

Ciste Sóisialta na hEorpa

Is í an Roinn seo an t-údarás náisiúnta do *Chiste Sóisialta na hEorpa* (ESF) in Éirinn agus, sa bhfeidhm sin, comhlíonann sí cúpla ról mar a n-áireofaí an deimhniú deireanach ar gach iarratas íocaíochta ESF ó Éirinn chuig an gCoimisiún Eorpach.

I 2004, fuarthas tuairim is €207 milliún de chúnamh ESF in Éirinn, €52.8 milliún de sin i dtaca le gníomhaíochtaí a bhí á reáchtáil ag nó ar son na Roinne agus a gníomhaireachtaí. De réir riachtanais Rialacháin na gCistí Struchtúracha, rinne Aonad ESF na Roinne scrúduithe rialaithe ar gach iarratas ESF a fuarthas le linn 2004, agus scrúduithe ar chórais bhainistíochta airgeadais na n-eagraíochtaí a rinne iarratas san áireamh.

Ag leibhéal an AE, bhí an Roinn páirteach in idirbheartaíocht Ghrúpa Oibre Chomhairle na hEorpa ar na Dréacht-Rialacháin do Chistí Struchtúracha don tréimhse 2007-2013, a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí Iúil 2004. Tá an idirbheartaíocht ar mholtaí an Choimisiúin ag leanúint ar aghaidh i 2005.

Clár Oibriúcháin um Fhorbairt Fostaíochta & Acmhainní Daonna

I 2004 cuireadh Athbhreithniú Lár-théarmach an Chláir Oibriúcháin Forbartha Fostaíochta & Acmhainní Daonna i gcrích. Tá sé seo ar cheann de na Cláir Oibriúcháin is mó atá ar bun faoi Phlean Forbartha Náisiúnta na hÉireann 2000-2006. Déanfar infheistiú iomlán €15 billiún sa chlár le linn na tréimhse 2000-2006, agus de sin soláthrófar €892 milliún ó Chiste Sóisialta na hEorpa (rud a chiallaíonn 81% d'infheistiú iomlán an ESF in Éirinn). Mar thoradh ar an Athbhreithniú Lár-théarmach rinneadh ath-rangú ar dháileadh airgeadais do ghnéithe áirithe den chlár ionas go gcinnteofaí go mbeadh díriú níos mó ar cheisteanna práinneacha don mhargadh fostaíochta, cur i gcás cosc a chur ar dhífhostaíocht fhadtéarmach.

Tionscnamh Pobail EQUAL

Leagann EQUAL béim faoi leith ar an troid in aghaidh idirdhealú leatromach i dtaca leis an margadh fostaíochta agus tugann sé faoi ar bhealaí úrnua. Ceadaíodh maoiniú ESF le haghaidh 21 tionscadal faoi EQUAL don tréimhse 2001 go lár 2005. Roghnaíodh 22 tionscadal eile le maoiniú a fháil sa tréimhse 2005 go deireadh 2007 i ndiaidh iarratas ar

Mholtaí eile i 2004. I ndiaidh Athbhreithniú Lár-théarmach ar an Tionscnamh Pobail EQUAL i 2004 tá béim níos mó á chur, leis an dara hlarratas ar Mholtaí, ar thacú le cumas na n-oibríthe athrú agus dul i ngleic le margadh fostaíochta atá ag athrú i gcónaí.

Tionóladh mór-ócáid ag taispeáint na dtorthaí a bhí ar an gcéad bhabhta de thionscnaimh EQUAL in Amharclann an Helix, BÁC, i mí Bealtaine 2004. Chomh maith leis sin, lean an Roinn, i gcomhar leis an Údarás Comhionannais, ag forbairt straitéisí i rith na bliana 2004 chun na cleachtais ab fhéarr a d'eascair as EQUAL a aithint agus a thabhairt isteach sa "ghnáth-úsáid".

Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa

Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla

Cuireann Clár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla, atá páirt-mhainithe ag Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa, infheistiocht €7.3bn ar fáil i réimsí a chlúdaíonn Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht Theicneolaíoch, Infheistiocht Dhíreach Dhúchasach agus Choigríche. Rinneadh monatóireacht agus riaradh leanúnach ar an gclár – cruinnithe coiste monatóireachta, soláthar eolais agus tuairisciú airgeadais – le linn 2004. Ghlac Coimisiún an Aontais Eorpaigh go foirmiúil le Tuairisc Fheidhmiúcháin Bhliantúil an Choiste Mhonatóireachta do 2003 i mí Iúil 2004. Tarraingíodh go leor de chistí an AE anuas chun a chinntiú nach mbeadh aon chailliúint Cistí Struchtúracha ann d'Éirinn le linn 2004.

Ag eascairt as Athbhreithniú Lár-théarmach ar an gClár Oibriúcháin, a tháinig i ndiaidh measúnú neamhspleách a rinneadh i 2003, ghlac an Coiste Monatóireachta le moltaí um ath-rangú airgeadais laistigh den chlár do 2004-2006, agus táscairí comhlíonta oibre athbhreithnithe. Aontaíodh, freisin, tosaíocht a thabhairt do bhearta áirithe le forbairt a dhéanamh ar thras-tháscairí oiriúnacha (cuireadh an t-athbhreithniú ar Líon Iomlán na gClár os comhair chruinniú Choiste Monatóireachta an Earraigh 2005).

TIONSCNAIMH FIONTAR

Clár Ilbhliantúil Fiontar agus Fiontraíochta (MAPEE)

Le linn 2004 d'eagraigh an Roinn rannpháirtíocht náisiúnta i méid áirithe tionscadal den 'chleachtas is fearr' faoin gClár

I bhliantúil Fiontar & Fiontraíochta. Bhain siad seo le réimsí ar nós “Business Angels”, “Teacht ar Airgeadas ag staid luath”, “Caoi Éifeachtach agus Simplí a chur ar Riachtanais maidir le Timpeallacht”, “Monatóireacht agus Meas a dhéanamh ar ghníomhartha i dtaca le Fiontair Bheaga agus Mheánacha”, “Na hÉifeachtaí ag córais chánacha ar choinneáil tuarastail agus méadú sa luach pearsanta”, “Modhanna Simplithe le cloí le dlíthe cánach le haghaidh Fiontair Bheaga agus Mheánacha”, agus “Náire faoi Theip agus Uirlisí Rabhaidh Luath”.

Cairt Eorpach do Mhionfiontair

Cuireadh an tuarascáil bhliantúil náisiúnta ar chur i bhfeidhm na **Cairte Eorpaigh le haghaidh Fiontair Bheaga** faoi bhráid an Choimisiúin i rith na bliana. Bhain an tuarascáil le cur i bhfeidhm na Cairte in Éirinn de réir na ndeich ‘Línte ar Gníomh’ a leagadh amach ann, ach dhírigh sé go háirithe ar an trí líne ‘tosaíochta’ a roghnaíodh do 2004: (i) Oideachas don Fhiontraíocht (ii) Rialú Níos Fearr agus (iii) Ganntanas Scileanna

Teistphainéal Eorpach Gnó

Roghnaíodh cuid na hÉireann den **Teistphainéal Eorpach Gnó** (72 comhlacht) i rith na bliana. Tionscnamh nua é seo go bhfuil sí mar aidhm aige deis a thabhairt do lucht gnó, sa Phobal i gcoitinne, a dtuairimí a nochtadh ar mholtaí nua reachtaíochta agus tionscnaimh pholasaí atá faoi chaibidil ag an gCoimisiún Eorpach.

Fionraíocht Taraipe

Lean an Roinn ag gníomhú ar son thionscail na hÉireann le linn 2004 sa *Scéim Fionraíochta Taraipe ag an AE*. Leis an Scéim seo is féidir le comhlachtaí fóir a bhaint as fionraíocht dleachta d'earraí allmhairithe ó lasmuigh den AE ar ábhair agus ar chomhábhair a úsáidtear i bpróiseáil bhreise. Shábháil tionscail Éireannacha roinnt mhaith airgid faoin scéim seo, rud a thug iomaíochas níos fearr dóibh.

TREORACHA & RIALÚ

Rialú Níos Fearr¹⁷

Feictear go bhfuil sé riachtanach rialú níos fearr agus simpliú a dhéanamh ar dhlí an AE chun iomaíochas a chur chun cinn ag leibhéal an AE agus sna Ballstáit féin.

Mar chuid den tionscnamh seo chuir Éire agus an Ísiltír tionscadal speisialta chun cinn ar shimpliú dhlí an AE i mí an Mheithimh 2004. Iarradh ar Bhallstáit píosaí reachtaíochta ar leith a aithint le mianach nó cumas simplithe acu. As seo cuireadh breis is 350 moladh ar shimpliú faoi bhráid an Choimisiúin le féachaint orthu.

Thángthas ar liosta tosaíochtaí le 15 Treoir agus 2 Rialúchán le simpliú a aontaíodh ag cruinniú na Samhna 2004 den Chomhairle Iomaíochta. Pléann an 15 Treoir:

> an margadh inmheánach	5
> an timpeallacht	5
> iompar	2
> talmhaíocht	1
> sláinte phoiblí	1
> polasaí sóisialta	1

Baineann an dá Rialúchán le **staitisticí trádála**.

Idirbheartaíocht/Trasuíomh ar Bhearta AE

Dlí Cuideachtaí

Bhí roinnt mhaith gníomhaíochta sa réimse Dlí Cuideachtaí ag leibhéal an AE le cúpla bliain anuas, agus mar thoradh air seo tá míreanna líonmhara de reachtaíocht AE á bplé, ag fanacht go nglacfar go foirmiúil leo, nó ag an tréimhse thrasuimh.

Pacáiste um Fhoilsiú Seirbhísí Airgeadais agus bearta gaolmhara

Leagann an pacáiste bearta a ghabhann leis an Phlean Gníomhaíochta Seirbhísí Airgeadais ar glacadh leis le dhá bhliain anuas (Rialú Caighdeáin Cuntasaíochta Idirnáisiúnta, an Treoir um Mhí-úsáid Margaidh, Treoir um Réamheolaire, an Treoir um Thairiscintí Tátcheargail agus an Treoir Trédhearcachta) córas foilsithe airgeadais comónta san AE ar fad do chomhlachtaí/eisitheoirí liostáilte d'urrúis liostáilte.

¹⁷ See also the reference to SOLVIT at the end of this Section.

Rialú Caighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta (1606/2002)/Nuachóiriú ar Threoir na bhForálacha Cuntasaíochta (2003/51/EC)

Rinneadh cuid mhaith den obair ba ghá ar dhréachtú na rialachán a thabharfadh feidhm iomlán do Rialachán (EC) Uimh. 1606/2002 ar fhorfheidhmiú na gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta, agus freisin chun feidhm a chur le Treoir 2003/51/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle 18 Meitheamh 2003 ar chuntais bhliantúla agus daingnithe ag comhlachtaí de shaghsanna áirithe, bainc agus forais airgeadais eile agus gnóthais árachais, le linn 2004.

Treoir um Mhí-Úsáid Margaidh (2003/6/EC)

Baineann Treoir 2003/6/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle le bearta gnó ar an taobh istigh agus láimhsiú margaidh (mí-úsáid margaidh). An aidhm atá leis an Treoir um Bhearta Gnó Cos Istigh agus Láimhsiú Margaidh Mí-Úsáid Margaidh (MAD) ná ionracas Mhargáí airgeadais na hEorpa a chothú. Is mian leis é seo a dhéanamh trí chreatlach dhlí chomónta a thabhairt isteach don AE trí chosc, aithint, iniúchadh agus smachtú a dhéanamh ar bhearta gnó cos istigh agus láimhsiú margaidh aron. Cuireann sé creatlach chomónta ar fáil freisin le heolas a fhoilsiú don mhargadh. Tagann sé in ionad na treorach ar bhearta gnó cos istigh atá ann cheana féin ar glacadh leis breis is deich mbliana ó shin agus a aistríodh i gCuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Treoir um Réamheolaire (2003/71/EC)

Déanann an Treoir um Réamheolaire comhchuíbhní ar na riachtanais i gcomhair ullmhú, ceadú agus dáileadh ar an réamheolaire atá le foilsiú nuair a dhéantar urrúis a thairiscint don phobal nó nuair a cheadaítear iad a thrádáil ar mhargadh rialaithe atá lonnaithe nó ag feidhmiú laistigh de Bhallstát. Príomh-ghné den Treoir seo ná an áis "pas" (passport) a chuirtear ar fáil. Leis seo, má tá glactha le réamheolaire i mballstát amháin ní mór do bhallstát ar bith eile glacadh leis gan aon riachtanas as bhreis ag teastáil. Cuireadh dréachtú na reachtaíochta aistrithe chun cinn le linn na bliana.

Treoir na Riachtanas Trédhearcachta (2004/109/EC)

Tá sí mar aidhm ag Treoir na Riachtanas Trédhearcachta (TOD) feabhas a chur ar thrédhearcacht mhargaidh chaipitil an AE trí riachtanais bhunaigh a leagadh síos do thairiscíú airgeadais tréimhsiúil agus trí fhoilsiú a dhéanamh ar scair-shealúchais mór d'eisitheoirí a bhfuil cead ag a gcuid urrúis trádáil ar mhargadh rialaithe san AE. Déileáilann Treoir na Riachtanas Trédhearcachta freisin leis na córais trína

ndéantar an t-eolas seo a stóráil agus a dháileadh. Is é atá i gceist leis seo ná foilsiú tréimhsiúil (tuarascálacha bliantúla, leath-bhliantúla agus ráithiúla) agus foilsiú leanúnach (fógra ar athruithe i scair-shealúchais faoi réimse tairseach).

Treoir um Iarrachtaí Táthcheangal (2004/25/EC)

Cinntíonn an treoir seo íos-leibhéal comhchuíbhnithe (prionsabail ghinearálta agus rialacha) sa bhealach a ndéantar stiúradh agus maoirseacht ar tháthcheangail de chomhlachtaí liostáilte san AE. Feidhmíonn an treoir seo ar mhaithe le gach páirtí, á gcosaint ar bhealach cothrom agus cóir fad is atá an gnó á dhéanamh.

Tabharfaidh an Treoir seo athruithe leis i gcód táthcheangail intire na hÉireann atá cumhdaithe san Acht um Phainéal Táthcheangail na hÉireann 1997 agus na Rialacha a ghabhann leis.

Rialachán Reachta Cuideachta Eorpach (2157/2001/EC)

Tugann an Reacht seo rogha do chomhlachtaí áirithe Cuideachta Eorpach a bhunú a aithnítear go hoifigiúil lena ainm Laidine 'Societas Europae' (SE). Go bunúsach tugann sé an rogha do chomhlachtaí atá i mbun gnó i mbeis agus ballstát amháin aitheantas a fháil mar chuideachta aonair de réir dhlí an AE. Beidh ar a gcumas seo dá réir sin feidhmiú mórthimpeall an Aontais Eorpaigh le sraith amháin rialacha agus córas bainistíochta agus tuairiscithe aontaithe amháin. Cuirtear SE ar bun faoi dhá phársa reachtaíochta, is iad sin Rialachán EC 2157/2001 (ag leagadh síos rialacha dlí cuideachtaí), agus Treoir 2001/86/EC (ar bhaint na noibrithe leis an ngnó).

Moltaí ar Chúiteamh Stiúrthóirí agus ar Ról na Stiúrthóirí Neamhspleácha Neamh-Fheidhmitheacha (2004/913/EC) agus (2005/162/EC)

I dtaca le cúiteamh stiúrthóirí, molann an Coimisiún gur cheart do Bhallstáit a chinntiú go bhfoilsíonn comhlachtaí liostáilte a bpolasaí ar chúiteamh stiúrthóirí agus go n-insítear do scairshealbhóirí cé mhéid a thuilleann gach uile stiúrthóir agus cén bealach ina bhfaigheann siad é, agus gur chóir a dheimhniú go mbíonn smacht sásúil ag scairshealbhóirí ar na cúrsaí seo.

Maidir leis an ról atá ag stiúrthóirí neamh-feidhmitheacha, tá an moladh dirithe ar an ról atá ag stiúrthóirí neamh-feidhmitheacha nó maoirseachta i réimsí tábhachtacha ina mbeadh baol ann go dtiocfadh leasa na stiúrthóirí

feidhmitheacha nó bainistíochta salach ar a chéile. San áireamh anseo tá caighdeáin bhunaigh do na cáilíochtaí, don díograis agus don neamhspleáchas ag stiúrthóirí neamh-feidhmitheacha agus maoirseachta.

Moladh le haghaidh Treoir de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar Tháthcheangail Tras-Teorann do chomhlachtaí le dliteanas teoranta (Cion prop.: 15305/03)

An aidhm atá leis an dréacht-Threoir seo, ar thosaigh plé agus a ndearnadh dul chun cinn suntasach uirthi le linn tréimhse Uachtaránachta na hÉireann, ná cuidiú le táthcheangail tras-teorann de chomhlachtaí le dliteanas teoranta faoi choinníollacha fabhracha i dtéarmaí costais agus cinnteachta dlíthiúla, agus creatlach a sholáthar ar féidir leis an bpróiseas seo tarlú laistigh de. Tá sé dírithe i dtosach báire ar chomhlachtaí nach bhfuil suim acu comhlacht reachtúil a bhunú faoi Reacht Cuideachta na hEorpa, .i. fiontair bheaga agus mheánacha don chuid is mó.

Ag Comhairle Iomaíochais an AE i mí na Samhna, thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Treoir seo. Táthar ag súil le Tuairim Parlaimint na hEorpa i 2005.

Moladh ar Threoir nua don 8ú Dlí Cuideachtaí ar Iniúchadh Reachtúil (Cion prop. 7677/04)

D'fhoilsigh an Coimisiún moladh ar Threoir nua don 8ú Dlí Cuideachtí i mí Márta agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar an moladh le linn Uachtaránachta na hÉireann.

An cuspóir atá ag an Treoir molta ná a chinntiú gur féidir leo siúd go léir a bhfuil baint acu le beart gnó brath ar chruinneas na gcuntas iniúchta mar go mbeidh iallach ar iniúcháirí caighdeáin áirithe a shroicheadh agus go ndéanfar rialú agus maoirseacht orthu. Ba chóir go gcuideodh dian-phróiseas neamhspleách iniúchta cosc a chur le droch-bhainistíocht airgeadais ag comhlachtaí agus/nó a n-oifigigh.

D'aithin Éire roimh ré, toisc forálacha áirithe in Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntais) 2003, agus bunú Údarais Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) san áireamh, cuid mhaith de na riachtanais is dócha a bheidh ann faoin Treoir seo.

Treoir Molta um Chleachtas Tráchtála Éagóracha

Foilsíodh dréacht-Threoir um Chleachtas Tráchtála Gnó-go-Tomhaltóir Éagóracha i mí Meitheamh 2003 agus í mar aidhm aici comhchuibhniú a dhéanamh ar rialú na mBallstát

ar chleachtas tráchtála nach bhfuil ar mhaithe le tomhaltóirí go heacnamaíoch. Dháil an Roinn páipéar comhairleach faoin Treoir molta i mí Feabhra 2004. Thángthas ar chomhaontú polaitiúil faoin Treoir molta ag Comhairle Iomaíochais na Bealtaine le linn Uachtaránachta na hÉireann.

Rialú um Chomhoibriú Cosanta Tomhaltóirí (Rialachán Uimh. 2006/2004)

Glacadh leis an Rialachán um Chomhoibriú Cosanta Tomhaltóirí i mí Dheireadh Fómhair 2004, agus tiocfaidh sé i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2006. Cruthóidh sé gréasán san AE ar fad d'údarais feidhmithe náisiúnta (mar Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí na hÉireann) a bhfuil ar a chumas gníomhú go comhordaithe i gcoinne trádálaithe fánacha.

Rialachán Nua AE um Tháthcheangail (Rialachán na Comhairle Uimh. 139/2004)

Ar an 1 Bealtaine 2004 tháinig Rialachán Táthcheangail nua i bhfeidhm in áit Rialachán 4069/89 ar Rialú ar Chomhchruinnithe idir Ghnóthais. Thug an Rialachán táthcheangail nua réimse leasaithe isteach ar an gcóras rialaithe do tháthcheangail agus éadálacha san AE ar fad.

Rialachán um Shaoirse Iomlán ar Aistriú Teicneolaíochta Nua (Rialachán an Choimisiúin Uimh. 772/2004)

Tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm freisin ar 1 Bealtaine 2004 ag teacht in ionad Rialachán (204/96) a bhí ann roimhe. Cuidíonn comhaontuithe aistrithe teicneolaíochta le húinéirí paitinní, patrúin agus 'fios-gnó' ('know-how') a gcearta maoine intleachtúla a chur amach ar cheadúnas go táirgeoirí eile. Faigheann comhaontuithe a chomhlíonann coinníollacha an Rialacháin seo – chomh maith le hAirteagal 81(3) de Chonradh an AE – saoirse iomlán ón rialail toirmisc in Airteagal 81(1) den Chonradh a choisceann socrúithe neamh-iomaíochta idir ghnóthais. De réir Airteagal 81(3), is féidir saoirse a thabhairt do chomhaontuithe ó Airteagal 81(1) más féidir a thaispeáint go bhfuil na dea-éifeachtaí ag an socrú níos mó ná na droch-éifeachtaí.

Sláinte agus Sábháilteacht

Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde

D'aistrigh ionstraimí reachtúla 12 Treoir AE ar Shábháilteacht agus Sláinte le linn 2004.

Treoir an Choimisiúin 2003/28/EC den 7 Aibreán 2003 Ag cur Treoir na Comhairle 94/55/EC in oiriúint don dul chun

cinn teicniúil don 4ú huair de réir gharmheastachán ar dhlíthe na mBallstát maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar forfheidhmithe ag Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2004 (I.R. Uimh. 29 de 2004).

- Cuireadh an trí Threoir a leanas i bhfeidhm faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistíocht agus Lipéadú Ullmhóidí Contúirteacha) 2004 (I.R. Uimh. 62 de 2004): -

[Treoir 1999/45/EC de Pharlaimint na hEorpa](#) agus den Chomhairle den 31 Bealtaine 1999 maidir le garmheastachán na ndlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin ag na Ballstát i dtaca le haicmiú, pacáistíocht agus lipéadú ullmhóidí contúirteacha

[Treoir an Choimisiúin 2001/58/EC den 27 Iúil 2001](#) ag leasú don dara huair Treoir 91/155/EEC ag sainiú agus ag leagadh síos socruithe grinne don chóras eolais cruinn i dtaca le hullmhóidí contúirteacha i bhforfheidhmiú Airteagail 14 de Threoir Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle 1999/45/EC agus i dtaca le substaintí contúirteacha i bhforfheidhmiú Airteagail 27 de Threoir na Comhairle 67/548/EEC (leathanaigh sonraí sábháilteachta)

[Treoir an Choimisiúin 2001/60/EC den 7 Lúnasa 2001](#) ag cur Treoir 1999/45/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle in oiriúint don dul chun cinn teicniúil maidir le garmheastachán na ndlíthe, rialacháin agus forálacha ag Ballstát i dtaca le haicmiú, pacáistíocht agus lipéadú ullmhóidí contúirteacha.

- Cuireadh an trí Threoir seo a leanas i bhfeidhm faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Brú-threalamh Iniompartha) 2004 (I.R. Uimh. 374 de 2004): -

[Treoir na Comhairle 1999/36/EC](#) de 29 Aibreán 1999 ar bhrú-threalamh iniompartha

[Treoir an Choimisiúin 2001/2/EC](#) de 4 Eanáir 2001 ag cur Treoir na Comhairle 1999/36/EC ar bhrú-threalamh iniompartha in oiriúint don dul chun cinn teicniúil

[Treoir an Choimisiúin 2002/50/EC](#) de 6 Meitheamh 2002 ag cur Treoir na Comhairle 1999/36/EC ar bhrú-threalamh iniompartha in oiriúint don dul chun cinn teicniúil.

- Cuireadh an cúig Threoir seo a leanas i bhfeidhm faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach

(Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margaíocht agus Úsáid)(Leasú), 2004 (I.R. Uimh. 852 de 2004): -

[Treoir 2003/53/EC de Pharlaimint na hEorpa](#) agus den Chomhairle ar 18 Meitheamh 2003: a leasaíonn den 26ú huair Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta a chur ar mhargaíocht agus ar úsáid substaintí agus ullmhóidí contúirteacha áirithe (naoinilfeanól, naoinilfeanól eatocsaileáit agus stroighin),

[Treoir an Choimisiúin 2004/21/EC](#) de 24 Feabhra 2004, maidir le srianta ar mhargaíocht agus ar úsáid “aicseadhatháin” (an tríú oiriúnú déag de réir dhul chun cinn teicniúil Threoir na Comhairle 76/769/EEC),

[Treoir an Choimisiúin 2004/96/EC](#) de 27 Meán Fómhair 2004 a leasaíonn Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta ar mhargaíocht agus ar úsáid nicile do ghléasanna pollta craicinn chun críche Aguisín 1 a leasú de réir dhul chun cinn teicniúil

[Treoir an Choimisiúin 2004/98/EC](#) de 30 Meán Fómhair 2004 a leasaíonn Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta ar mhargú agus ar úsáid éitir peinteabhrómadhéifneil i gcórais phráinne aslonnaithe eitleán chun críche Aguisín 1 a leasú de réir dhul chun cinn teicniúil

[Treoir an Choimisiúin 2003/3/EC](#) de 6 Eanáir 2003 (maidir le hathchur fhorálacha áirithe den Treoir sin agus ath-aistriú ar fhorálacha eile).

Caighdeáin

Feidhmíonn Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) faoin Acht Fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is é an NSAI eagrais Caighdeán na hÉireann agus cuidíonn sé le forbairt ar cháipéisí um chaighdeáin dheonacha, ar féidir le tairgeoirí nó soláthraithe seirbhíse a úsáid mar chúnaimh le riachtanais sábháilteachta nó riachtanais chustaiméara a chomhlíonadh.

Ceapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta bord an NSAI agus tá ionadaíocht ó dhaoine a bhfuil sainspéis acu sna cúrsaí seo ó lucht gnó agus ón rialtas araon. Tá an NSAI freagrach freisin as an tSaotharlann Mhéadreoilaíochta Náisiúnta (NML) a chaomhnaíonn agus a fhorbraíonn caighdeáin náisiúnta d'aonaid fhisiceacha. Is comhlacht reachtúil é an LMS (Legal Metrology Service) laistigh den NSAI agus bunaíodh é leis an Acht Méadreoilaíochta, 1996. Déanann an LMS rialacháin a chruthú agus tá feidhm rialaithe aige freisin maidir le tomhais, go háirithe iad siúd a

chumtar i gcomhair trádála. De réir an Achta Méadreolaíochta, 1996, leagann an NSAI síos, i gcomhairle leis an Aire, na táillí le haghaidh iniúchadh fíoraithe, ag an LMS ar na huirlisí tomhas a úsáidtear i gcomhair trádála. Tháinig ardú ar tháillí fíoraithe ar réimse leathan saghsanna uirlisí tomhas, méadair tacsáí san áireamh, ar an 22 Samhain 2004, agus iad ardaithe roimhe sin i 1997 agus 2002.



An tUasal Dan Tierney, Cathaoirleach, Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) agus an tUasal Michael Ahern, T.D., An tAire Trádála & Tráchtála ag Comhdháil Bhliantúil an NSAI "Wellbeing, People, Plant and Profit" i mí na Samhna 2004

Uirlisí Tomhas

Aontaíodh an Treoir um Uirlisí Tomhais 2004/22/EC (MID) i mí Aibreáin 2004 agus clúdaíonn sé saghsanna éagsúla uirlisí tomhas, ar nós uirlisí gáis agus leictreachais, caidéil pheitрил agus uirlisí meáite uathoibríoch.

An aidhm atá leis an Treoir seo ná an bealach a réiteach le gur féidir trádáil a dhéanamh ar uirlisí tomhas trasna teorainneacha Bhallstáit an AE agus rialacha comónta a chur ar fáil le haghaidh cur i bhfeidhm na n-uirlisí seo. Tagann an Treoir seo i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2006.

Innealra

Shroich an Chomhairle comhaontú d'aonghuth ar dhréacht-Threoir um chomhchuíbhiú teicniúil d'innealra, a leasaíonn Treoir 95/16/EC, ag cruinniú den Chomhairle lomaíochais ar 24 Meán Fómhair 2004. Nuair a bheidh an téacs deiridh réitithe glacfaidh an Chomhairle go foirmiúil lena seasamh comónta ag ceann de na cruinnithe atá beartaithe amach anseo, agus cuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ansin é don dara léamh.

Is í an aidhm atá ag leasú na Treorach, atá bunaithe ar theicníc reachtúil an Bhealaigh Nua (New Approach) ná:

1. Cinnteacht dhlíthiúil an téacs a fheabhsú, trí shainmhíneithe níos fearr agus comhchodanna

choincheap sábháilteachta a ullmhú agus teorainneacha soiléire agus gan cheist a leagadh síos leis an Treoir um Voltais Íseal 73/23/EEC agus an Treoir um Ardaitheoirí 95/16/EC;

2. Raon na Treorach a mhéadú trí ghairis cartúis-oibríthe iniompartha agus ardaitheoirí ar shuímh thógála a chur san áireamh toisc iarratais ar leith ó thionscail;
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar líon beag riachtanais ghátaracha d'Aguisín 1 mar thoradh ar chur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach chun dul i ngleic le fadhbanna sábháilteachta agus, ar iarratas ó thionscail, chun an bealach a fhágáil saor i gcomhair feabhas nuálaíoch i ndearadh innealra;
4. Feabhas agus éifeacht níos fearr a chur le córais riaracháin i measúnú ar mhaithe le comhlíonadh caighdeán agus i gcur i bhfeidhm na Treorach, mar shampla comhoibriú idir Bhallstáit, faire ar an margadh, an bealach a dhéantar déileáil le clásail cosanta agus ceadú na n-eagraíochtaí curtha in iúl.

Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí

Rinneadh trasuíomh ar an GPSD 95/2001/EC go dlí na hÉireann ar an 4 Bealtaine 2004 ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 199 de 2004. Tagann na rialacháin seo in ionad *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí) 1997 (I.R. Uimh. 197 de 1997)*.

Faoi *Rialacháin nua na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí) 2004* ní mór do tháirgí tomhaltóirí a chuirtear ar an margadh a bheith sábháilte agus tá iallach ar tháirgeoirí gan ach táirgí atá sábháilte a chur ar an margadh.

Tá údarás tugtha don Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí a chinntiú go bhfuil na táirgí a chuirtear ar an margadh sábháilte agus go gcloinn táirgeoirí agus lucht dáilte na dtáirgí seo lena ndualgais faoi na rialacháin seo agus faoin Treoir.

Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach

Treoir 2004/108/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 15 Nollaig 2004 ar neasú dhlíthe na mBallstát maidir le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus ag aisghairm na Treorach 89/336/EEC: Tháinig an idirbheartaíocht ar an Treoir um Chomhoiriúnacht Leictreamaighnéadach chun críche le linn 2004. Gearrann an Treoir seo, ar glacadh leis i mí na Nollag 2004, riachtanais

chun trealamh leictreach agus leictreonach a chosc ar chorrail leictreamaighnéadach a ghiniúint agus ionas nach gcuirfeadh a leithéid de chorrail isteach orthu.

Ceartha Fostaíochta & Caidreamh Tionsclaíoch Rannpháirtíocht na nOibrithe

I dtaca le gné rannpháirtíochta na n-oibrithe den Treoir molta ar *Tháthcheangail Tras-Teorann*, stiúir Uachtaránacht na hÉireann téacs comhréitigh tríd ag an leibhéal grúpa oibre. Fuarthas réiteach ansin faoi choimirce Uachtaránacht na hÍsiltíre ar an dossier comh-chinneadh ag an gComhairle Iomaíochais i mí na Nollag 2004.

Treoir ar Réimsí Leictreamaighnéadacha

Glacadh sa dlí leis an Treoir a phléann le réimsí leictreamaighnéadacha faoi choimirce Uachtaránacht na hÉireann. Leagann an Treoir (2004/40/EC) síos na riachtanais íosta sláinte agus sábháilteachta atá ag oibrithe a bhfuil teagmháil acu le contúirtí a bhaineann le réimsí leictreamaighnéadacha.

Ionstraimí Reachtúla

Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntais) 2004 (I.R. Uimh. 132 de 2004)

Socraíonn an tOrdú seo gurb iad 6 Aibreán 2004, 17 Bealtaine 2004 agus 1 Iúil 2004 na dátaí ar a dtiocfaidh na forálacha éagsúla (aon mhír déag), a bhfuiltear ag cur tús leo, i bhfeidhm.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuntasaíocht Luacha Cothrom) 2004 (I.R. Uimh. 765 de 2004)

Tugann na Rialacháin seo feidhm do Threoir 2001/65/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 27 Meán Fómhair 2001 chun luacháil chothrom ionstraimí airgeadais i gcuntais a cheadú.

Ordú na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2004 (I.R. Uimh. 133 de 2004)

Is é is príomhchuspóir don Ordú seo an fhoirm a shonraítear chun críche alt 125 d'Acht na gCuideachtaí 1963 a leasú, trí Fhoirm nua B1 a sholáthar a mbeidh éifeacht léi ó 17 Bealtaine 2004. Déanann an Fhoirm seo nuashonrú ar an bhfoirm is gá a líonadh nuair a bhíonn aischur bliantúil á tabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí.

Ordú Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (Alt 13 (2)), (I.R. Uimh. 506 de 2004)

Is é is príomhchuspóir don Ordú seo a cheadú do chomhpháirtíochtaí teoranta a cláraíodh faoin *Limited Partnerships Act 1907* suas le 50 comhpháirtí a bheith acu sa chás go ndéantar a leithéid de chomhpháirtíochtaí chun críche sholáthar infheistíochta agus airgeadais iasachta agus áiseanna cúntacha agus seirbhísí do dhaoine atá bainteach le gníomhaíochtaí tionsclaíocha nó tráchtála, nó a mbaineann a bpríomhghnó leis na réimsí sin.

Ordú na gCuideachtaí (Foirmeacha) (Uimh. 2) 2004 (I.R. Uimh. 829 de 2004)

Is é is cuspóir don Ordú seo foirmeacha a fhorordú a úsáidfear chun críche forálacha áirithe d'Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí) 2004 (I.R. Uimh. 839 de 2004)

Is é is cuspóir do na Rialacháin seo deireadh a chur leis an riachtanas foilsithe san iris náisiúnta, *Iris Oifigiúil*, chun críche cáipéisí áirithe éigeantacha agus sonraí maidir le cuideachtaí a nochtadh, agus ina ionad sin riachtanas nua foilsithe a chruthú in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, a choinneofar i bhformáid leictreonach amháin.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmiú na Rialacha Iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh) 2004 (I.R. Uimh. 195 de 2004)

Tugann na Rialacháin feidhm sa Stát do Rialachán Chomhairle an AE Uimh. 1/2003 maidir le feidhmiú na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 & 82 den Chonradh. Tháinig athruithe suntasacha i bhforfheidhmiú poiblí agus príobháideach Dhlí iomaíochta an Chomhphobail dá dtoradh agus bhí feidhm leis an rialachán ón 1 Bealtaine 2004.

Ordú (Tionscnamh) an Achta Iomaíochta 2002 , 2004 (I.R. Uimh. 196 de 2004)

Tugann an tOrdú seo feidhm d'fhoráil Alt 6(4)(c) an Achta Iomaíochta 2002, le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004, ina ndearbhaítear gur cosaint mhaith é a chruthú go gcomhlíonann an t-aontú, an cinneadh nó an cleachtas comhbheartaithe coinníollacha Airteagal 81 (3) den Chonradh, in imeachtaí a thionsnófar faoi Airteagal 81 (1) den Chonradh.

Rialachán an Achta Corr-Thrádála, 1995 (Alt 2(3)) 2004 (I.R. Uimh. 191 de 2004)

Faoi na Rialacháin seo, tugtar díolúine ó fhorálacha an Achta Corr-Thrádála 1995 do lucht fáis, dá gcuid seirbhíseach nó

dá gcuid gníomhairí, ó dhiolachán torthaí agus glasraí áirithe ar feadh tréimhse sonraithe sa bhliain.

Athbhreithniú ar an Treoir ar Am Oibre

Tharla próiseas comhairleach ar athbhreithniú na Treorach ar Am Oibre sa chéad ráithe de 2004 le Ballstáit, Páirtithe Sóisialta an AE agus comhlachtaí Pobail eile, Parlaimint na hEorpa san áireamh. Mar chuid den phróiseas comhairleach sin, bhí malartú tuairimí neamhfhoirmiúil ag Uachtaránacht na hÉireann ag an gComhairle ESPCHA i mí Márta 2004 agus í mar aidhm aige cuidiú leis an bpróiseas seo.

D'fhoilsigh An Coimisiún Eorpach a mholtaí leasaithe don Treoir ar Am Oibre ar 22 Meán Fómhair 2004. Ar na ceisteanna rithabhachtacha a luaitear sa mholadh nua tá:

- Fad agus tréimhse tagartha lena ndéantar meán-am oibre a áireamh;
- Na sainmhíneithe ar "am oibre" tar éis rialaithe le déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa, ar am caite "ar fáil", agus soiléiriú ar "shos cúitimh";
- Na coinníollacha le haghaidh cur i bhfeidhm an "tarraingt-siar" ó uasmhéid 48 uair den am iomlán oibre in aghaidh na seachtaine.

Treoracha molta an AE ar Oibríthe Gníomhaireachta Sealadacha

Faoi Uachtaránacht na hÍsiltíre, tionóladh díospóireacht pholasaí ag Comhairle Dheireadh Fómhair 2004 den ESPCHA ar dhréacht-Threoir de Parlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar choinníollacha oibre d'oibríthe gníomhaireachta sealadacha. Bhí an idirbheartaíocht dírithe ar cheist chothromaíochta pá agus coinníollacha d'oibríthe gníomhaireachta sealadacha, ach táthar fós le teacht ar sheasamh comónta.

TIONSCNAIMH CHOMHSHAOIL AN AE

Rialachán molta ceimicí an AE (REACH)

Tá sí mar aidhm ag an dréacht-Threoir chasta agus fhada seo mionscrúdú agus cóiriú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta ceimicigh atá san Eoraip faoi láthair agus caighdeán cosanta ard a chinntiú do shláinte dhaonna agus don timpeallacht ach ag coinneáil iomaíochais sa tionscal i gcónaí. Le linn na hUachtaránachta, bhí an Roinn seo sa chathaoir ar Ghrúpa Oibre Ad Hoc na Comhairle atá ag cur an dossier seo chun cinn, agus rinneadh dul chun cinn fóna.

Thángthas ar chomhréiteach leathan maidir le seasamh náisiúnta i measc na gcomhpháirtithe éagsúla, agus bhíothas i gcomhchomhairle leis na páirtithe leasmhara i gcónaí. Cuireadh tús le staidéar Measúnachta Éifeachta Éireannach ar leith i gcomhar le Forfás. Leanadh go dlúth leis na hiarrachtaí againn a chinntiú go dtabharfaí aghaidh ar impleachtaí agus inoibrítheacht an chórais nua go hiomlán.

Rialachán Glantaigh

Tugann an Rialachán seo áis saor-ghluaiseachta do ghiantacha sa Mhargadh Inmheánach agus tugann sé suas chun dáta na Treoracha glantacha atá ann cheana féin, ach i gcónaí ag cosaint na timpeallachta ó na droch-éifeachtaí atá ag dromchlaghníomhaithe. Glacadh leis an Treoir le linn Uachtaránacht na hÉireann ag Comhairle Iomaíochais Mhárta 2004.

Treoir Chreatlaí um Éicea-Dhearadh ar Tháirgí Úsáidte Fuinnimh (EuP)

Thug an Roinn seo cúnaimh don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha san idirbheartaíocht ar an Treoir seo agus sroicheadh comhaontú polaitiúil ag an gComhairle Fuinnimh i mí na Nollag 2004.

DUL I BHFEIDHM AR FHORBAIRTÍ IDIRNÁISIÚNTA

Eagraíocht Oibreachais Idirnáisiúnta

Mar thoradh ar Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach sa chéad leath de 2004 bhí freagracht ar an Roinn seo dóthain acmhainní a sholáthar le comhordú a dhéanamh ar sheasamh an AE maidir le gnó na hEagraíochta Oibreachais Idirnáisiúnta (ILO). Ó 1 Eanáir go 30 Meitheamh 2004, rinne an Roinn comhordú ar gach seasamh ag an AE ar cheisteanna reatha laistigh den ILO. Mar chuid de seo bhí teagmháil rialta i gceist le Ballstáit eile an AE, an deich mBallstát nua a ghlac ballraíocht ar 1 Meitheamh 2004 san áireamh, agus tíortha eile. Bhain na mórcheisteanna a ndearnadh clúdach agus comhordú orthu le:

- Obair sclábhaíochta i mBurma / Myanmar;
- Cur i bhfeidhm praiticiúil, agus aontú ar, chaighdeán bithméadrach le haghaidh *Coinbhinsiún Cáipéisí Aitheantais Loingseoirí an ILO (Athbhreithnithe) 2003 (Coinbhinsiún Uimh. 185)*;
- Tuairisc Choimisiún an Domhain ar an *nGné Sóisialta sa Domhandú*;

- Ullmhú ar an *Moladh Forbartha Acmhainní Daonna* (*Uimh. 195*), 2004;
- Coinníollacha Oibre san Earnáil lascaireachta.

Bhí ionadaíocht ag Éirinn ag an 92^ú Seisiún den Chomhdháil Oibreachais Idirnáisiúnta ag an Eagraíocht Oibreachais Idirnáisiúnta (ILO) le toscaireacht a fheidhmigh thar ceann an Rialtais, na gCeardchumann agus na bhFostaitheoirí. Ghlac an Seisiún le *Moladh: (Uimh. 195) Moladh Forbartha Acmhainní Daonna, 2004*. Thagair an Cúigiú Tuairisc Dhomhanda (a lean ó Fhorógra Phrionsabail Bunúsacha agus Cearta ag Obair an ILO) do *Shaoirse Caidrimh agus Aitheantas Éifeachtach don Cheart chun Margála Comhchoiteann*. Is cuid é seo d'fheachtas leanúnach an ILO chun "Obair Fhónta" a chothú ar fud an domhain. Bhí an chéad phlé ann freisin ar Choinníollacha Oibre san Earnáil lascaireachta. Cuireadh 21 tuarascáil ar fad faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm na hÉireann de Choinbhinsiúin an ILO atá daingnithe ag an tír seo, chomh maith le freagra ar cheistneoir sonrathach ón ILO ar Shábháilteacht agus Sláinte ag Obair.

Comhairle na hEorpa

Le linn 2004, lean Éire ag tuairisciú go rialta ar a cur i bhfeidhm siúd de *Chairt Shóisialta Chomhairle na hEorpa* agus d'fhreagair sí ceisteanna ag an *gCoiste Rialtais den Chairt Shóisialta Eorpach* i Strasbourg maidir lena tuairiscí. Cuireadh an Chéad Tuarascáil ar chur i bhfeidhm na hÉireann den Chairt Shóisialta Eorpach Athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin i mí Bealtaine 2004. Cuireadh an 17^ú go 21st Tuarascáil ar chur i bhfeidhm na hÉireann den Chairt Shóisialta Eorpach bunaigh (1961) agus an Chéad Tuarascáil ar chur i bhfeidhm na hÉireann den Chairt Shóisialta Eorpach Athbhreithnithe (1996) ar shuíomh gréasáin na Roinne, ionas go mbeadh fáil níos éasca agus níos forleithne ag an bpobal ar an eolas ag cloí le Cairt Seirbhíse Custaiméara na Roinne.

TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA AGUS MARGADH INMHEÁNACH AN AE

Comhbheartas Tráchtála an AE

Bhí baint ghníomhach ag idirbheartaithe polasaí trádála Éireannacha le seachadadh na n-aschur faoin mbabhta

reatha idirbheartaíochta ar thrádáil iltaobhach faoi Chlár Oibre Forbartha Doha (DDA). Bhí an Roinn lán-ghníomhach san idirbheartaíocht agus rinne sí monatóireacht ar dhul chun cinn ag an AE, an WTO agus fóraim idirnáisiúnta eile a chabhraigh chun deiseanna agus baol ar aon aithint le linn idirbheartaíocht an DDA agus chuir sí polasaí trádála na hÉireann in oiriúint dó dá réir.

I gcaitheamh 2004 rinne an Roinn aithint, idirbheartaíocht agus cur chun cinn ar leasa trádála na hÉireann, agus ghlac sí páirt agus d'fheidhmigh sí ar mhaithe leis na leasa seo go hiomlán ag cruinnithe polasaí trádála an AE (Coiste Airteagail133). Chinntigh sé seo go raibh leasa trádála straitéiseacha na hÉireann san áireamh go hiomlán i gComhbheartas Tráchtála an Aontais Eorpaigh (CCP). Ar an mbonn sin, chuaigh an Roinn i gcomhairle go mion leis na príomh-pháirtithe leasmhara, Ranna Rialtais eile, lucht gnó agus an tsochaí shibhialta mór san áireamh san éabhlóid agus sa bhforbairt ar ár bpolasaí trádála iltaobhach. Príomh-ghné amháin den bheartaíocht seo ab ea na cruinnithe leanúnacha idir-Rannacha chun ceisteanna polasaí trádála a chomhordú.

I ndiaidh ionchur ó bhaill an AE agus baill eile an WTO, glacadh le Comhaontú Creatálí ag cruinniú de Chomhairle Ginearálta an WTO sa Ghinéiv i mí Iúil 2004. Chuir idirbheartaithe polasaí trádála na Roinne leis an bpróiseas seo tríd an éabhlóid ar sheasamh na hÉireann agus a urlabhraíocht laistigh den Chomhbheartas Tráchtála. Lean idirbheartaithe polasaí trádála Éireannacha ag cur leis seo sa phróiseas a lean uaidh, agus gach iarracht dírithe ar dhul chun cinn a bheith déanta thar réimse iomlán ábhar idirbheartaíochta an DDA faoin chéad Chomhdháil Aireachta WTO eile i Hong Cong i mí na Nollag 2005.

Margadh Inmheánach an AE

Cur i bhfeidhm ar an Straitéis Margaidh Inmheánaigh

Taispeánann an *Dara Tuarascáil Fhorfheidhmithe ar an Straitéis Margaidh Inmheánach, 2003-2006*, ag an gCoimisiún go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh. Tá dhá thrian de na céimeanna dlíthiúla i dtreo Margadh Inmheánach níos fearr tógtha. Áiríonn an Tuarascáil, sa réimse soláthar poiblí, go spreagfadh soláthar níos oscailte trádáil, táirgiúlacht agus fás, agus dá sábháilfaí díreach 10% den chaiteachas reatha do sholáthar poiblí go dtabharfaí gach Ballstát a bhí ann roimh Bhealtaine 2004 faoi bhun leibhéal na n-easnamh fíoscach

leagtha síos ag an gComhaontú Seasmhachta agus Fáis. Áiríonn an Tuarascáil freisin go measann Éirinn go bhfuil an mianach ann €1 billiún a shábháil sa chúig bliana atá romhainn ón ríomh-sholáthar amháin. I dtaca le sárú rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh, rinne méid áirithe Ballstát, Éire san áireamh, dul chun cinn agus i mar aidhm acu íslíú 50% a dhéanamh ar na sárúithe sin faoi 2006.

Dréacht-Threoir um Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach

D'fhoilsigh an Coimisiún an dréacht-Threoir um Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach i mí Eanáir 2004. Is moladh fairsing trasghearrach é a fhágfaidh saoirse ag soláthraithe seirbhíse a seirbhísí a chur ar fáil thar teorainneacha an AE nó a ngnó a chur ar bun i mBallstáit eile. Is fiú suas le 70% den Olltáirgeacht Náisiúnta iad Seirbhísí agus rachadh cruthú Fíor-Mhargadh Singil don earnáil seirbhísí Eorpach chun tairbhe go mór don earnáil seirbhísí Eorpach agus Éireannach araon.

Clár Solvit ar bhaint na gconstaicí sa Mhargadh Singil

Is gréasán neamhfhoirmiúil réitithe-faidhbe é SOLVIT, a sheol an Coimisiún i mí Iúil 2002. Is féidir le heagraíochtaí atá ag feidhmiú thar ceann saoránaigh agus gnóthaí san AE - nó go deimhin saoránaigh agus gnóthaí san AE iad féin - cásanna a phlé lena Lárionad SOLVIT má bhraitheann siad go bhfuil a gcearta Margaidh Inmheánaigh diúltaithe dóibh i mBallstát nach a dtír féin é, toisc nach bhfuil dlí an Mhargaidh Inmheánaigh á chur i bhfeidhm ag na húdaráis sa tír sin. Tá Lárionad SOLVIT na hÉireann lonnaithe in Aonad Rochtana Margaidh na Roinne. Chomh maith le bheith ag iarraidh cásanna a thógann saoránaigh agus gnóthaí a réiteach, is féidir le SOLVIT athruithe sa reachtaíocht agus/nó i gcórais a chur sa tsiúl agus dá bhrí sin cuireann sé leis an mór-phróiseas 'Rialú Níos Fearr'.

I gcaitheamh 2004, chonaic Lárionad SOLVIT na hÉireann, mar an gcéanna le Lárionad SOLVIT eile, méadú i líon na bhfiosrúcháin a fuaireadar. Chomh maith leis seo, d'eagraigh Lárionad SOLVIT na hÉireann sraith taispeántas d'eagraíochtaí ar dhócha go bhféadfaidís tairbhe a bhaint as SOLVIT, ina measc seo bhí GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, SFADCO, Údarás na Gaeltachta, InterTradelreland, IBEC, SFA, ISME, Lárionad Tomhaltóirí na hEorpa agus Comhairle. Lean an próiseas margaíochta ar SOLVIT le páirtithe leasmhara ar aghaidh le linn 2005. Tá tuilleadh eolais faoi SOLVIT, chomh maith le heolas teagmhála do gach Lárionad SOLVIT, le fáil ag: http://europa.eu.int/solvit/site/index_en.htm.

Taiex (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Eolais)

Tionscnamh de chuid an Mhargaidh Inmheánaigh a bhí in Oifig TAIEX an Choimisiúin Eorpaigh i dtosach. Cuireadh ar bun é chun cúnamh a thabhairt i réimse feidhmithe agus cur i bhfeidhm reachtaíochta an AE ar mhaithe leis na tíortha i lár agus in oirthear na hEorpa a bhí ina n-iarrthóirí ballraíochta don Aontas Eorpach. Cuireann saineolaithe cúnamh TAIEX ar fáil sna hearnálacha poiblí agus leath-phoiblí i mBallstáit - tugann siad cuairt ar a gcomhghleacaithe sna Tíortha Iarrthóra/Ballstáit nua nó fáiltíonn siad roimh oifigigh ar cuairt ó na Tíortha Iarrthóra / Ballstáit nua chuig Ballstát an tsaineolaí. Is é Aonad Rochtana Margaidh na Roinne seo Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann le haghaidh TAIEX agus seolann sé iarratais ar chúnamh ar aghaidh go dtí an Roinn chuí. Le linn 2004, d'fhorbair an Oifig TAIEX sa Choimisiún dhá ghléas nua ar-líne, *Bunachar Sonraí Saineolaithe TAIEX* (a bhfuil sé i gceist aige saineolaithe ó Bhallstáit an AE a chlárú go bhfuil suim acu i gcomhoibriú rialta le TAIEX) agus *Stocmhalartán Saineolaithe*, a bhfuil fáil ag saineolaithe cláraithe air chun comhairle a lorg nuair atá cúnamh á iarraidh acu.

AGUISÍN 1 - Meastacháin

FIONTAIR, TRÁDÁIL AGUS FOSTAÍOCHT

I. Meastachán den mhéid is gá sa bhliain dár críoch 31 Nollaig, 2005, chun críche thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riaradh ag an Oifig sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna bunaithe ar airgead tirim teoranta.

(a) soláthar na bliana reatha

Aon mhíle, dhá chéad agus tríocha milliún, cúig chéad agus seachtó míle euro
(€1,230,570,000)

(b) feidhmiú leithghabhálacha neamhchaite, chun críche seirbhísí soláthair caipitil, ar féidir a ngéilleadh a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tríocha a ceathair milliún, dhá chéad agus tríocha a seacht míle euro
(€34,237,000)

II. Fotheidil faoina míneoidh Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Vóta seo.

	Toradh 2004			Meastachán 2005			Athrú 2005 thar 2004
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
RIARACHÁN	€000	€000	€000	€000	€000	€000	%
A.1 - TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	30,460	-	30,460	32,085	-	32,085	5%
A.2 - COSTAIS TAISTIL AGUS COTHAITHE	1,543	-	1,543	1,922	-	1,922	25%
A.3 - COSTAIS THEAGMHASACHA	1,663	-	1,663	1,422	-	1,422	-14%
A.4 - SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,043	-	1,043	950	-	950	-9%
A.5 - FEARAIS AGUS SOLÁTHAIR OIFIGE	4,889	-	4,889	4,571	-	4,571	-7%
A.6 - COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	2,441	-	2,441	2,083	-	2,083	-15%
A.7 - SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	363	-	363	609	-	609	68%
A.8 - ACMHAINNÍ FÓGRAÍOCHTA AGUS FAISNÉISE	269	-	269	695	-	695	158%
A.9 - OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH	3,067	-	3,067	4,538	-	4,538	48%
A.10 - AN CHÚIRT OIBREACHAIS	2,289	-	2,289	2,601	-	2,601	14%
A.11 - SOCHAÍ NA FAISNÉISE - TIONSCADAL RÍOMHRIALTAIS	477	-	477	805	-	805	69%
- UACHTARÁNACHT AN AE	2,552	-	2,552	-	-	-	-
<i>Fo-iomlán: *</i>	51,056	-	51,056	52,281	-	52,281	-

FIONTAR, ÁISÍNEACHTAÍ, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT

B.1 - FORFÁS - DEONTAS LE HAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	22,395	-	22,395	27,976	-	27,976	25%
B.2 - INTERTRADEIRELAND	2,420	4,707	7,127	2,709	6,223	8,932	25%
C.1 - IDA IRELAND - DEONTAS LE HAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	34,164	-	34,164	36,479	-	36,479	7%
C.2 - IDA IRELAND - DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	45,950	45,950	-	91,886	91,886	100%
C.3 - IDA IRELAND - DEONTAS D'FHOIRGNIMH	-	3,102	3,102	-	3,103	3,103	-
D.1 - FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS LE HAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	88,386	-	88,386	92,858	-	92,858	5%
D.2 - FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS DO THIONSCAIL	2,500	45,088	47,588	4,613	52,976	57,589	21%
D.3 - FIONTRAÍOCHT ÉIREANN - DEONTAS DO CHAITEACHAS CAIPITIL	-	3,216	3,216	-	3,394	3,394	6%

* San áireamh tá coigealtas €118,000 a tugadh ar aghaidh ó 2004 faoi théarmaí an Chomhaontaithe Riaracháin Buiséid.

	Toradh 2004			Meastachán 2005			Athrú 2005 thar 2004
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
FIONTAR, ÁISÍNEACHTAÍ, EOLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT - ar lean	€000	€000	€000	€000	€000	€000	%
E.1 - CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA - DEONTAS LE HAGHAIDH RÍARACHÁIN AGUS COSTAS EILE	-	-	-	100	-	100	-
E.2 - CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA - DEONTAIS DO THIONSCAIL....	-	1,045	1,045	-	4,703	4,703	350%
F. - CLÁR FORBARTHA EOLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA FONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA NA HÉIREANN	39,164	155,645	194,809	23,420	195,157	218,577	12%
G. - FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE	11,654	16,479	28,133	12,400	16,714	29,114	3%
H. - MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ CHLÁR DE CHUID AN AE	134	-	134	150	-	150	12%
I.1 - ÚDARÁS NÁISIÚNTA CAIGHDEÁN NA HÉIREANN DEONTAS LE HAGHAIDH RÍARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	4,889	517	5,406	5,502	1,017	6,519	21%
I.2 - NÍTRIGIN ÉIREANN TEORANTA	150	-	150	300	-	300	100%
J.1 - IASACHT FÓIRDHEONTAIS DO SCÉIM FHORBARTHA GHNÓLACHTAÍ BEAGA - IOCAÍOCHTAÍ DO BHANC ICC	116	-	116	27	-	27	-77%
J.2 - SOCHAÍ NA FAISNÉISE - TIONSCADAL AN RÍOMHRIALTAIS	202	-	202	1,538	-	1,538	661%
<i>Fo-iomlán:-</i>	206,174	275,749	481,923	208,072	375,173	583,245	21%

FORBAIRT LUCHT OIBRE

K.1 - FÁS - RÍARACHÁN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA (a)	128,007	-	128,007	133,420	-	133,420	4%
K.2 - FÁS - TACAÍOCHT OILIÚNA AGUS COMHTHÁTHAITHE (b)	53,987	-	53,987	69,343	-	69,343	28%
K.3 - FÁS - CLÁIR FHOSTAÍOCHTA (c)	347,164	-	347,164	384,479	-	384,479	11%
K.4 - FÁS - CAIPITEAL	-	21,741	21,741	-	23,899	23,899	10%
L. - DEONTAS DO CHUMANN ÉIREANNACH NA nDÍFHOSTAITHE (d)	48	-	48	49	-	49	2%
M.1 - TACAÍOCHT THEICNIÚIL DO THIONSCADAIL PHOBAIL	817	-	817	700	-	700	-14%
M.2 - CÓ-MHAOINIÚ DO THIONSCADAIL PHOBAIL CLÁR OIBRÍOCHTA D'FHORBAIRT ACMHAINNÍ DAONNA - FORBAIRT THEICNIÚIL	179	-	179	250	-	250	40%
M.4 - CLÁR LEONARDO	282	-	282	636	-	636	126%
M.5 - COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ FORBARTHA TIONSCADAL COMHIONANNAIS POBAIL	115	-	115	122	-	122	6%
<i>Fo-iomlán:-</i>	536,025	21,741	557,766	595,738	23,899	619,637	11%

CEARTA FOSTAÍOCHTA AGUS CAIDREAMH TIONSCAIL	Toradh 2004			Meastachán 2005			Athrú 2005 thar 2004
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	
N. - AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	4,303	-	4,303	4,860	-	4,860	13%
O. - DEONTAIS D'OIDEACHAS CEARDCHUMAINN AGUS SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA (d)	1,080	-	1,080	1,773	-	1,773	64%
P. - CÓNASCADH CEARDCHUMANN	-	-	-	140	-	140	-
<i>Fo-iomlán:-</i>	5,383	-	5,383	6,773	-	6,773	26%

- (a) Maoinítear cuid de chostais theagascóirí FÁS (€12,997,000) agus costais Aonad Anailise Scileanna FÁS (€328,000) as an gCiste Náisiúnta Oiliúna.
- (b) Maoinítear costais oiliúna FÁS chomh maith as an gCiste Náisiúnta Oiliúna (€276,003,000). Is é FÁS a riarfaidh Ciste Oideachais Láithreacha Oibre an CNO agus is é chomh maith a riarfaidh scéimeanna nua arna maoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa sa chás go bhfuil réamh-mhaoiniú ón gCNO á sholáthar.
- (c) Maoinítear cuid de chostais oiliúna rannpháirtithe ar scéimeanna fostaíochta as an gCiste Náisiúnta Oiliúna (€11,000,000).
- (d) Fotheideal faoi airgead tirim teoranta.

TRÁCHTÁIL, TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHT

Q. - DEONTAS DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA	4,130	-	4,130	5,079	-	5,079	23%
R.1 - OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM GHNÓTHAÍ TOMHALTÓRA DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GNÓTHAÍ GINEARÁLTA	3,409	-	3,409	4,137	-	4,137	21%
R.2 - TACAÍOCHT DO THOMHALTÓIRÍ	-	-	-	243	-	243	-
S.1 - AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GNÓTHAÍ GINEARÁLTA	8,165	-	8,165	8,693	-	8,693	6%
S.2 - ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHTA AGUS CUNTASAÍOCHTA NA hÉIREANN (DEONTAS-I-gCABHAIR)	320	-	320	1,159	-	1,159	262%
S.3 - AN BORD UM MHEASÚNÚ GORTUITHE PEARSANTA	4,683	-	4,683	2,500	-	2,500	-47%
S.4 - ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHTA AGUS CUNTASAÍOCHTA NA hÉIREANN - DEONTAS AON UAIRE DO CHOSTAIS A BHUNAITHE	-	-	-	300	805	1,105	-
- CUMANN TOMHALTÓIRÍ NA hÉIREANN	63	-	63	-	-	-	-
- DEONTAS DON IONAD NÁISIÚNTA IMRÉITIGH LE hAGHAIDH EEJ-NET	34	-	34	-	-	-	-
<i>Fo-iomlán:-</i>	20,804	-	20,804	22,111	805	22,916	10%

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

T. - ÚDARÁS NÁISIÚNTA SÁBHÁILTEACHTA AGUS SLÁINTE AG AN OBAIR - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GNÓTHAÍ	14,993	-	14,993	16,098	-	16,098	7%
<i>Fo-iomlán:-</i>	14,993	-	14,993	16,098	-	16,098	7%

	Toradh 2004			Meastachán 2005			Athrú 2005 thar 2004
	Reatha	Caipiteal	Iomlán	Reatha	Caipiteal	Iomlán	
SEIRBHÍSÍ EILE	€000	€000	€000	€000	€000	€000	%
U. - TAIGHDE AR A NÁIRÍTEAR SUIRBHÉANNA DAONCHUMACHTA	36	-	36	351	-	351	-
V. - CREATCHOISTE NÁISIÚNTA DO PHOLASAITHE FAOI CHOITHROIME IDIR OBAIR AGUS SAOL	259	-	259	265	-	265	2%
W. - SÍNTEIÚIS D'EAGRAIS IDIRNÁISIÚNTA srl.	12,463	-	12,463	13,519	-	13,519	8%
X.1 - COIMISIÚIN, COISTÍ AGUS FIOSRÚCHÁIN SPEISIALTA	605	-	605	860	-	860	42%
X.2 - ÍOCAÍOCHTAÍ ILGHNÉITHEACHA	453	-	453	769	-	769	70%
X.3 - AOISLIÚNTAIS AGUS PINSIN DO BHAILL DEN CHÚIRT OIBREACHAIS AN COIMISIÚN UM CHLEACHTAIS SHRIANTA AGUS AN TÚDARÁS IOMAÍOCHTA	542	-	542	614	-	614	13%
X.4 - ÁRACHAS CREIDMHEASA ONNMHAIRITHE AISÍOCAÍOCHT LEIS AN STÁTCHISTE	-	-	-	907	-	907	-
<i>Fo-iomlán:-</i>	14,358	-	14,358	17,285	-	17,285	20%
<i>Oll-iomlán:-</i>	848,793	297,490	1,146,283	918,358	399,877	1,318,235	15%
<i>Bain as:-</i>							
Y. - LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	111,078	-	111,078	87,665	-	87,665	-21%
<i>Glan-iomlán:-</i>	737,715	297,490	1,035,205	830,693	399,877	1,230,570	19%

Glanmhéadú (€000) 195,365

Pá agus pinsin státchiste san áireamh sa ghlan-iomlán thuas	265,293	287,484	8%
Fostaithe agus pinsinéirí na Seirbhíse Poiblí Comhlachais	6,278	6,343	1%

Fotheidil faoina bhfuil sé i gceist an tsuim €34.237 milliún i leithghabhálacha neamhchaite ó 2004 a fheidhmiú ar sheirbhíse soláthair caipitil.

	Toradh 2004	Meastachán 2005	Athrú 2005 thar 2004
	€000	€000	
			%
B.2 - INTERTRADEIRELAND	-	237	-
C.2 - IDA IRELAND - DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	4,000	-
C.3 - IDA IRELAND - DEONTAIS FHOIRGNÍOCHTA	-	10,000	-
F. - CLÁR FORBARTHA EOLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA FONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA NA HÉIREANN	-	10,000	-
G. - FORBAIRT FIONTRAÍOCHTA CONTAE	-	1,000	-
K.4 - FÁS - CAIPITEAL	-	9,000	-
	-	34,237	-

AGUISÍN 2

Tuairisc ar mar a cloíodh le forálacha An Achta um Íoc Pras Cuntas

Le linn 2004, gearradh ús pionóis €3,000.97 ar 65 shonrasc arbh fhiú €558,909.75 iad. Mar seo a leanas an mhoill a tharla:

Suas le 30 lá i 41 chás a raibh ús €869.45 mar thoradh air
31 go 60 lá i 22 chás a raibh ús €1,584.50 mar thoradh air
Níos mó ná 60 lá i 2 chás a raibh ús €547.02 mar thoradh air

De réir I.R. Uimh. 388, ní íoctar ús ach nuair a bhíonn suim níos mó ná €5 dlite.

Le linn 2003, tharla 34 íocaíocht dheireanacha a raibh ús €1,664.32 mar thoradh orthu.

Seachas an mhoill a cuireadh ar aonaid líne, cuireadh moill maidir le próiseáil íocaíochtaí ar an Aonad Airgeadais toisc go raibh Córas nua Bainistíochta Airgeadais á chur i bhfeidhm agus go bhfuarthas líon níos mó íocaíochtaí.

AGUISÍN 3

Reachtaíocht arna riaradh ag an Roinn

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT AG AN OBAIR

Boiler Explosions Acts, 1882 agus 1890
 Acht na nArm Ceimiceach, 1997
 An tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 1998 (le teacht i bhfeidhm ar 1 Aibreán 2002)
 An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 Agus 1979
 An tAcht um Mianaigh agus Cairéil, 1965
 An tAcht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987
 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989
 An tAcht um Shábháilteacht i dTionscal, 1955 agus 1980

CEARTA FOSTAÍOCHTA *

An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001
 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 2003**
 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta) 2000**
 An tAcht um Iontaobhas na nOspidéal (1940) Teoranta (Íocaíochtaí le hIarfhostaithe), 2000
 Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2001
 An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
 An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977
 An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003
 An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001
 Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984-2003
 An tAcht um Íoc Pá 1991
 An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996
 Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-2003
 Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001**
 Na hAchtanna um Dhifhostú Éagórach, 1977-2001
 An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 2003
 An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003
 An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971
 (cé go riarann Rannóg ERIR na Roinne an tAcht seo, ní cuid é den tsraith reachtaíochta faoi chearta).
 An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003

*Nóta: Tá an tAcht um Chosaint Mháithreachais 1994, an tAcht um Shaoire Uchtaíoch 1995**, an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998, agus an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, á riaradh ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tríd an Údarás Comhionannais. Tá an tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 á riaradh ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.*

TIONSCAL

An tAcht Stroighe (Achtacháin a Aisghairm), 2000
 Na hAchtanna Aerphoirt Neamhchustam, 1947 agus 1958 (coda díobh)
 An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1987
 Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986-2003
 An tAcht Taighde Tionscail agus Caighdeán, 1961
 An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta, 1996**
 An tAcht Fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996**
 Na hAchtanna um Nitrigín Éireann Teoranta, 1963-2001
 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997
 An tAcht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, 1987
 Na hAchtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959-1991

DLÍ CUIDEACHTA

Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2003
 Achtanna na gCara-Chumann, 1896-1977
 Na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893-1978
 An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994**
 An tAcht um Painéal Táthcheangail na hÉireann, 1997**
 Limited Partnership Act, 1907
 Partnership Act, 1890
 An tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963
 An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990
 An tAcht um Chistí Infheistíochta Ainmnithe, 1985 (alt 6)
 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (alt 12(6))
 An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 (alt 80)**
 An tAcht Iomaíochta 2002 (ailt 48(a) agus 51)
 An tAcht um Stocmhalartáin 1995**

EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT & MAOIN INTLEACHTÚIL

An Bille um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003
 Acht na bPaitinní 1992**

Acht na dTrádmharcanna 1996**

Ailt 4 agus 5 den Acht um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1998

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (seachas ailt 98, 198, 199 agus 247 nár cuireadh i bhfeidhm leis an gcuid eile den Acht ar 1 Eanáir 2001)

An tAcht um Dhearáí Tionscail, 2001**

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú), 2004 (Uimh. 18 de 2004)

TRÁDÁIL

An tAcht chun Onnmhairí a Rialú, 1983

Na hAchtanna chun Allmhairí a Rialú, 1934-1964

An tAcht Árachais (Ráthaíochtaí um Onnmhairiú), 1988

An tAcht um Shrianadh Allmhairí, 1962

IOMAÍOCHT AGUS POLASAÍ TOMHALTÓRA

An tAcht Corr-Thrádála 1995**

Cairt Cuideachta Goldsmith i mBaile Átha Cliath, 1637

An tAcht Iomaíochta, 2002

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995**

An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978

An tAcht um Shainmharcáil, 1981

Hallmarking of Foreign Plate Act, 1904

An tAcht um Dhliteanas i leith Táirgí Fabhtacha, 1991**

Na hAchtanna Marcanna Earraí Ceannaíochta, 1887-1970

An tAcht Méadreolaíochta, 1996

An tAcht um Thrádáil Ócaídeach, 1979

An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980

Plate Assay Act, 1783

Plate Assay (Ireland) Act, 1807

Acht Tástála Pláta (Leasú), 1931

Na hAchtanna Praghsanna, 1958-1972

An tAcht Stuaic-Dhíola, 1980

An tAcht um Chleachtas Srianta (Leasú), 1987

An tAcht um Chleachtas Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1987

Sale of Goods Act, 1893

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísi, 1980

Acht na Siopaí (Uaire Trádála), 1938

An tAcht Stampáil Trádála, 1980

CEARDCHUMAINN AGUS CAIDREAMH TIONSCAIL

Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2004

Na hAchtanna Ceardchumann, 1871-1990

An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta D'Fhostaithe, 1996**

Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontar Stáit), 1977 agus 1988

FOSTAÍOCHT AGUS OILIÚINT

An tAcht Printiseachta, 1959

An tAcht Oiliúna Tionscail, 1967

An tAcht um Áiseanna Saothair, 1987

An tAcht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000

AGUISÍN 4

Reachtaíocht a achtaíodh i 2004

An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2004 (Uimh. 18 de 2004)

Cuireann an tAcht seo deireadh le hamhras maidir le dlíthiúlacht saothair áirithe a thaispeáint go poiblí, faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Leasmhar 2000. Bhí d'aidhm aige a shoiléiriú nach sáródh taispeáint saothar liteartha agus ealaíne cóipcheart.

An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 (Uimh. 4 de 2004)

Tháinig an tAcht seo i bhfeidhm ar 6 Aibreán 2004, agus leasaíonn sé an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2001. Cuireann sé le héifeachtúlacht na nósanna imeachta chun déileáil le haighnis sa chás nach bhfuil socrúithe idirbheartaíochta i bhfeidhm. Chomh maith leis seo, cuireann an tAcht toirmeasc ar íospairt i gcomhthéacs

aighnis, sa chás gur gaireadh an Cód Feabhsaithe Cleachtais um Réiteach Deonach Aighneas, nó gur tosaíodh á ghaireadh. Tacaíonn na bearta seo a leanas leis an Acht -

- Cód leasaithe Cleachtais um Réiteach Deonach Aighneas
- Cód Cleachtais um Íospairt

Tá na forálacha breise seo san Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004:

- leasú ar Chéad Sceideal an Achta Caidrimh Thionscail 1990 a mhéadaíonn leibhéal na bhfíneálacha is féidir leis na Cúirteanna a ghearradh sa chás go sáraitear Socrúithe Cláraithe Fostaíochta
- leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984, a chuireann ar ceal an ceangal a bhí ar fhostaithe chomhlachtaí dócmhainneacha dámhachtain a fháil ó Bhinse Fiosraithe na nAchomharc Fostaíochta roimh dóibh cur isteach ar íocaíocht reachtúil d'fhógra íosta fágála faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneacha

AGUISÍN 5

Ionstraimí Reachtúla a achtaíodh le linn 2004

(Uimh. 16 de 2004)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara) 2004** Aistrionn na Rialacháin seo forálacha áirithe de Threoir 2001/29/EC, ar Chomhchuíbhíú Ghnéithe áirithe de Chóipcheart agus de Chearta Gaolmhara i Sochaí na Faisnéise. Ionchorpraíodh an chuid is mó d'fhorálacha na Treorach san Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara 2000, ach ba ghá leasuithe áirithe ar an Acht chun go mbeadh ár reachtaíocht ag teacht go hiomlán le téarmaí na Treorach.

I.R. Uimh. 29 de 2004

Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2004** Baineann na Rialacháin seo le hiompar, i dtancanna, ar an mórchoir agus i bpacáistí, earraí contúirteacha de bhóthar, ar a n-áirítear pacáil, lódáil, líonadh agus dílódáil na n-earraí contúirteacha maidir lena n-iompar. Cuireann siad i bhfeidhm na forálacha atá in Aguisíní Teicniúla an 'Chomhaontaithe Eorpaigh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar' (ADR) 2003.

I.R. Uimh. 62 de 2004

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Ullmhóidí Contúirteacha) 2004** Cuireann na Rialacháin seo ceangal ar dhaoine a bhfuil ullmhóidí chontúirteacha á cur ar an margadh acu, i aicmiú agus a lipéadú de réir na gcontúirtí atá inti ar a n-áirítear, den chéad uair, aicme na contúirte don timpeallacht. Ó 30 Iúil 2004, tháinig táirgí cosanta plandaí faoi réir na rialachán seo maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú.

I.R. Uimh. 76 de 2004

Ordú an Achta Caidreamh Thionscail 1990 (Cód Feabhsaithe Cleachtas um Réiteach Deonach Aighneas) 2004** Is é is príomhchuspóir don Chód Feabhsaithe seo frámaíocht fheabhsaithe a sholáthar, a bhfuil tacaíocht iomlán na bpáirtithe uile aici, chun déileáil le haighnis thionscail a thagann chun cinn nuair nach mbíonn socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm agus nuair a theipeann ar chó-mhargáintíocht.

I.R. Uimh. 132 de 2004

Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntais) 2003** Socraíonn an tOrdú seo gurb iad 6 Aibreán 2004 agus 1 Iúil 2004 na dátaí ar a dtiocfaidh na forálacha éagsúla (aon mhír déag) a bhfuiltear ag cur tús leo i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 133 de 2004

Ordú na gCuideachtaí (Foirmeacha) 2004** Is é is príomhchuspóir don Ordú seo an fhoirm a shonraítear chun críche alt 125 d'Acht na gCuideachtaí 1963 a leasú, trí Fhoirm nua B1 a sholáthar a mbeidh éifeacht léi ó 17 Bealtaine 2004. Déanann an Fhoirm seo nuashonrú ar an bhfoirm is gá a líonadh nuair a bhíonn tuairisc bhliantúil á tabhairt do Chlár na gCuideachtaí. Forálann an tOrdú chomh maith gur féidir an Fhoirm B1 a bhí in úsáid roimhe seo (Foirm B1 (leagan 2), luaite i Sceideal 2) a úsáid i gcónaí chun tuairisc bhliantúil a thabhairt do Chlár na gCuideachtaí go dtí 31 Deireadh Fómhair 2004. Le feidhm ó 1 Samhain 2004, ní féidir ach an leagan sin d'Fhoirm B1 atá luaite i Sceideal 1 an Ordaithe seo a líonadh nuair a bhíonn tuairisc bhliantúil á tabhairt do Chlár na gCuideachtaí.

I.R. Uimh. 138 de 2004

Ordú (Tionscnamh) an Achta Caidreamh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004, 2004**

I.R. Uimh. 139 de 2004

Ordú (Dearbhú) an Achta Caidreamh Thionscail 1990 (Cód Cleachtas um Íospairt) 2004** Is é is príomhchuspóir don Chód cineálacha éagsúla cleachtas a leagan amach ar íospairt iad agus a eascraíonn as ballraíocht fostóra i gceardchumann, nó gníomhaíocht ar son ceardchumainn, nó bainisteoir i mbun a c(h)uid dualgas bainistíochta, nó fostaithe eile.

I.R. Uimh. 191 de 2004 –

Rialacháin an Achta Corr-Thrádála, 1995 (Alt 2(3)), 2004. Faoi na Rialacháin seo, tugtar díolúine ó fhorálacha an Achta Corr-Thrádála 1995 do lucht fáis, dá gcuid seirbhíseach nó dá gcuid gníomhairí, ó dhíolachán torthaí agus glasraí áirithe ar feadh tréimhse sonraithe sa bhliain.

I.R. Uimh. 195 de 2004 -

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmiú na Rialacha Iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 & 82 den Chonradh) 2004)** Tugann na Rialacháin feidhm sa Stát do Rialachán Chomhairle an AE Uimh.

1/2003 maidir le feidhmiú na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 & 82 den Chonradh, ar tháinig athruithe suntasacha i bhforfheidhmiú poiblí agus príobháideach Dhlí an Chomhphobail dá dtoradh. Ainmníonn na Rialacháin seo na húdaráis náisiúnta a bheidh freagrach as feidhmiú fhorálacha poiblí forfheidhmithe an Rialacháin Comhairle Uimh. 1/2003 sa Stát.

I.R. Uimh. 196 de 2004 -

Ordú (Tionscnamh) an Achta Iomaíochta 2002, 2004** Tugann an tOrdú seo feidhm d'fhoráil Alt 6(4)(c) an Achta Iomaíochta, 2002, ina ndearbhaítear gur cosaint mhaith é a chruthú go gcomhlíonann an t-aontú, an cinneadh nó an cleachtas comhbheartaithe coinníollacha Airteagal 81 (3) den Chonradh, in imeachtaí a thionsófar faoi Airteagal 81 (1) den Chonradh.

I.R. Uimh. 199 de 2004

Rialacháin Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí 2004**

Éilíonn na Rialacháin seo go mbeidh táirgí tomhaltóra a chuirfead ar an margadh sábháilte, agus cuireann sé iallach ar tháirgeoirí gan ach táirgí sábháilte a chur ar an margadh. Sonraíonn na Rialacháin dualgais tháirgeoirí agus imdháileoirí agus dearbhaíonn gur cion é earraí contúirteacha a chur ar an margadh.

I.R. Uimh. 374 de 2004

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Brúthrealamh Iniompartha) 2004**

Baineann na Rialacháin seo le haon bhrúthrealamh nua iniompartha a chuirtear ar an margadh agus a tháirgítear ar nó tar éis 1 Iúil 2001 a d'fhéadfaí a mheasúnú ar mhaithe le comhlíonadh caighdeán. Is éard is brúthrealamh iniompartha iomar nó tanc a úsáidtear, nó atá i gceist a úsáid, d'iompar earraí Aicme 2 (gáis) agus earraí áirithe contúirteacha eile, de bhóthar nó d'iarnród, ar a n-áirítear comhla nó aon oiriúint eile a fheistítear leis an trealamh agus a úsáidtear chun críche iompair.

I.R. Uimh. 434 de 2004

Rialacháin an Achta Comhdhlúite Cánacha 1997 (Gníomhaíochtaí Forordaithe Taighde agus Forbartha) 2004** Sonraítear sna Rialacháin seo na haicmí gníomhaíochta ar gníomhaíochta taighde agus forbartha iad agus na haicmí gníomhaíochtaí nach gníomhaíochtaí taighde agus forbartha iad chun críche alt

766 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna gcur isteach ag alt 33 den Acht Airgeadais 2004).

I.R. Uimh. 506 de 2004

Ordú Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (Alt 13 (2)), 2004

Is é is príomhchuspóir don Ordú seo a cheadú do chomhpháirtíochtaí teoranta a cláraíodh faoin *Limited Partnerships Act* 1907 suas le 50 comhpháirtí a bheith acu sa chás go ndéantar a leithéid de chomhpháirtíochtaí chun críche sholáthar infheistíochta agus airgeadais iasachta agus áiseanna cúntacha agus seirbhísí do dhaoine atá bainteach le gníomhaíochtaí tionsclaíocha nó tráchtála, nó a mbaineann a bpríomhghnó leis na réimsí sin.

I.R. 574 de 2004

Rialacháin na nDearaí Tionscail (Leasú) 2004.** Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na nDearaí Tionscail 2002 (I.R. Uimh. 280 de 2002) tríd an éileamh ar ráiteas úrnuachta agus ar charachtar aonair nuair a bhíonn dearadh á chlárú, a chur ar ceal. Déantar an t-éileamh seo ar fhoirmeacha 1 agus 1A den sceideal. Chomh maith leis sin, leasaíonn na Rialacháin seo formáid an Teastais Chláraithe do dhearadh, arna eisiúint ag an Rialaitheoir um Phaitinní, Dhearaí agus Thrádmharcanna nuair a chláraítear dearadh. Sa bhformáid leasaithe, ní dhéantar tagairt níos mó do liostú táirge ar an Teastas Cláraithe ná ní éilítear a leithéid.

I.R. Uimh. 695 de 2004

Rialacháin na nÍocaíochtaí Iomacaíochta (Cnapshuim) 2004.** Mhéadaigh na Rialacháin seo an uasteorainn ar ioncam bliantúil inríofa atá le cur san áireamh agus íocaíocht cnapshuime reachtúil iomarcaíochta ó €26,411 (€507.90 sa tseachtain) go €31,200 (€600 sa tseachtain) á ríomh. Baineann an uasteorainn nua le hiomarcaíochtaí nár eisíodh aon fhógra go rabhthas chun an fhostaíocht a scor de bharr iomarcaíochta faoin 1 Eanáir 2005 nó ina dhiaidh.

I.R. Uimh. 696 de 2004

Rialacháin Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) (Athrú Teorann), 2004.** Mhéadaigh na Rialacháin seo uasteorainn an phá sheachtainiúil is féidir a úsáid chun críche áireamh theidíocht fostaithe faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984, ó €507.90 go €600.00. Baineann an uasteorainn nua le

teidlíochtaí a eascraíonn as an Acht sa chás gur tharla an dáta cuí ar 1 Eanáir 2005 nó ina dhiaidh.

S.I. No. 765 of 2004

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuntasaíocht Luacha Cothroim) 2004** Tugann na Rialacháin seo feidhm do Threoir 2001/65/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 27 Meán Fómhair 2001 chun luacháil chothrom ionstraimí airgeadais i gcuntais a cheadú.

I.R. Uimh. 808 de 2004

An tOrdú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligean Fheidhmeanna an Aire) (Uimh. 2), 2004.** Forálann an tOrdú seo tarmligean cumhachtaí áirithe an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chuig Michael Ahern, TD, an tAire Stáit um Thrádáil agus Thráchtáil.

I.R. Uimh. 809 de 2004

An tOrdú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligean Fheidhmeanna an Aire), 2004.** Forálann an tOrdú seo tarmligean cumhachtaí áirithe an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chuig an Aire Tony Killeen, TD, an tAire Stáit um Ghnóthaí Saothair.

I.R. Uimh. 817 de 2004

Rialacháin Eagrúchán Ama Oibre (Cuimsiú Gníomhaíochtaí Iompair), 2004.** Faoi na Rialacháin seo, tagann gníomhaíochtaí iompair faoi scáth an Achta um Eagrúchán Ama Oibre 1997**.

I.R. Uimh. 819 de 2004

Rialacháin Eagrúchán Ama Oibre (Lena nÁirítear Obair Eischósta) 2004.** Faoi na Rialacháin seo, tagann obair eischósta faoi scáth an Achta um Eagrúchán Ama Oibre 1997.

I.,R. Uimh. 829 de 2004

Ordú na gCuideachtaí (Foirmeacha) (Uimh. 2), 2004** Is é is cuspóir don Ordú seo foirmeacha a fhorordú a úsáidfeadh chun críche forálacha áirithe d'Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003.

I.R. Uimh. 839 de 2004

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí), 2004** Is é is cuspóir do na Rialacháin seo deireadh a chur leis an riachtanas foilsithe san iris

náisiúnta, *Iris Oifigiúil*, chun críche cáipéisí áirithe éigeantacha agus sonraí maidir le cuideachtaí a nochtadh, agus ina ionad sin riachtanas nua foilsithe a chruthú in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, a choinneofar i bhformáid leictreonach amháin.

I.R. Uimh. 852 de 2004

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid), 2004**

Aistríonn na rialacháin seo -

- Treoir 2003/53/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 18 Meitheamh 2003, a leasaíonn den 26ú uair Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta a chur ar mhargú agus ar úsáid substaintí agus ullmhóidí contúirteacha áirithe (naoinilfeanól, naoinilfeanól eatocsaileáit agus stroighin),
- Treoir an Choimisiúin 2004/21/EC de 24 Feabhra 2004, maidir le srianta ar mhargú agus ar úsáid "aicsea-dhatháin" (an tríú oiriúnú déag de réir dhul chun cinn teicniúil Threoir na Comhairle 76/769/EEC),
- Treoir an Choimisiúin 2004/96/EC de 27 Meán Fómhair 2004 a leasaíonn Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta ar mhargú agus ar úsáid nicile do ghléasanna pollta craicinn chun críche Aguisín 1 a leasú de réir dhul chun cinn teicniúil,
- Treoir an Choimisiúin 2004/98/EC de 30 Meán Fómhair 2004 a leasaíonn Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta ar mhargú agus ar úsáid éitir peinteabhrómadhéifneil i gcórais phráinne aslonnaithe eitleán chun críche Aguisín 1 a leasú de réir dhul chun cinn teicniúil, agus
- athchur fhorálacha áirithe de Threoir an Choimisiúin 2003/3/EC de 6 Eanáir 2003 agus ath-aistriú fhorálacha eile den Treoir sin.

I.R. Uimh. 859 de 2004

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aonaid Thomhas), 2004** Cuireann na Rialacháin seo síneadh breise leis an amscála inar féidir tiontú na gcomharthaí luais den chóras méadrach ar bhóithre a chur i gcrích.

I.R. Uimh. 860 de 2004

Rialacháin na Substaintí Contúirteacha (Stórais Mhiondíola agus Phríobháideacha Pheitрил) (Leasú), 2004** Forálann na Rialacháin seo leasú Rialacháin na Substaintí Contúirteacha (Stórais Mhiondíola agus Phríobháideacha Pheitрил), 1979, mar a leasaíodh cheana ag Rialacháin na Substaintí Contúirteacha (Stórais Mhiondíola agus Phríobháideacha Pheitрил), 1988, Rialacháin na

Substaintí Contúirteacha (Stórais Mhiondíola agus Phríobháideacha Pheitрил) 1999 agus Rialacháin na Substaintí Contúirteacha (Stórais Mhiondíola agus Phríobháideacha Pheitрил) (Leasú) 2002. De réir na Rialachán seo, mar ar glacadh leo in alt 29 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (Uimh. 7 de 1989), ní mór don údarás áitiúil nó cuain stóras miondíola agus príobháideach peitрил a cheadúnú nó, sa chás gur leis an údarás an stóras, ní mór don Údarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair é a cheadúnú. Forálann na Rialacháin seo arna leasú, inter alia, do riachtanais shábháilteachta do stáisiúin pheitрил, a tógadh roimh thús Rialacháin 1979, ionas gur féidir iad a cheadúnú le hoibriú go dtí 31 Nollaig 2006.

AGUISÍN 6

Treoracha ag leibhéal an AE ar glacadh leo le linn 2004

2004/21/EC

Treoir an Choimisiúin 2004/21/EC de 24 Feabhra 2004, maidir le srianta ar mhargú agus ar úsáid “aicsea-dhatháin” (an tríú oiriúnú déag de réir dhul chun cinn teicniúil Threoir na Comhairle 76/769/EEC).

2004/22/EC

Treoir 2004/22 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle. Treoir de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle maidir le huirlisí tomhas ar glacadh leis ar 30 Aibreán 2004.

2004/25/EC

Treoir de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 21 Aibreán 2004 maidir le hiarrachtaí táthcheangail.

2004/40/EC

Treoir 2004/40/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 29 Aibreán 2004 faoi na riachtanais íosta sláinte agus sábháilteachta atá ag oibrithe a bhfuil teagmháil acu le contúirtí a bhaineann le gníomhairí fisiciúla (réimsí leictreamaighnéadacha).

2004/48/EC

Treoir 2004/48/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 29 Aibreán 2004 maidir le forfheidhmiú cheart aonair ar mhaoin intleachtúil.

2004/72/EC

Treoir an Choimisiúin 2004/72/EC ar 29 Aibreán, 2004 a fhorfheidhmíonn Treoir 2003/6/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle maidir le cleachtas mhargaidh a nglactar leo, sainmhíniú faisnéise inmheánaí maidir le díorthaigh ar thráchtearraí, cur le chéile liostaí de dhaoine taobh istigh, fógairt idirbheart bhainisteoirí agus fógairt idirbheart amhrasach.

2004/73/EC

Treoir an Choimisiúin 2004/73/EC ar 29 Aibreán 2004 a leasaíonn den 29ú uair chun críche dhul chun cinn teicniúil Treoir na Comhairle 67/548/EEC maidir le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú substaintí contúirteacha.

2004/96/EC

Treoir an Choimisiúin 2004/96/EC ar 27 Meán Fómhair 2004 a leasaíonn Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta ar mhargú agus ar úsáid nicile do ghléasanna pollta craicinn chun críche Aguisín 1 a leasú de réir dhul chun cinn teicniúil.

2004/98/EC

Treoir an Choimisiúin 2004/98/EC de 30 Meán Fómhair 2004 a leasaíonn Treoir na Comhairle 76/769/EEC maidir le srianta ar mhargú agus ar úsáid éitir peinteabhrómadhéifinil i gcórais phráinne aslonnaithe eitleán chun críche Aguisín 1 a leasú de réir dhul chun cinn teicniúil.

Treoir 2004/108/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 15 Nollaig 2004 ar neasú dhlíthe na mBallstát maidir le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach agus ag aighairm na Treorach 89/336/EEC

2004/109/EC

Treoir 2004/109/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 15 Nollaig 2004 ar chomhchuíbhiú na riachtanas trédhearcachta maidir le faisnéis ar eisitheoirí a bhfuil cead ag a gcuid urrús trádáil ar mhargadh rialaithe agus ag leasú na Treorach.

2004/111/EC

Treoir an Choimisiúin 2004/111/EC ar 9 Nollaig 2004 a leasaíonn den chúigiú huair de réir dhul chun cinn teicniúil Treoir na Comhairle 94/55/EC ar neasú dhlíthe na mBallstát maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar.

2004/112/EC

Treoir an Choimisiúin 2004/112/EC ar 13 Nollaig 2004 a leasaíonn de réir dhul chun cinn teicniúil Treoir na Comhairle 95/50/EC ar nósanna imeachta aonchineálacha maidir le seiceáil iompar earraí contúirteacha de bhóthar.

2004/109/EC

Treoir 2004/109/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle maidir le híos-riachtanais do chuideachtaí liostaithe.

AGUISÍN 7

Orduithe Rialaithe Fostaíochta a rinneadh le linn 2004

Rinneadh na hOrduithe Rialaithe Fostaíochta seo a leanas le linn 2004. Shocraigh siad rátaí íosta pá agus smachtaigh siad coinníollacha fostaíochta sna tionscail a bhí i gceist:

1. 1. Comhchoiste Saothair Óstán, I.R. Uimh. 15
2. Comhchoiste Saothair Oibríthe Talmhaíochta, I.R. Uimh. 33
3. Comhchoiste Saothair Gruaigeadóireachta (Toghlach Chontae Chorcaí), I.R. Uimh. 43
4. Comhchoiste Saothair Glantóireachta Conartha (Cathair agus Contae Átha Cliath), I.R. Uimh. 59
5. Comhchoiste Saothair Glantóireachta Conartha (Iasmuigh de chathair agus de Chontae Átha Cliath), I.R. Uimh. 60
6. Comhchoiste Saothair Miondiola Grósaera agus Ceirdeanna Gaolmhara, I.R. Uimh. 88
7. Comhchoiste Saothair Lónadóireachta, I.R. Uimh. 144
8. Comhchoiste Saothair Gruaigeadóireachta, I.R., Uimh. 518
9. Comhchoiste Saothair Gruaigeadóireachta (Toghlach Chontae Chorcaí), I.R. Uimh. 519
10. Comhchoiste Saothair Cléireach Dlí, I.R. Uimh. 522
11. Comhchoiste Saothair Uiscí Aeraithe agus Buidéalaithe Miondiola, I.R. Uimh. 552
12. Comhchoiste Saothair Ciarsúr agus Uigí Tí, I.R. Uimh. 681
13. Comhchoiste Saothair Déanta Léinte, I.R. Uimh. 682
14. Comhchoiste Saothair Táilliúireachta, I.R. Uimh. 683
15. Comhchoiste Saothair Éadaí Ban agus Haitéarachta, I.R. Uimh. 684
16. Comhchoiste Saothair Lónadóireachta (Baile Átha Cliath), I.R. Uimh. 702

Comhaontuithe Cláraithe Fostaíochta le linn 2004

Faoi dheireadh 2004 bhí 45 Chomhaontú Fostaíochta ar an gClár a riarann an Chúirt Oibreachais. Cláraíodh Comhaontú nua amháin (a raibh baint aige le Póilíní Aerfoirt Aer Rianta/An tSeirbhis Tine) le linn na bliana. Athraíodh uair amháin le linn na bliana an Comhaontú don Tionscal Conraitheoireachta Leictreachais.

AGUISÍN 8

Comhlachtaí agus Oifigí a bhfuil baint acu leis an Roinn

Cuid 1 Comhlachtaí Státurraithe agus a gcuid Bord

FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón 01 8082000

Halla Mhuirfean, Bóthar na Trá, Dumhach Thrá, Baile Átha Cliath 4. Teileafón 01 808 2000

Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Teileafón 01 808 2000.
Suíomh Gréasáin: www.enterprise-ireland.com,
Ríomhphost: info@enterprise-ireland.com

Bunaíodh Fiontraíocht Éireann in Iúil 1998. Tá sé d'aidhm aige dlús a chur le forbairt náisiúnta agus réigiúnach na hÉireann trí chuidiú le comhlachtaí Éireannacha forbairt agus dul in iomaíocht ionas gur féidir leo fás ar mhargaid domhanda. Is é Fiontraíocht Éireann a dhaingníonn na tionscadail thábhachtacha margaiochta, forbartha gnó, oiliúna gnó, eolaíochta agus nuálaíochta trína dtacaíonn an Rialtas le fás thionscal na hÉireann.

CATHAOIRLEACH: Pat Molloy

BAILL EILE AN BHOIRD: Frank Ryan (Príomhfheidhmeannach), Kieran McGowan, Elaine Farrell, Brian Kearney, Veronica Perdisatt, Heather Ann McSharry, Gus Fitzpatrick, Lorraine Benson, John Connolly, Margaret Daly, Gerard O'Malley

FORFÁS

Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.
